RSA




# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

## 2010

An tÚdarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2010

"Cailleadh 212 duine in imbhuailtí bóithre in 2010, laghdú 26 nó 11% i gcomparáid le 2009 nuair a fuair 238 duine in iomlán bás."




*Ionad Tástála Tiomána an RSA, Cathair Phort Láirge*

# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 1 |
| Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh | 3 |
| Réamhrá | 6 |
| Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe | 12 |
| Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe | 22 |
| Caighdeáin Feithiclí agus Forfheidhmiú | 46 |
| Seirbhísí Corparáideacha | 55 |
| Aguisín | 64 |








Le meas ar theaghlaigh a chaill daoine muinteartha agus ar na daoine sin a fuair bás nó a gortaíodh ar na bóithre, glacaimis leis an dúshlán nua seo do na blianta amach romhainn. 'Fís Nialais'.

*Gay Byrne  Cathaoirleach an RSA*

# Ráiteas an Chathaoirligh

In 2010, fuair 212 duine bás ar ár mbóithre. Dá gcaillfí an oiread sin daoine i dtimpiste amháin, timpiste eitleáin mar shampla, bheadh aird an domhain mhóir ar an eachtra.



Is léir, dá ainneoin sin, go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh againn, gach bliain le cúig bliana anuas tá laghdú ag teacht ar an líon daoine atá ag fáil bháis ar na bóithre. Go deimhin, le trí bliana anuas, tá an laghdú is mó riamh tagtha ar an líon básanna ar na bóithre.

É sin ráite, tá daoine fós ag fáil bháis. Seachtain i ndiaidh seachtaine tá daoine fós ag fáil bháis agus á ngortú ar na bóithre agus táimidne, sa tsochaí trí chéile, fós ag glacadh leis an gcaillteanas neamhriachtanach seo.

Cén fáth nach mbíonn níos mó feirge ar dhaoine nuair atá an oiread sin daoine ag fáil bháis agus á ngortú i dtimpistí bóthair? De bhrí, is dócha, go bhfuil daoine ag fáil bháis anseo, agus ansiúd. Is de réir a chéile atá na daoine ag fáil bháis. Is leibhéal inghlactha é don tsochaí. Is nuair a chailltear go leor daoine sa timpiste chéanna, cosúil leis an timpiste uafásach a tharla i nDún na nGall i rith an tsamhraidh, timpiste inar maraíodh ochtar daoine óga, nó nuair a bhíonn drochdheireadh seachtaine againn, go dtugann daoine aird agus go n-éilíonn siad gníomh.

Ach ní mar sin a fhéachann an Bord, ná comhaltaí foirne an RSA ná mise ar an gcás. Ná na gníomhaireachtaí agus grúpaí aighneachta eile sin atá ag obair go síoraí seasta ar mhaithe le saol daoine a chosaint agus le gortuithe ar na bóithre a chosc.

Measaimid gurb ionann bás amháin agus cúis le dul i mbun gnímh.

Is léir dúinn ar fad go bhféadfaí formhór na mbásanna agus na ngortuithe a tharlaíonn ar na bóithre a chosc, agus dá réir sin, ní mór dúinn ár ndearcadh a athrú. Tá an-dul chun cinn déanta in Éirinn le cúig bliana anuas. Nuair a ceapadh mé mar Chathaoirleach ar an RSA in 2006, bhí a fhios agam go raibh dúshlán mór romham sa mhéid is go rabhamar ag iarraidh deireadh a chur le neamhaird a bheith á déanamh do shábháilteacht ar bhóithre le 30 bliain. Faoin tráth seo, áfach, is cúis dóchais dúinn go bhfuil aird á tabhairt ag formhór de mhuintir na hÉireann ar chultúr na sábháilteachta ar bhóithre. A bhuíochas libhse ar fad, cuireadh cosc ar na céadta básanna agus na mílte gortuithe.

Céard í an chéad chéim eile?

Tá Straitéis reatha an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre ag teacht chun deiridh in 2012 agus ní mór dúinn anois tosaíochtaí agus dúshláin nua a shonrú don chúig bliana amach romhainn.

Tá athrú ollmhór tagtha ar ár ndearcthaí agus ar ár n-iompar, ach tá athrú eile fós ag teastáil. Ní mór dúinn ár modh smaointeoireachta a athrú agus a thuiscint nach bhfuil leibhéal inghlactha básanna agus gortuithe ann lena nglacfaidh an tsochaí. Is leor bás amháin agus cúis le dul i mbun gnímh.

Táim ag iarraidh anois ar gach duine fís nua a bheith acu. Sa tSualainn, tagraíonn siad do 'Fís Nialais' agus is é an dearcadh sin atá mar chuid den bhonn leis na bóithre is sábháilte san Eoraip a bheith acu. Oibríonn gach duine sa tsochaí i dteannta lena chéile, mar phobal, chun an méid is féidir leo a dhéanamh chun básanna ar na bóithre a chosc.

Le meas ar theaghlaigh a chaill daoine muinteartha agus ar na daoine sin a fuair bás nó a gortaíodh ar na bóithre, glacaimis leis an dúshlán nua seo do na blianta amach romhainn. 'Fís Nialais'.

**Gay Byrne** *Cathaoirleach an RSA*

Is úsáideoirí bóithre leochaileacha iad tiománaithe óga de bharr a n-easpa taithí. Ba é sin an chúis gur fhógair an RSA, i Meán Fómhair 2010, pleananna chun an tslí a ndéantar tiománaithe a chur faoi oiliúint, a thástáil agus a cheadúnú in Éirinn a fheabhsú.

*Noel Brett Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an RSA*











*Ceannoifig an RSA, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo.*

# Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh



Ba bhliain dúshlánach, gnóthach agus torthúil í an bhliain 2010 don RSA.

Bhí an líon is lú básanna ar na bóithre in Éirinn le tabhairt faoi deara ó tosaíodh ar taifid a choimeád den chéad uair i 1959. Baineann fíorthábhacht leis seo i gcomhthéacs na hiarrachta atá ar bun go náisiúnta deireadh ar fad a chur le básanna agus le gortuithe ar na bóithre. Éacht ann féin, ach fós féin cailleadh 212 duine, gan chúis, ar na bóithre.

Bhí cúis faoi leith le gach timpiste – iompar úsáideoirí bóithre, tosca bóithre, feithiclí lochtacha, laige éigin nó meascán éagsúil de na tosca seo. Is léir tairbhe a bheith á baint as dul i ngleic leis na tosca cúisíocha seo ach fós féin ag deireadh na bliana 2010, bhí 212 bás le tuairisciú nach raibh gá ar bith leo.

Ní dhéanfar dearmad go deo ar na timpistí uafásacha a tharla i rith an tsamhraidh in 2010 lena raibh grúpaí daoine óga bainteach. Le linn deireadh seachtaine cinniúnaí amháin i lár mhí Iúil, fuair deichniúr bás ar bhóithre na hÉireann, ochtar díobh sin i dtimpiste uafásach amháin i nDún na nGall. Ba í sin an timpiste ba mheasa riamh sa tír seo. Go tragóideach, dhá mhí ina dhiaidh sin, fuair ceathrar déagóirí idir 15 agus 19 bliain d’aois bás i dtimpiste bóthair lasmuigh de Chill Airne, Co. Chiarraí.

Is úsáideoirí bóithre leochaileacha iad tiománaithe óga de bharr a n-easpa taithí. Sin é an chúis, i Meán Fómhair 2010, gur fhógair an RSA pleananna chun an tslí a ndéantar tiománaithe a chur faoi oiliúint, a thástáil agus a cheadúnú in Éirinn a fheabhsú.

Ar an 6 Nollaig, cuireadh an chéad cheann de na bearta seo, an riachtanas go dtabharfadh gluaisrothaithe faoi Bhunoiliúint Tosaigh (IBT) éigeantach le Teagascóir Tiomána Faofa(ADI) i bhfeidhm. Cuirfear tús le clár atá dírithe orthu siúd atá ag foghlaim conas carr a thiomáint – Oiliúint Riachtanach Tiománaí (EDT) – ar an 4 Aibreán 2011.

I measc na mbeart eile a chuirfear i bhfeidhm beidh an teorainn maidir le tiomáint faoi thionchar dí do thiománaithe gan taithí agus iad siúd a bhfuil láncheadúnas tiomána acu le níos lú ná dhá bhliain a ísliú go 20mg/100ml. Tá an reachtaíocht seo imithe trí thithe an Oireachtais agus cuirfear an reachtaíocht i bhfeidhm san fhómhar in 2001. Méadófar na pointí pionóis le haghaidh cionta sonraithe do thiománaithe faoi oiliúint agus do thiománaithe gan taithí. Forbrófar Tástáil chaighdeánach um Aireachtáil Guaiseacha agus beidh an tástáil le déanamh mar chuid de chéim an tiománaí gan taithí. Beidh dualgas ar thiománaithe nuacháilithe ‘R-phláta’ (srianta) a thaispeáint sa chéad dá bhliain i ndiaidh dóibh a láncheadúnas tiomána a fháil.

Ní hamháin go bhfuil na bearta seo riachtanach d’fhonn a chinntiú go mbeidh tiománaithe na todhchaí inniúil ar thiomáint, ba cheart go mbeidís i bhfeidhm le fada an lá.

Tabharfaidh an RSA tús áite d’fhorfheidhmiú na mbeart eile seo.

Gan amhras, ceann de na príomhscéalta maidir le sábháilteacht ar bhóithre a tuairiscíodh in 2010 ba iad na coinníollacha drochaimsire ó cheann ceann na tíre ag deireadh na bliana. I rith na géarchéime aimsire, thuairiscigh an RSA don Choiste Náisiúnta Práinnfhreagartha a bhí curtha ar bhun chun an ghéarchéim a bhainistiú. Fuaireamar mórán cúnaimh ó na meáin Chraolta agus Chlóite ar bhonn náisiúnta agus áitiúil agus táimid fíorbhuíoch dóibh.

Ní mór buíochas a ghabháil freisin leis na húsáideoirí bóithre. Ainneoin na ndroch-choinníollacha artacha, tháinig laghdú suntasach ar an líon daoine a fuair bás i rith na tréimhse fuaire. B’fhéidir go raibh sibh níos cúraimí nó gur ndearna sibh an cinneadh ciallmhar gan taisteal, cibé ar bith is léir go ndearna sibh difríocht agus tá moladh tuilte agaibh.

Cúis dóchais is ea, don chúigiú bliain as a chéile, gur éirigh le hÉire an líon daoine a maraíodh ar na bóithre a laghdú agus don tríú bliain as a chéile, an líon daoine a maraíodh ar na bóithre a laghdú go dtí na leibhéil is ísle riamh. Buaicphointe eile ba ea gur bhronn Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa sa Bhruiséil “Gradam PIN um Shábháilteacht ar Bhóithre 2010” ar Éirinn mar aitheantas ar an bhfeabhas gasta atá déanta againn maidir le sábháilteacht ar bhóithre. Tá Éire anois sa 6ú áit as 27 Ballstát an AE as a taifead um shábháilteacht ar bhóithre.

Ach mar atá ráite agam, dá ainneoin seo ar fad, tá daoine fós ag fáil bháis ar na bóithre.

Ceann de na forbairtí is suntasaí sa tsábháilteacht ar bhóithre ó cuireadh tús le Tástáil Éigeantach Alcóil é rolladh amach an Líonra Ceamaraí Sábháilteachta i mí na Samhna 2010.

Tá tionchar an chórais nua dochreidte go dtí seo agus is cinnte go bhfuil curtha go mór aige le bóithre níos sábháilte agus le tiománaithe níos sábháilte sa tír seo. Táim thar a bheith sásta go bhfuil formhór de phobal na tíre seo sásta tacú leis an scéim seo.

Chuir an RSA plean gnó dúshlánach i dtoll a chéile in 2010 agus rinne sé breis laghdú ar an ngá atá aige le Maoiniú Státchiste. Laghdaíodh an líon daoine atá fostaithe ag an Údarás freisin d'fhonn cloí le toirmeasc earcaíochta an rialtais. Go bunúsach, d'éirigh leis an RSA táirgiúlacht a mhéadú, feidhmeanna nua a bhunú agus cáilíocht a chuid seirbhísí a fheabhsú. Ní bheadh sé seo ar fad indéanta gan scil, solúbthacht, obair chrua agus diongbháilteacht chomhaltaí foirne an RSA.

Mar oifigeach cuntasaíochta, cúis áthais dom a thuairisciú go raibh barrachas buiséid ag an RSA in 2010 agus gur bhog sé i dtreo a bheith féinmhaoinithe. Tá léargas le fáil sna cuntais bhliantúla agus san iniúchadh C&AG ar chur chuige Bhord agus Fheidhmeannacht an RSA i ndáil leis an luach is fearr ar airgead a chinntiú, mar aon le hionracas agus le maoirseacht ar airgead poiblí. I mo ról mar oifigeach cuntasaíochta, táim freagrach as úsáid cheart a bhaint as €23,825,000 d'airgead Státchiste a chuirtear ar fáil don Údarás. Tá cuntais airgeadais an RSA le fáil ag deireadh na tuarascála seo.

Ag féachaint amach romhainn go 2011, is iad na tosaíochtaí a bheidh ag an RSA ná ullmhú le tús a chur le tástáil éigeantach alcóil ag láithreacha imbhuailtí, na srianta maidir le tiomáint faoi thionchar dí a laghdú agus tús a chur le 'Réamhthástáil Laige' nó córas tástála PIT cois bóthair do thiománaithe atá faoi thionchar drugaí.

Chomh maith leis sin, déanfaimid iarracht luas a chur faoi leasú an chórais Tástála Feithiclí Tráchtála agus déanfaimid an t-ullmhúchán cuí chun an Ceadúnas Tiomána a eisiúint mar Chárta Plaisteach freisin.

Chomh maith leis sin, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair iontach atá déanta ag na meáin chun aird na ndaoine a tharraingt ar shábháilteacht ar bhóithre. Táim thar a bheith buíoch as an tacaíocht ar fad a thug sibh dár dtionscnaimh um shábháilteacht ar bhóithre in 2010.

Is mian liom aitheantas speisialta a thabhairt d'iarrachtaí agus don méid atá bainte amach ag comhaltaí foirne an RSA i rith na bliana dúshlánaí seo agus sinn ag déileáil le foireann níos lú agus leis an toirmeasc earcaíochta, ach fós féin d'éirigh linn feabhas a chur ar na seirbhísí atá á gcur ar fáil againn agus ar ár dtionscadail éifeachtachta faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh.

Tá buíochas tuillte freisin ag ár gcomhpháirtithe ar fad a chuir go mór leis na feachtais éagsúla a bhí á reáchtáil againn in 2010. Tá ardmheas againn ar bhur dtacaíocht. Chabhraigh an cúnamh a thug Údaráis Áitiúla, an NRA agus An Garda Síochána ach go háirithe linn agus muid i mbun oibre.

Agus ar deireadh, is mian liom buíochas a ghabháil libhse, na húsáideoirí bóithre as bhur dtacaíocht agus bhur dtiomantas in 2010 i gcabhrú linn an líon daoine a fhaigheann bás ar na bóithre agus a mbaineann gortú dóibh ar na bóithre a laghdú. Is é an dúshlán atá amach romhainn in 2011 ná an dea-iompar sábhála beatha seo a chothú agus táim ag súil le bheith ag obair libh ar fad d'fhonn é seo a chinntiú.

**Noel Brett** *Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an RSA*



An tUas. Gay Byrne, Cathaoirleach an RSA, i dteannta le leanaí ó naíolann Chumann Tithíochta Sophia ag an seoladh ‘Simon agus a Chairde’, Acmhainn Réamh-bhunscoile.

# Réamhrá...

## BUNÚ

Is comhlacht reachtúil é an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) a cruthaíodh faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Bhunaigh Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimhir 477 de 2006 an RSA ar 13ú Meán Fómhair 2006.

### ÁR MISEAN

**Is é aidhm an RSA saolta a shábháil agus gortuithe a chosc trí líon agus déine na n-imbhuailtí ar an mbóthar a laghdú. Is é atá mar sprioc sonraithe ag Bord an RSA ná 'ag Obair chun Saolta a Shábháil'.**

### FEIDHMEANNA

**Sonraítear na feidhmeanna a bhfuil an RSA freagrach astu san Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Cuimsíonn siad tástáil agus oiliúint tiománaithe, caighdeáin feithiclí agus feidhmeanna áirithe forfheidhmithe, cur chun cinn na sábháilteachta ar bhóithre, oideachas tiománaithe agus taighde ar shábháilteacht ar bhóithre.**

**Sanntar na feidhmeanna seo faoi na Stiúrthóireachtaí seo a leanas:**

- **Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe**
- **Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**
- **Forfheidhmiú agus Caighdeáin Feithiclí**
- **Faigheann gach Stiúrthóireacht tacaíocht ó Sheirbhísí Corparáideacha.**



## Comhaltaí Boird

Seo a leanas comhaltaí an Bhoird a cheap an tUasal Martin Cullen TD, a bhí ina Aire Iompair ag an am, ar feadh tréimhse cúig bliana go dtí an 1ú Meán Fómhair 2011.



An tUas. Gay Byrne
Chairperson



Áine Cornally Uasal



Myra Garrett Uasal



An tUas. Paul Haran
*Cathaoirleach an Choiste Luach Saothair*



An tUas. Thomas Kelly



An tUas. Aaron MacHale



Ann McGuinness Uasal



An tUas. Tony McNamara
*Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí*



An tUas. John O'Gorman

## An Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin

Tá foireann faofa de 309 post coibhéiseach lánaimseartha ag an RSA, poist atá roinnte i gceithre aonad seachadta seirbhíse:

1. Forfheidhmiú agus Caighdeáin Feithiclí 2. Seirbhísí Corparáideacha 3. Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe
4. Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe



An tUas. Noel Brett
*Príomhfheidhmeannach*



Denise Barry Uasal
*Stiúrthóir, Forfheidhmiú agus Caighdeáin Feithiclí*



An tUas. Simon Buckley
*Stiúrthóir Gníomhach, Seirbhísí Corparáideacha*



An tUas. Declan Naughton
*Stiúrthóir, Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe*



An tUas. Michael Rowland
*Stiúrthóir, Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe*

Tá Éire ar cheann de na tíortha feidhmíochta is fearr san AE ó thaobh sábháilteachta ar bhóithre de. Tá Éire rangaithe sa 6ú háit anois as 27 tír an AE.

## Athbhreithniú ar Shábháilteacht ar Bhóithre 2010


**Cailleadh 212 duine in imbhuailtí bóithre in 2010, laghdú 26 nó 11% i gcomparáid le 2009 nuair a fuair 238 duine in iomlán bás de bharr imbhuailtí bóithre.**

Is ionann é seo agus laghdú 55% sa líon básanna ar bhóithre i gcomparáid le 1997 nuair a fuair 472 duine bás ar bhóithre na hÉireann.


Ba é 2010 an bhliain ba shábháilte ar bhóithre na hÉireann ó tosaíodh ar thaifead a choimeád i 1959, an bhliain ar tosaíodh ar taifid a choimeád. Léirithe mar mheán míosúil, b'ionann an líon na mbásanna in 2010 agus 18 in aghaidh na míosa. In 2006, bhí an figiúr cothrom le 30, le 28 in 2007, le 23 in 2008 agus bhí an figiúr sin cothrom le 20 in 2009.

Is é bunchuspóir Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2007-2012 ná básanna bóthair a laghdú go 60 ar a mhéad in aghaidh gach milliúin den daonra faoi dheireadh na bliana 2012. Is ionann é seo agus meán de 21 bás bóthair in aghaidh na míosa nó 252 bás in aghaidh na bliana.


*Sábháilteacht ar Bhóithre na hÉireann i gComhthéacs – 1960 go 2010*




*2010 Básanna de bharr Úsáideoirí bóithre*




*Sábháilteacht ar Bhóithre na hÉireann i gComhthéacs – 1960 go 2010*




## Básanna ar na bóithre de réir an mhodha iompair, 2000-2010

| An Cineál Úsáideora Bóithre | 2000 | 2001 | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Coisithe | 85 | 89 | 86 | 64 | 70 | 74 | 73 | 81 | 49 | 40 | 41 |
| Rothaithe Cos | 10 | 12 | 18 | 11 | 11 | 10 | 9 | 15 | 13 | 7 | 3 |
| Gluaisrothaithe | 39 | 50 | 44 | 55 | 50 | 56 | 29 | 33 | 29 | 25 | 17 |
| Úsáideoirí Carranna | 260 | 230 | 200 | 172 | 208 | 222 | 226 | 171 | 160 | 146 | 133 |
| Úsáideoirí PSV | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 6 | 3 | 1 | 0 | 1 | 1 |
| Feithicil Earraí | 17 | 26 | 20 | 27 | 25 | 22 | 18 | 32 | 20 | 17 | 13 |
| Eile nó Ní Fios | 4 | 4 | 7 | 6 | 10 | 6 | 7 | 5 | 8 | 2 | 4 |
| IOMLÁN | **415** | **411** | **376** | **335** | **374** | **396** | **365** | **338** | **279** | **238** | **212** |


## Seasamh na hÉireann maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre i gcomparáid le Tíortha Eile

De réir figiúirí sealadacha, tá Éire ar cheann de na tíortha is fearr ó thaobh sábháilteachta ar bhóithre de i measc thíortha an AE trí chéile. Tá Éire rangaithe anois sa 6ú háit as 27 Tír AE.

**Bhí Éire ar cheann de na tíortha is mó feabhais san Eoraip i dtéarmaí laghdú a bheith tagtha ar bhásanna bóthair idir 2001 agus 2010.**

**Ar an 22ú Meitheamh 2010 bronnadh "Gradam PIN um Shábháilteacht ar Bhóithre 2010" ar Éire ag 4ú Comhdháil PIN um Shábháilteacht ar Bhóithre de chuid Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC) sa Bhruiséil as a cuid iarrachtaí leanúnacha básanna bóthair a laghdú.**

**Cé gur éirigh go maith le hÉirinn ar leibhéal an AE in 2010, fós féin tá bearna mhór idir Éirinn agus thíortha dea-chleachtais cosúil leis an tSualainn, an Ríocht Aontaithe agus an Ísiltír. Taifeadadh 47 bás bóthair in aghaidh an mhilliúin den daonra in Éirinn in 2010 i gcomparáid leis an Ríocht Aontaithe, an tSualainn agus an Ísiltír ina taifeadadh níos lú ná 40 bás in aghaidh an mhilliúin den daonra.**




* Figiúirí sealadacha ná meastacháin náisiúnta le haghaidh 2010 de bhrí nach raibh na figiúirí deiridh le haghaidh 2010 ar fáil roimh an cháipéis a chur i gcló

** RA 2010: Tá meastachán an ETSC don RA ar fad bunaithe ar tháscaire Care Quick an CE. Beidh an figiúr deiridh don Bhreatain Mhór ar fáil ar an 24 Meitheamh 2011 ar www.dft.gov.uk/pgr/statistics.




1. http://ec.europa.eu/transport/road_safety/consultations/2009_06_22_training_education_en.htm

## Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2007-2012

**Tá an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre freagrach as, de réir an Achta fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006, tríú Straitéis an Rialtais um Shábháilteacht ar Bhóithre 2007 – 2012 a chur i dtoll a chéile agus as tuairisciú foirmiúil a dhéanamh uirthi.**

Ba é An Taoiseach, an tAire Iompair agus agus an tAire Dlí agus Cirt a sheol an Straitéis i mí Dheireadh Fómhair 2007.




Is é an phríomhaidhm atá leis an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2007 – 2012 ná an líon imbhuailtí, básanna agus gortuithe a tharlaíonn ar bhóithre na hÉireann a laghdú faoi 30%. Tá sé mar aidhm leis an straitéis go mbeadh Éire ar comhchéim leis na tíortha sin a meastar na bóithre is sábháilte ar domhan a bheith iontu, cosúil leis an Ísiltír, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe.

Is iad na ceithre ghné seo a leanas - Oideachas, Forfheidhmiú, Innealtóireacht agus Measúnú – creat beartais na Straitéise.

Déantar foráil sa Straitéis do 126 sainghníomh thar thréimhse sé bliana:

- saolta a shábháil agus gortuithe tromchúiseacha a chosc trí líon agus déine na n-imbhuailtí ar an mbóthar a laghdú;
- a chinntiú go mbeidh Éire ag teacht le dea-chleachtais sábháilteachta bóithre mar atá i bhfeidhm i dtíortha eile;
- gortuithe a laghdú faoi 25% ar a laghad.




*Gay Byrne agus an tAire Dempsey le Gradam PIN 2010 an ETSC*

## Painéal Comhairleach Beartais don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

Tá Painéal Comhairleach ar a bhfuil roinnt saineolaithe maidir le sábháilteacht ar bhóithre curtha ar bun le tacú le hobair an RSA i ndéanamh forbairt, forfheidhmiú agus measúnú ar bhearta comhtháite beartais a bhaineann leis an straitéis.

Cabhróidh an Grúpa Comhairleach an méid seo a leanas a chur i gcrích:

- éascóidh sé cumarsáid agus comhairliúchán idir pháirtithe leasmhara;
- soláthróidh sé rochtain ar fhaisnéis agus ar thaighde;
- cabhróidh sé leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre lena bheartais a fhorbairt, a fhorfheidhmiú agus a mheasúnú.



# Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe

Tá an Stiúrthóireacht um Thástáil agus Ceadúnú Tiománaithe freagach as an gcóras tástála tiománaithe agus as an réimeas ceadúnaithe tiománaithe a bhainistiú. Tá sé mar aidhm ag an Stiúrthóireacht a chinntiú go bhfuil an bealach a fhoghlaimíonn tiománaithe conas tiomáint agus na rialacha a leanann siad mar bhonn leis na bóithre a dhéanamh níos sábháilte do chách.



**Seo a leanas na tascanna a bhfuil an Stiúrthóireacht freagrach astu:**

- **an tSeirbhís Tástála Tiománaithe a sheachadadh;**
- **forbhreathnú a dhéanamh ar an réimeas Ceadúnaithe Tiománaithe;**
- **forbhreathnú a dhéanamh ar sheachadadh na Seirbhíse Tástála Teoirice Tiománaithe;**
- **córas na bpointí pionóis a bhainistiú.**



## An tSeirbhís um Thástáil Tiománaithe

Is é an aidhm atá ag an tseirbhís um thástáil tiománaithe ná tástáil tiomána cothrom agus éifeachtach a sheachadadh de réir Threoir an AE agus reachtaíocht náisiúnta. Tá tástálacha á reáchtáil i 51 ionad tástála ar fud na tíre. Tá an RSA tiomanta do chinntiú nach mbíonn custaiméirí ag fanacht ach 10 seachtaine, ar an meán, ar bhonn náisiúnta chun tástáil a dhéanamh agus d'éirigh leo é seo a bhaint amach i gcaitheamh na bliana 2010. I rith 2010, fuarthas 154,167 iarratas ar fad. Faoi dheireadh 2010, b'ionann an meántréimhse náisiúnta feithimh agus 9.5 seachtain agus as an 46,419 duine a bhí ag fanacht ar thástáil a dhéanamh, bhí coinne faighte ag 20,937, ní raibh 7,577 duine ar fáil le freastal ar an gcoinne tástála a bhí faighte acu agus bhí 17,905 ag fanacht le coinne a fháil. Tá léargas le fáil sa tábla thíos ar na tréimhsí feithimh mar a bhí ar an 31 Nollaig 2010.

### Meántréimhse Feithimh Le hAghaidh Carranna an 31 Nollaig 2010

| Réigiún/Ionad Tástála | Meántréimhse Feithimh de réir Seachtainí | Réigiún/Ionad Tástála | Meántréimhse Feithimh de réir Seachtainí |
|---|---|---|---|
| Baile Átha Luain | 11 | Baile Locha Riach | 10 |
| Béal an Átha | 8 | Mala | 9 |
| Biorra | 10 | Muineachán | 9 |
| Bun Cranncha | 9 | An Muileann gCearr | 10 |
| Ceatharlach | 10 | An Nás | 12 |
| Cora Droma Rúisc | 8 | An Uaimh | 11 |
| Caisleán an Bharraigh | 11 | An tAonach | 11 |
| An Cabhán | 8 | An Caisleán Nua | 8 |
| Baile an Teampaill | 10 | Port Laoise | 9 |
| An Clochán | 9 | Ráth Eanaigh | 9 |
| Cluain Meala | 10 | Ráth Garbh | 10 |
| Corcaigh | 11 | Ros Comáin | 9 |
| Dún na nGall | 10 | An tSionainn | 7 |
| Dún Dealgan | 11 | An Sciobairín | 8 |
| Dún Garbhán | 9 | Sligeach | 8 |
| Inis | 10 | Tamhlacht | 11 |
| Fionnghlas | 10 | Durlas | 10 |
| Gaillimh | 10 | Tiobraid Árann | 9 |
| Guaire | 12 | Trá Lí | 8 |
| Cill Chainnigh | 9 | Tuaim | 10 |
| Cill Airne | 9 | Tulach Mhór | 10 |
| Cill Rois | 11 | Port Láirge | 10 |
| Leitir Ceanainn | 9 | Loch Garman | 9 |
| Luimneach | 9 | Cill Mhantáin | 10 |
| An Longfort | 8 | **Iomlán** | **9.5** |

## Torthaí De Réir Catagóire Tástála Eanáir Go Nollaig 2010

| Cineál Tástála | Líon Iomlán Tástálacha | Pas | % | Teip | % | As Láthair | % | Ní dhearnadh* | % | Tréigeadh | % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A – GLUAISROTHAR | 4510 | 2266 | 69% | 1030 | 31% | 621 | 14% | 224 | 5% | 369 | 8% |
| A1 – GLUAISROTHAR BEAG | 467 | 99 | 39% | 154 | 61% | 118 | 25% | 49 | 10% | 47 | 10% |
| B - CARR/ VEAIN ÉADROM | 132339 | 49127 | 48% | 53491 | 52% | 13805 | 10% | 5419 | 4% | 10497 | 8% |
| C – TRUCAIL | 4371 | 2525 | 69% | 1146 | 31% | 201 | 5% | 69 | 2% | 430 | 10% |
| C1 – TRUCAIL ÉADROM / VEAIN MHÓR | 228 | 116 | 68% | 55 | 32% | 21 | 9% | 14 | 6% | 22 | 10% |
| TÁSTÁIL PHRAITICIÚIL CPC (BUS) | 1099 | 927 | 95% | 52 | 5% | 38 | 3% | 18 | 2% | 64 | 6% |
| TÁSTÁIL PHRAITICIÚIL CPC (TRUCAIL/ TRUCAIL ARTACH) | 1670 | 1447 | 95% | 80 | 5% | 34 | 2% | 12 | 1% | 97 | 6% |
| D – BUS | 1740 | 945 | 67% | 465 | 33% | 171 | 10% | 23 | 1% | 136 | 8% |
| D1 – MIONBHUS | 895 | 458 | 64% | 254 | 36% | 72 | 8% | 30 | 3% | 81 | 9% |
| EB - CARR/ VEAIN ÉADROM AGUS LEANTÓIR | 649 | 305 | 65% | 166 | 35% | 72 | 11% | 57 | 9% | 49 | 8% |
| EC – TRUCAIL ALTACH | 1975 | 1194 | 71% | 491 | 29% | 113 | 6% | 37 | 2% | 140 | 7% |
| EC1 – TRUCAIL ÉADROM/ VEAIN MHÓR AGUS LEANTÓIR | 16 | 9 | 82% | 2 | 18% | 1 | 6% | 4 | 25% | 0 | 0% |
| ED1 – MIONBHUS AGUS LEANTÓIR | 1 | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0% | 0 | 0% | 1 | 100% |
| M - MÓIPÉID | 43 | 4 | 31% | 9 | 69% | 11 | 26% | 14 | 33% | 5 | 12% |
| W – FEITHICIL OIBRE/ TARRACÓIR | 28 | 6 | 67% | 3 | 33% | 10 | 36% | 3 | 11% | 6 | 21% |
| Iomlán | 150031 | 59428 | 51% | 57398 | 49% | 15288 | 10% | 5973 | 4% | 11944 | 8% |

*Bíonn sé seo i gceist nuair nach gcomhlíonann an t-iarrthóir tástála coinníoll a bhaineann leis an tástáil m.sh. tá an ceadúnas foghlaimeora as dáta



## Torthaí Tástála Tiomána de réir Inscne don bhliain 2010

| Catagóir | Fireann | | | | Baineann | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Pas | Teip | %Pas | Iomlán | Pas | Teip | %Pas | Iomlán |
| **Iomlán** | 34993 | 30734 | 53.24% | 65727 | 24435 | 26664 | 47.82% | 51099 |

## Torthaí Tástála Tiomána de réir Aoisghrúpa don bhliain 2010

| Aoisghrúpa | Teip | Pas | Iomlán | %Pas |
|---|---|---|---|---|
| **16-21 bliain** | 16522 | 20841 | 37363 | 56% |
| **22-25 bliain** | 10009 | 11319 | 21328 | 53% |
| **26 agus níos sine** | 30867 | 27268 | 58135 | 47% |
| **Iomlán** | **57398** | **59428** | **116826** | **51%** |

## Ceadúnú Tiománaithe

Tá córas ceadúnaithe coitinn i bhfeidhm sna Ballstáit ar fad. Ciallaíonn sé seo go bhfuil ceadúnas tiomána Éireannach bailí i ngach Ballstát. Tá an RSA freagrach as feidhmiú an chórais cheadúnaithe tiománaithe, lena n-áirítear idirbheartaíochtaí maidir le saincheisteanna ceadúnaithe tiománaithe a thagann chun cinn ar leibhéal an AE. Is iad na húdaráis áitiúla (údaráis cheadúnaithe) atá freagrach as ceadúnais foghlaimeora agus as ceadúnais tiomána a eisiúint trí líonra na nOifigí Mótarchánach (MTOanna).

Is é ról an RSA ná treoirlínte a ullmhú agus a eisiúint chuig na MTOanna agus comhairle a chur ar an Aire Iompair maidir le saincheisteanna ceadúnaithe de réir mar is cuí. I Meán Fómhair 2010, d'fhógair an RSA raon beart bunaithe ar Cheadúnas Tiomána Grádaithe (GDL) le cur i bhfeidhm thar thréimhse áirithe ama. Áirítear i measc na mbeart a fógraíodh:

- ceachtanna éigeantacha do ghluaisrothaithe ar foghlaimeoirí iad,
- ceachtanna éigeantacha do thiománaithe cairr ar foghlaimeoirí iad,
- leibhéil alcóil níos ísle d'fhoghlaimeoirí agus do thiománaithe gan taithí,
- athbhreithniú a dhéanamh ar an tástáil teoirice tiomána,
- an tástáil tiomána a fheabhsú,
- machnamh a dhéanamh ar thús a chur le Tástáil um Aireachtáil Guaiseacha,
- roghanna breise pianbhreithe a thabhairt do na Cúirteanna le linn dóibh a bheith ag déileáil le cionta tiomána,
- dualgas a chur ar thiománaithe gan taithí R-Phlátaí a úsáid,
- níos mó pointí pionóis a thabhairt do chionta áirithe tiomána, agus
- cur leis an ról atá ag an tiománaí tionlacain (Urraitheoir) sa chéim foghlama chun tiomáint.

I mí na Nollag 2010, cuireadh tús le Bunoiliúint Tosaigh (IBT) do ghluaisrothaithe agus in Aibreán 2011 cuireadh tús le hOiliúint Tiománaithe Riachtanach (EDT) do thiománaithe cairr ar foghlaimeoirí iad. Tá an reachtaíocht chuí i bhfeidhm anois freisin chun tús a chur le leibhéil níos ísle alcóil agus leanfar leis seo a chur i bhfeidhm sa dara leath de 2011. Táthar ag leanúint ar aghaidh le hobair a dhéanamh ar bhearta eile chomh maith.

## Ceadúnais Tiomána Reatha de réir Cineáil i ngach Údarás Ceadúnúcháin ar an 31 Nollaig 2010

| Údarás Ceadúnúcháin | Ceadúnais Foghlaimeora | Ceadúnais Bhliantúla | Ceadúnais Tríbhliantúla | Ceadúnais 10 mBliana | Líon Iomlán na gCeadúnas Tiomána |
|---|---|---|---|---|---|
| Comhairlí Contae | | | | | |
| CEATHARLACH | 4,323 | 118 | 2,809 | 29,281 | 36,531 |
| AN CABHÁN | 4,639 | 88 | 3,649 | 33,577 | 41,953 |
| AN CLÁR | 6,586 | 238 | 6,479 | 59,919 | 73,222 |
| *CORCAIGH | 30,313 | 785 | 27,579 | 255,375 | 314,052 |
| DÚN NA NGALL | 8,424 | 282 | 8,249 | 80,004 | 96,959 |
| *GAILLIMH | 14,789 | 337 | 12,204 | 124,127 | 151,457 |
| CIARRAÍ | 8,421 | 206 | 8,678 | 74,438 | 91,743 |
| CILL DARA | 12,771 | 220 | 7,347 | 101,138 | 121,476 |
| CILL CHAINNIGH | 6,057 | 258 | 4,704 | 44,637 | 55,656 |
| LAOIS | 4,778 | 208 | 3,438 | 33,653 | 42,077 |
| LIATROIM | 1,795 | 76 | 1,873 | 15,998 | 19,742 |
| LUIMNEACH | 7,561 | 226 | 7,087 | 70,493 | 85,367 |
| AN LONGFORT | 2,460 | 39 | 2,085 | 18,055 | 22,639 |
| LÚ | 7,568 | 197 | 5,291 | 53,591 | 66,647 |
| MAIGH EO | 7,341 | 281 | 7,164 | 65,665 | 80,451 |
| AN MHÍ | 10,350 | 237 | 7,344 | 86,105 | 104,036 |
| MUINEACHÁN | 3,426 | 80 | 3,276 | 31,024 | 37,806 |
| UÍBH FHAILÍ | 4,801 | 134 | 3,577 | 35,579 | 44,091 |
| ROS COMÁIN | 3,538 | 123 | 4,080 | 31,659 | 39,400 |
| SLIGEACH | 3,618 | 145 | 3,832 | 33,142 | 40,737 |
| TIOBRAID ÁRANN THUAIDH | 4,476 | 163 | 4,270 | 35,925 | 44,834 |
| TIOBRAID ÁRANN THEAS | 6,257 | 185 | 5,060 | 43,210 | 54,712 |
| | | | | | |
| PORT LÁIRGE | 3,619 | 105 | 3,655 | 32,100 | 39,479 |
| AN IARMHÍ | 5,452 | 178 | 4,115 | 40,545 | 50,290 |
| LOCH GARMAN | 9,434 | 770 | 7,440 | 69,641 | 87,285 |
| CILL MHANTÁIN | 8,460 | 304 | 6,585 | 66,596 | 81,945 |
| Comhairlí Cathrach | | | | | |
| *BAILE ÁTHA CLIATH | 81,313 | 1,989 | 57,082 | 532,471 | 672,855 |
| LUIMNEACH | 3,683 | 76 | 2,877 | 22,312 | 28,948 |
| PORT LÁIRGE | 3,624 | 63 | 2,443 | 22,528 | 28,658 |
| **IOMLÁN** | **279,877** | **8,111** | **224,272** | **2,142,788** | **2,655,048** |
| **Athrú ón 31 Nollaig 2009** | **-6,238** | **-115** | **25,613** | **-12,619** | **6,641** |



## Coinbhinsiún na hEorpa ar Dhícháilíochtaí Tiomána

Ón 28 Eanáir 2010 tá Coinbhinsiún na hEorpa ar Dhícháilíochtaí Tiomána i bhfeidhm ag Éire agus ag an Ríocht Aontaithe. Ciallaíonn sé sin do shealbhóir ceadúnais sa RA, a chónaíonn in Éirinn agus atá dícháilithe ón dtiomáint de thoradh ciona tráchta a rinneadh ar nó i ndiaidh an dáta sin, go n aithneofar anseo é agus ní cheadófar dó/di tiomáint in Éirinn. Beidh an éifeacht chéanna sa Ríocht Aontaithe i gcás dícháilíochtaí a fhorchuirtear in Éirinn ar shealbhóirí ceadúnais a chónaíonn sa RA.

**Fógraí maidir le Dícháilíochtaí Frithpháirteacha idir Éire agus an R.A. 2010**

- fógra don Bhreatain Mhór i leith dícháilíochta in Éirinn 12
- fógra d'Éire i leith dícháilíochta sa Bhreatain Mhór 4
- fógra d'Éire i leith dícháilíochta i dTuaisceart Éireann 43
- fógra do TÉ i leith dícháilíochta in Éirinn 35

## POINTÍ PIONÓIS

Tugadh pointí pionóis isteach in Éirinn in 2002. Is cuspóir den chóras é iompraíocht thiománaithe a fheabhsú agus sábháilteacht ar ár mbóithre a fheabhsú.

Ag deireadh na bliana 2010, bhí 42 cion i gcóras na bpointí pionóis agus baineann gach ceann acu le cionta sábháilteachta.

Bíonn muirear (fíneáil) seasta ag dul le formhór na gcionta pointí pionóis ach i gcás cuid acu is toghairm uathoibríoch chun na cúirte a bhíonn i gceist gan an rogha fíneáil a íoc. Nuair a dhéantar líomhain in aghaidh duine go ndearna sé/sí cion, tugtar 56 lá dó/di an fíneáil a íoc ón lá a fhaigheann sé/sí Fógra Muirir Sheasta ó na Gardaí . Méadaíonn an fíneáil 50% mura n-íoctar í le linn an chéad 28 lá. Mura bhfaightear íocaíocht laistigh de 56 lá cuirtear tús le himeachtaí cúirte.

Cuirtear pointí pionóis i bhfeidhm ar thaifid cheadúnais thiomána na ndaoine sin a íocann an muirear seasta, agus orthu sin a chiontaítear sa chúirt maidir le cionta pointí pionóis. Cuirtear pointí pionóis breise i bhfeidhm tar éis ciontaithe cúirte .i. faigheann duine a chiontaítear sa chúirt ar chion luais 4 phointe agus is 2 phointe a bhíonn i gceist nuair a íoctar muirear seasta.

I gcás pointí pionóis a bheith á dtaifeadadh ar thaifead ceadúnas tiomána, tugann fógra le fios 28 lá roimh ré cén uair a thiocfaidh na pointí i bhfeidhm. Níl tionchar ar bith ag dáta an chiona, eisiúint an fhógra muirir sheasta, íocaíocht na fíneála nó an dáta cúirte ar cén uair a chuirfear pointí pionóis i bhfeidhm ar thaifead ceadúnais.

Is ar cheadúnas tiomána reatha amháin ar féidir na pointí a chur i bhfeidhm. Mura bhfuil ceadúnas ag an duine nó má tá an ceadúnas as dáta tiocfaidh na pointí i bhfeidhm ar an gcéad dáta ó shealbhú/athnuachan an cheadúnais. Fanann na pointí ar cheadúnas reatha ar feadh tréimhse trí bliana. Má bhailíonn 12 pointe ar cheadúnas dícháileofar an sealbhóir ó thiomáint ar feadh tréimhse 6 mhí agus i ndiaidh na tréimhse sin bainfear na pointí den taifead.

**GET THE POINT**
**NOT THE POINTS!**



| **CIONTA A THABHAÍONN POINTÍ PIONÓIS** | Pointí pionóis de réir íocaíochta | **Pointí pionóis de réir ciontaithe** | Muirear Seasta € | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Méid íoctha i 28 lá | Méid íoctha sa chéad 28 lá eile |
| Ag úsáid feithicle (carr) gan deimhniú tástála | m* | 5 | Fíneáil Cúirte | |
| Ag tiomáint feithicle sula ndéantar locht chontúirteach a cheartú | m* | 3 | Fíneáil Cúirte | |
| Ag tiomáint feithicle a mbaineann lochtanna contúirteacha léi | m* | 5 | Fíneáil Cúirte | |
| Ag tiomáint feithicle gan deimhniú ródacmhainneachta | m* | 5 | Fíneáil Cúirte | |
| Tuairteáil in aghaidh droichid, s.rl. | m* | 3 | Fíneáil Cúirte | |
| Ag tiomáint le fón póca á úsáid | 2 | 4 | 60 | 90 |
| Scoitheadh contúirteach | 2 | 5 | 80 | 120 |
| Teip gníomhú de réir comhartha Gharda | 1 | 3 | 80 | 120 |
| Teip feithicil a stopadh roimh chomhartha stop/líne stop | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Teip ceart slí a ghéilleadh ag comhartha géill slí/líne géill slí | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Trasnú líne báine leanúnaí | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Iontráil an tiománaí i limistéar greanta marcáilte den bhóthar, m.sh. Lána laghdaithe carrbealaigh | 1 | 3 | 80 | 120 |
| Teip géilleadh do shoilse tráchta | 2 | 5 | 80 | 120 |
| Teip géilleadh do rialacha tráchta ag crosaire iarnróid chomhréidh | 2 | 5 | 80 | 120 |
| Ag tiomáint feithicle ar mhótarbhealach in aghaidh sruth na tráchta | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Ag tiomáint ar an ngualainn chrua ar mhótarbhealach | 1 | 3 | 80 | 120 |
| Ag tiomáint HGV (faoi réir gnáth-theorainn luais de 80 km san uair nó níos lú) sa lána lasmuigh ar mhótarbhealach nó ar dhébhealach | 1 | 3 | 80 | 120 |
| Teip tiomáint ar thaobh na láimhe clé den bhóthar | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Teip géilleadh do riachtanais ag acomhail, m.sh. Gan a bheith sa lána ceart nuair atáthar ag casadh go bóthar eile | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Teip géilleadh do riachtanais maidir le cúlú feithiclí, .i. Ag cúlú ó mhionbhóthar go príomhbhóthar | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Ag tiomáint ar chosán | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Ag tiomáint ar raon rothar | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Teip casadh ar chlé nuair atáthar ag druidim le timpeallán | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Tiomáint ar stráice meánach, m.sh. Teorann idir dhá dhébhealach | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Teip stopadh do chomhartha mhaoir scoile | 1 | 4 | 80 | 120 |
| Teip stopadh nuair a éilíonn ball den Gharda Síochána é | 2 | 5 | 80 | 120 |
| Teip spás cuí a fhágáil idir tú agus an feithicil romhat | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Teip géilleadh slí | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Ag tiomáint gan aird chuí | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Teip cloí le comharthaí sainordaitheacha tráchta ag acomhail | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Teip cloí le comharthaí coiscthe tráchta | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Teip cloí leis na comharthaí fan ar chlé/dheis | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Teip cloí le marcanna na lánaí tráchta | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Iontráil neamhdhleathach ar shráid aontreo | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Ag tiomáint feithicle nuair atáthar neamh-infheidhme | m* | 3 | Fíneáil Cúirte | |
| Ag páirceáil feithicle i suíomh contúirteach | m* | 5 | Fíneáil Cúirte | |
| Sárú dualgas ag timpiste | m* | 5 | Fíneáil Cúirte | |
| Tiomáint róthapa | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Ag tiomáint gan árachas | m* | 5 | Fíneáil Cúirte | |
| Teip an tiománaí géilleadh do riachtanais maidir le crios sábhála tosaigh | 2 | 4 | 60 | 90 |
| Teip an tiománaí géilleadh do riachtanais maidir le crios sábhála cúil do phaisinéirí faoi bhun 17 bliain | 2 | 4 | 60 | 90 |
| Tiománaí ag tiomáint go míchúramach | m* | 5 | Fíneáil Cúirte | |

**12 Pointe Pionóis = Dícháiliú Uathoibríoch!**

* Láithreas Sainordaitheach Cúirte

## Tábla 1 – Miondealú ar Thiománaithe de réir Contae & Líon na bPointí Pionóis Faighte ar an 31ú Nollaig 2010

| ***Contae | Líon na dTiománaithe | | | | | | | | | | | | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1 P.P. | 2 P.P. | 3 P.P. | 4 P.P. | 5 P.P. | 6 P.P. | 7 P.P. | 8 P.P. | 9 P.P. | 10 P.P. | 11 P.P. | 12 P.P. * | |
| CEATHARLACH | 121 | 4,453 | 33 | 1,110 | 18 | 271 | 6 | 69 | 4 | 27 | 1 | 5 | 6,118 |
| AN CABHÁN | 106 | 4,970 | 54 | 888 | 26 | 194 | 4 | 49 | 1 | 8 | 3 | 1 | 6,304 |
| AN CLÁR | 151 | 9,181 | 61 | 1,750 | 47 | 382 | 15 | 91 | 7 | 16 | 3 | 2 | 11,706 |
| CORCAIGH | 1,879 | 32,346 | 706 | 6,666 | 421 | 1,461 | 139 | 392 | 45 | 100 | 18 | 29 | 44,202 |
| DÚN NA NGALL | 163 | 8,670 | 80 | 1,444 | 44 | 280 | 7 | 64 | 7 | 12 | 1 | 1 | 10,773 |
| GAILLIMH | 315 | 14,243 | 94 | 2,586 | 109 | 518 | 17 | 106 | 6 | 19 | 1 | 11 | 18,025 |
| CIARRAÍ | 131 | 8,397 | 42 | 1,464 | 31 | 314 | 8 | 78 | 2 | 20 | 1 | 5 | 10,493 |
| CILL DARA | 365 | 18,972 | 195 | 4,761 | 109 | 1,215 | 39 | 301 | 15 | 60 | 2 | 5 | 26,039 |
| CILL CHAINNIGH | 166 | 8,321 | 70 | 1,970 | 35 | 496 | 20 | 140 | 2 | 30 | | 3 | 11,253 |
| LAOIS | 79 | 5,979 | 43 | 1,359 | 33 | 330 | 12 | 94 | 9 | 22 | | 7 | 7,967 |
| LIATROIM | 33 | 2,401 | 14 | 443 | 7 | 100 | 4 | 17 | 2 | 2 | | | 3,023 |
| COMHAIRLE CONTAE LUIMNIGH | 297 | 9,724 | 95 | 1,825 | 65 | 378 | 16 | 89 | 9 | 21 | 3 | 5 | 12,527 |
| AN LONGFORT | 42 | 2,592 | 10 | 485 | 26 | 94 | 4 | 33 | 2 | 3 | 1 | 4 | 3,296 |
| LÚ | 171 | 7,842 | 73 | 1,449 | 46 | 294 | 11 | 64 | | 17 | 3 | 1 | 9,971 |
| MAIGH EO | 104 | 7,434 | 47 | 1,264 | 38 | 266 | 8 | 53 | 3 | 17 | 1 | | 9,235 |
| AN MHÍ | 421 | 14,564 | 223 | 3,176 | 125 | 695 | 26 | 181 | 17 | 49 | 3 | 3 | 19,483 |
| MUINEACHÁN | 81 | 3,854 | 29 | 627 | 25 | 123 | 2 | 23 | 1 | 2 | | | 4,767 |
| UÍBH FHAILÍ | 77 | 5,621 | 16 | 1,248 | 29 | 275 | 7 | 68 | 4 | 21 | 2 | 1 | 7,369 |
| ROS COMÁIN | 76 | 4,696 | 33 | 891 | 12 | 164 | 4 | 46 | 2 | 9 | 1 | | 5,934 |
| SLIGEACH | 139 | 5,442 | 55 | 1,187 | 29 | 244 | 11 | 68 | 4 | 7 | | 2 | 7,188 |
| TIOBRAID ÁRANN THUAIDH | 74 | 5,574 | 35 | 1,143 | 34 | 270 | 4 | 58 | 2 | 17 | | 1 | 7,212 |
| TIOBRAID ÁRANN THEAS | 128 | 6,108 | 48 | 1,271 | 40 | 282 | 12 | 67 | 6 | 9 | 1 | 2 | 7,974 |
| COMHAIRLE CONTAE PHORT LÁIRGE | 80 | 5,180 | 32 | 1,059 | 12 | 244 | 8 | 68 | 2 | 14 | 2 | 2 | 6,703 |
| AN IARMHÍ | 109 | 5,569 | 52 | 1,071 | 30 | 250 | 9 | 70 | 2 | 15 | 2 | 5 | 7,184 |
| LOCH GARMAN | 166 | 12,400 | 74 | 2,980 | 63 | 741 | 33 | 224 | 8 | 66 | 2 | 17 | 16,774 |
| CILL MHANTÁIN | 341 | 11,757 | 157 | 2,612 | 86 | 631 | 28 | 146 | 7 | 39 | 2 | 4 | 15,810 |
| COMHAIRLE CATHRACH BHAILE ÁTHA CLIATH | 5,939 | 82,227 | 2,408 | 17,917 | 1,197 | 4,147 | 360 | 1,093 | 140 | 248 | 44 | 54 | 115,774 |
| COMHAIRLE CATHRACH LUIMNIGH | 150 | 3,012 | 56 | 641 | 41 | 119 | 10 | 35 | 8 | 7 | 3 | 3 | 4,085 |
| COMHAIRLE CATHRACH PHORT LÁIRGE | 37 | 3,718 | 23 | 873 | 15 | 227 | 7 | 53 | 2 | 9 | | 4 | 4,968 |
| Uimhir Tiomána ar Bith | 4,863 | 185,116 | 1,194 | 44,609 | 25,442 | 14 | 2 | 3 | 1 | 1 | | | 261,245 |
| **Móriomlán** | **16,804** | **500,363** | **6,052** | **110,769** | **28,235** | **15,019** | **833** | **3,843** | **320** | **887** | **100** | **177** | **683,402** |

**Cur den bhóthar ar feadh sé mhí atá mar thoradh ar 12 pointe pionóis a fháil.*
****Tagraíonn contae don chontae inar eisíodh an ceadúnas tiomána*


| MIONDEALÚ AR THIOMÁNAITHE DE RÉIR AN CHINEÁIL CHEADÚNAIS | LÁNCHEADÚNAIS | CEADÚNAIS FOGHLAIMEORA | GAN CEADÚNAS |
|---|---|---|---|
| | 394,589 | 27,568 | 261,245 |

# Miondealú ar Chionta Pointí Pionóis de réir Cineáil agus Contae - Nollaig 2010

| CINEÁL CIONTA | **Ceatharlach | An Cabhán | An Clár | Corcaigh | Dún na nGall | Gaillimh | Ciarraí | Cill Dara | Cill Chainnigh | Laois | Liatroim | Comhairle Contae Luimnigh | An Longfort | Lú | Maigh Eo | An Mhí | Muineachán | Uíbh Fhailí | Ros Comáin | Sligeach | Tiobraid Árann Thuaidh | Tiobraid Árann Theas | Comhairle Contae Phort Láirge | An Iarmhí | Loch Garman | Cill Mhantáin | Bhaile Átha Cliath | Comhairle Cathrach Luimnigh | Comhairle Cathrach Phort Láirge | Uimhir Tiomána ar Bith | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sárú dualgas tráth timpiste | 1 | 2 | 1 | 5 | | 5 | 5 | 3 | | 1 | | 4 | | 1 | 2 | 2 | | 3 | | | | | | 1 | 1 | | 11 | | | 1,132 | 1,180 |
| Sárú na rialach maidir le tiomáint i lána lasmuigh an mhótarbhealaigh | 3 | 6 | 1 | 18 | 5 | 2 | 2 | 22 | 10 | 14 | | 6 | 3 | 27 | 2 | 19 | 19 | 2 | 5 | 1 | 4 | 7 | 1 | 3 | 7 | 10 | 68 | 1 | | 534 | 802 |
| Tiomáint Neamhaireach | 1 | 3 | 2 | 48 | 2 | 18 | 4 | 5 | 1 | 4 | 1 | 2 | 2 | | 4 | 3 | 2 | 3 | 1 | | 1 | 1 | | | 2 | 2 | 42 | | 1 | 4,309 | 4,464 |
| Sárú na riachtanas ag acomhail | 1 | 3 | | 3 | | | | 2 | | | | | | | 2 | 1 | 1 | 1 | | | | | 1 | | 2 | | 30 | | | 9 | 56 |
| Sárú na riachtanas cúlaithe | | | 1 | 4 | 1 | 2 | | 3 | 2 | 1 | | 1 | 1 | 2 | 1 | 2 | | | | | | | | | 2 | 1 | 24 | 1 | | 23 | 72 |
| Trasnú líne báine leanúnaí/líne báine briste | 248 | 176 | 315 | 1,220 | 442 | 466 | 527 | 422 | 454 | 217 | 57 | 309 | 96 | 106 | 299 | 357 | 121 | 229 | 135 | 145 | 200 | 273 | 209 | 194 | 324 | 202 | 1,223 | 90 | 110 | 3,577 | 12,743 |
| Tiomáint Chontúirteach Laghdaithe go Tiomáint Neamhaireach | | | 1 | 14 | 3 | 5 | 1 | 2 | | 1 | 1 | 2 | 1 | | 1 | 1 | | 5 | | 1 | | 2 | | 1 | 1 | | 6 | 1 | 1 | 1,916 | 1,967 |
| Tiomáint in aghaidh sruth na tráchta ar mhótarbhealach | 1 | | | 3 | | 1 | | 2 | 1 | 3 | | 1 | | 1 | | 1 | | | | | | | | 2 | 3 | | 11 | | | 36 | 66 |
| Tiomáint ar ghualainn chrua/bóthar nach carrbhealach é - mótarbhealach | 6 | 4 | 3 | 31 | 4 | 6 | 2 | 61 | 5 | 6 | 2 | 2 | 1 | 12 | 4 | 32 | 2 | 8 | 4 | 2 | 3 | 3 | 1 | 16 | 2 | 28 | 166 | | | 345 | 761 |
| Tiomáint feithicle nuair atáthar neamh-infheidhme | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 4 | 4 |
| Tiomáint feithicle agus fón póca á úsáid | 1,575 | 1,169 | 1,862 | 9,729 | 1,175 | 3,811 | 2,092 | 4,403 | 2,604 | 1,812 | 356 | 2,240 | 554 | 1,396 | 1,279 | 3,797 | 712 | 1,526 | 912 | 983 | 1,157 | 1,035 | 1,108 | 1,972 | 2,953 | 2,561 | 19,477 | 768 | 820 | 19,355 | 95,193 |
| Tiomáint feadh/trasna stráice meánaigh | 10 | 12 | 13 | 67 | 19 | 22 | 17 | 17 | 15 | 15 | 1 | 42 | 8 | 23 | 12 | 27 | 8 | 16 | 9 | 9 | 10 | 17 | 11 | 16 | 13 | 11 | 157 | 13 | 10 | 214 | 834 |
| Tiomáint feithicle a mbaineann lochtanna contúirteacha léi | | | 2 | 1 | 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 25 | 29 |
| Tiomáint MPB sula ndéantar ceartú ar locht | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | 1 |
| Tiomáint ar/trasna raoin rothar | | | | 1 | | 2 | | | 2 | | | | | | | 3 | | | | | | | | 1 | | | 41 | 1 | | 9 | 60 |
| Tiomáint ar/trasna cosáin | | 2 | 1 | 2 | 1 | 5 | 1 | 5 | 1 | 2 | | | 1 | 3 | 1 | 7 | | | 1 | 1 | | | | 1 | 3 | 2 | 63 | 3 | | 52 | 158 |
| Tiomáint gan aird chuí | 124 | 114 | 200 | 1,114 | 218 | 668 | 198 | 427 | 299 | 233 | 40 | 209 | 134 | 216 | 244 | 387 | 81 | 199 | 107 | 84 | 122 | 124 | 170 | 224 | 310 | 335 | 2,907 | 71 | 94 | 3,970 | 13,623 |
| Iontráil i limistéar greanta marcáilte | 54 | 56 | 31 | 432 | 175 | 201 | 83 | 117 | 64 | 34 | 15 | 72 | 9 | 55 | 62 | 101 | 55 | 25 | 39 | 36 | 33 | 81 | 61 | 42 | 125 | 153 | 859 | 24 | 37 | 1,277 | 4,408 |
| Sárú ar an ngnáth-luasteorainn (aicme feithicle) | | | | 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | | | | | 5 | 8 |
| Sárú ar an luasteorainn le haghaidh oibreacha bóthair | | 5 | 4 | 104 | 2 | 6 | 2 | 8 | 2 | | | 3 | 1 | 3 | | 29 | | 1 | 1 | 1 | 2 | 2 | 8 | 1 | 4 | 5 | 162 | 2 | 1 | 251 | 610 |
| Teip gníomhú de réir comhartha na nGardaí | 1 | | | 3 | | 1 | 1 | 2 | | | | | | 1 | 1 | | | | | | 1 | | 1 | | 2 | 2 | 17 | | | 7 | 40 |
| Teip cloí leis na comharthaí Fan ar Dheis/Chlé | 2 | | 3 | 13 | 1 | 2 | 1 | 2 | 2 | | | 1 | | 1 | | 2 | 4 | | 1 | 3 | | 1 | | 2 | 4 | 2 | 30 | | | 25 | 102 |
| Teip cloí le comharthaí sainordaitheacha tráchta | 8 | 4 | 12 | 131 | 3 | 17 | 4 | 28 | 9 | 5 | 7 | 18 | | 10 | 5 | 27 | 3 | 1 | 6 | 20 | 2 | 4 | 2 | 3 | 11 | 37 | 480 | 13 | | 178 | 1,048 |
| Teip cloí le comharthaí tráchta Cosc ar Iontráil | 3 | 5 | 18 | 112 | 9 | 56 | 16 | 25 | 7 | 8 | 4 | 54 | 9 | 24 | 15 | 34 | 1 | 7 | 4 | 21 | 6 | 8 | 3 | 8 | 12 | 14 | 375 | 27 | 4 | 226 | 1,115 |
| Teip cloí le comharthaí coiscthe tráchta | 82 | 63 | 113 | 1,299 | 57 | 97 | 48 | 367 | 162 | 73 | 19 | 171 | 30 | 127 | 67 | 490 | 35 | 48 | 46 | 118 | 46 | 69 | 34 | 89 | 109 | 341 | 7,620 | 124 | 21 | 2,763 | 14,728 |
| Teip cloí le marcanna na lánaí tráchta | 8 | 12 | 41 | 920 | 9 | 27 | 18 | 34 | 19 | 7 | 7 | 86 | 5 | 14 | 9 | 50 | 3 | 5 | 7 | 25 | 23 | 21 | 14 | 8 | 31 | 18 | 552 | 32 | 7 | 599 | 2,611 |
| Teip tiomáint ar thaobh na láimhe clé | 1 | 14 | 5 | 144 | 1 | 5 | 8 | 15 | 3 | 1 | 1 | 5 | 4 | 8 | 4 | 29 | 1 | 3 | 2 | 2 | 3 | 6 | 7 | 6 | 7 | 13 | 152 | 1 | 1 | 119 | 571 |
| Teip géilleadh do na rialacha ag crosaire iarnróid comhréidh | | | | 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 1 | 2 | 4 | | | 5 | 13 |
| Teip géilleadh do shoilse tráchta | 138 | 133 | 277 | 2,654 | 189 | 754 | 205 | 750 | 227 | 147 | 32 | 317 | 64 | 349 | 235 | 854 | 142 | 125 | 89 | 178 | 155 | 154 | 185 | 205 | 347 | 612 | 9,608 | 227 | 266 | 5,524 | 25,142 |
| Teip stopadh roimh chomhartha stop/líne stop | 31 | 21 | 25 | 70 | 26 | 25 | 24 | 30 | 32 | 13 | 1 | 20 | 14 | 36 | 22 | 99 | 14 | 19 | 14 | 11 | 14 | 23 | 36 | 14 | 57 | 19 | 187 | 27 | 23 | 301 | 1,248 |
| Teip stopadh do na Gardaí | 1 | 2 | 6 | 17 | 3 | 8 | 1 | 4 | 3 | 1 | | 3 | | 3 | 2 | 6 | | | 4 | 2 | | 2 | 1 | 4 | 1 | | 55 | | | 388 | 517 |
| Teip stopadh do chomhartha mhaoir scoile | | 1 | | | 1 | | | | | | | | | | | 3 | | | | | | | | | | | 6 | | | 7 | 18 |
| Teip casadh ar chlé ar thimpeallán | | 1 | 4 | 29 | 1 | 16 | | | 1 | 3 | | 18 | 1 | 3 | | 2 | | 1 | 2 | 3 | 4 | 3 | | 1 | 4 | 3 | 12 | 5 | | 21 | 138 |
| Teip ceart slí a ghéilleadh | 10 | 5 | 5 | 32 | 19 | 18 | 16 | 23 | 10 | 4 | 1 | 13 | 3 | 13 | 6 | 19 | 3 | 8 | 1 | 3 | 6 | 5 | 10 | 11 | 20 | 14 | 115 | 9 | 6 | 180 | 588 |
| Teip ceart slí a ghéilleadh ag comhartha/líne | 5 | 7 | 9 | 59 | 4 | 8 | 18 | 15 | 11 | 6 | 6 | 13 | 5 | 9 | 9 | 6 | 2 | 4 | 6 | 2 | 4 | 3 | 10 | 3 | 22 | 13 | 82 | 2 | 4 | 114 | 461 |
| Oibleagáid ghinearálta luais - stopadh ag faid infheicthe | 3 | | 1 | 1 | 2 | 2 | 5 | | 5 | 2 | | | | | | | | | 1 | | | | 2 | 1 | 3 | 2 | 3 | | 1 | 24 | 58 |
| Gan deimhniú úsáideora ródacmhainneachta | | 1 | | | | 1 | | | | | | 1 | | 2 | | 5 | | 1 | | | | | | | 2 | 1 | 4 | 1 | 2 | 268 | 289 |
| Gan srianadh linbh sa suíochán tosaigh - leanbh | 10 | 9 | 28 | 82 | 8 | 49 | 34 | 19 | 20 | 23 | 4 | 28 | 17 | 11 | 16 | 20 | 4 | 44 | 12 | 9 | 11 | 16 | 9 | 29 | 47 | 18 | 104 | 17 | 7 | 321 | 1,026 |
| Gan srianadh linbh sa suíochán cúil - leanbh | 20 | 8 | 31 | 109 | 21 | 87 | 61 | 50 | 27 | 34 | 7 | 35 | 19 | 19 | 26 | 37 | 6 | 53 | 24 | 8 | 18 | 16 | 14 | 38 | 81 | 34 | 341 | 19 | 27 | 856 | 2,126 |
| Gan árachas - (úsáideoir) | 5 | 9 | 26 | 85 | 21 | 56 | 11 | 32 | 9 | 8 | 4 | 13 | 14 | 9 | 12 | 30 | 12 | 10 | | 4 | 16 | 11 | 4 | 6 | 30 | 17 | 138 | 18 | 5 | 15,206 | 15,821 |
| Gan crios sábhála - tiománaí | 713 | 450 | 820 | 4,417 | 851 | 1,022 | 1,057 | 1,091 | 1,324 | 867 | 178 | 1,201 | 271 | 612 | 605 | 939 | 379 | 708 | 459 | 399 | 632 | 886 | 539 | 743 | 1,763 | 1,134 | 5,219 | 430 | 449 | 19,936 | 50,094 |
| Gan crios sábhála sa suíochán tosaigh - leanbh | 15 | 12 | 37 | 96 | 23 | 38 | 47 | 25 | 23 | 30 | 5 | 37 | 12 | 17 | 31 | 21 | 8 | 22 | 14 | 6 | 15 | 17 | 13 | 23 | 62 | 27 | 123 | 16 | 13 | 511 | 1,339 |
| Gan crios sábhála sa suíochán cúil - leanbh | 16 | 20 | 47 | 198 | 29 | 101 | 81 | 43 | 46 | 37 | 9 | 43 | 26 | 36 | 34 | 44 | 9 | 42 | 39 | 22 | 31 | 28 | 25 | 55 | 122 | 48 | 428 | 28 | 29 | 1,340 | 3,056 |
| Cion i ndáil le scoitheadh | 28 | 39 | 50 | 283 | 129 | 161 | 87 | 71 | 40 | 30 | 12 | 43 | 23 | 28 | 86 | 89 | 23 | 31 | 20 | 35 | 25 | 35 | 34 | 30 | 67 | 80 | 593 | 9 | 19 | 1,320 | 3,520 |
| Páirceáil feithicle i suíomh contúirteach | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 33 | 33 |
| Laghdaithe go Tiomáint gan aird chuí | | | | 1 | | | | | | | | | | 1 | 1 | 1 | | | | | 1 | | 1 | 1 | 4 | | 2 | | | 265 | 278 |
| Tiomáint róthapa | 4,948 | 5,455 | 10,576 | 32,559 | 9,578 | 14,275 | 8,130 | 26,448 | 9,382 | 6,815 | 2,977 | 10,499 | 2,791 | 9,182 | 8,171 | 17,623 | 4,105 | 6,295 | 5,379 | 7,007 | 6,550 | 7,224 | 6,014 | 5,374 | 15,580 | 14,729 | 99,481 | 3,105 | 4,534 | 176,340 | 541,126 |
| Busanna luais gan paisinéirí ina seasamh | | 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | 1 |
| Úsáid feithicle gan deimhniú NCT | 4 | | 6 | 10 | 3 | 2 | 2 | 5 | | 3 | | 6 | 2 | 1 | 1 | 1 | | 1 | | 3 | 1 | 2 | 3 | 3 | 1 | 2 | 57 | 11 | 2 | 1,835 | 1,967 |
| **IOMLÁN** | **8,076** | **7,824** | **14,577** | **56,123** | **13,036** | **22,048** | **12,809** | **34,578** | **14,822** | **10,460** | **3,747** | **15,518** | **4,121** | **12,361** | **11,271** | **25,200** | **5,755** | **9,446** | **7,344** | **9,144** | **9,096** | **10,079** | **8,531** | **9,131** | **22,143** | **20,492** | **151,035** | **5,096** | **6,494** | **265,756** | **806,113** |

* Figiúr Carnach ón dáta ar tugadh isteach Córas na bPointí Pionóis

** Déanann na contaetha atá liostaithe ionadaíocht ar an Údarás Áitiúil a d'eisigh an ceadúnas tiomána.




## Tástáil Teoirice Tiomána

Tá sé riachtanach do dhuine atá ag iarraidh ceadúnas foghlaimeora a fháil don chéad uair i gcatagóir ceadúnais pas a ghnóthú i dtástáil teoirice. I measc na n-ábhar a scrúdaítear tá: eolas ar shábháilteacht ar bhóithre, ar ghnéithe teicniúla d'fheithiclí, ar thiomáint timpeallachta agus ar ghnéithe dlíthiúla na tiomána. Tá tástálacha ar leithligh ann do bhusanna, trucailí, gluaisrothair, carranna agus feithiclí oibre. Bíonn ar thiománaithe gairmiúla bus agus trucaile tástálacha teoirice ar leithligh a dhéanamh mar chuid den Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla Tiománaí (CPC Tiománaí)

## Gníomhaíocht na Tástála Teoirice Tiomána in 2010

| Gníomhaíocht | Catagóir Ceadúnais | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Gluaisrothar | Carr/Feithicil Oibre | Trucail | Bus |
| Tástálacha a Sceidealadh | 9,460 | 119,957 | 8,362 | 3,165 |
| Tástálacha a Rinneadh | 8,655 | 110,993 | 7,856 | 2,925 |
| Tástálacha a Pasáladh | 5,889 | 75,974 | 5,816 | 2,258 |
| Tástálacha a Teipeadh | 2,628 | 33,954 | 1,669 | 636 |
| No Shows | 805 | 8,964 | 776 | 240 |
| Tests Conducted Pending | 138 | 1,065 | 101 | 31 |
| Tests Cancelled | 413 | 1,533 | 138 | 81 |
| Ráta Pas | 68% | 68.4% | 76.7% | 77.2% |

# Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe

Comhcheanglaítear sa Stiúrthóireacht um Shábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe na róil thábhachtacha maidir le feasacht a mhúscailt, oideachas agus taighde d’fhonn eolas agus scileanna cuí a thabhairt d’úsáideoirí bóithre agus iad ag fás aníos. Cuidíonn agus oibríonn an Stiúrthóireacht leis na páirtithe leasmhara uile atá cláraithe leis an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2007-2012 le deimhin a dhéanamh de gur féidir na gníomhartha sonraithe sa straitéis a bhaint amach.



# Fógraíocht

Seoladh ceithre fheachtas feasachta nua um Shábháilteacht ar Bhóithre in 2010. Ina measc bhí:

1. Feachtas nua Teilifíse maidir le Tiomáint Frithdhrugaí
2. Feachtas Teilifíse don Chód Sábhála,
3. Feachtas teilifíse comhpháirteach leis An Garda Síochána chun feasacht ar thionscadal nua na gCeamaraí Sábháilteachta a mhúscailt
4. Sraith nua d'fhógraí teilifíse dar teideal 'Crashed Lives' ina bhfuil cuntais fhíora ar thuairteanna bóthair arna n-insint ag íospartaigh nó a dteaghlaigh.

## Tiomáint Frithdhrugaí

Chraol an RSA feachtas nua seirbhíse poiblí um thiomáint frithdhrugaí ar an teilifís agus sna pictiúrlanna in Iúil 2010. Chuimsigh an Feachtas fógra teilifíse 60 soicind dar teideal 'Cell', a fuarthas ó Victoria na hAstráile agus a cuireadh in oiriúint le haghaidh úsáide anseo i bPoblacht na hÉireann. San fhógra seo léirítear na hiarmhairtí tragóideacha a bhaineann le cinneadh tiománaí drugaí a thógaint agus ansin dul ag tiomáint tar éis dó club oíche a fhágáil.






Rinneadh oiriúnú ar an dara fógra dar teideal 'Dead Girl Talking' ón RA agus craoladh ar an teilifís agus sna pictiúrlanna é. San fhógra 50 soicind sin taispeántar bean óg ag déanamh cur síos ar conas a bhí sí féin agus a cairde in imbhualadh tar éis drugaí a thógaint, leis an mbás mar thoradh ar an gcinneadh sin, rud a léirítear i gcasadh obann ag deireadh an fhógra.



D'fhonn feasacht a mhúscailt ar an mbaol tromchúiseach a chruthaítear do shábháilteacht ar bhóithre de bharr tiomána faoi thionchar drugaí, rinne an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) taighde a choimisiúnú i measc daoine idir 17 go 34 bliain d'aois ar úsáid drugaí neamhdhleathacha le linn tiomána. Chuir na torthaí béim ar iompraíocht ar cúis imní í le duine as gach cúigear (22%) ag admháil go raibh siad ina bpaisinéirí i gcarr a bhí á thiomáint ag duine faoi thionchar drugaí.





## An Cód Sábhála

Chuaigh Feachtas nua teilifíse den Chód Sábhála, dírithe ar leanaí a mhúineadh conas an bóthar a thrasnú go sábháilte, amach beo i Samhain 2010. Is athnuachan den seanamhrán Cód Sábhála a bhí chomh comónta sin sna 1970idí é. Rinneadh nuashonrú air don 21ú Aois agus anois áiríonn sé dhá fhógra beochana teilifíse 20 soicind dar teideal 'Jack' agus 'Annie'. Is í príomhtheachtaireacht an fheachtais ná, - 'You need the code to cross the road'. Tá láithreán gréasáin nua den Chód Sábhála ag dul leis chomh maith. Cuimsíonn an láithreán gréasáin, atá le fáil ar rsa.ie, cluiche nuafhorbartha 'Cód Sábhála', chomh maith le hamhrán agus damhsa beochana de réir stíle 'X Factor' atá á ndéanamh ag carachtair bheochana an Chóid Shábhála.

## Feachtas Feasachta um Cheamaraí Sábháilteachta

Tháinig an RSA agus An Garda Síochána le chéile chun feachtas ollmhór faisnéise poiblí a fhorbairt sular cuireadh an líonra ceamaraí sábháilteachta i bhfeidhm ar bhóithre na gcontaetha. Cuimsíonn an feachtas fógra teilifíse 40 soicind dar teideal 'Lifebuoy'; fógra raidió 30 soicind; feachtas nuachtáin chomh maith le feachtas ar líne. Seoladh an feachtas seo ar an 17ú Samhain agus do lean sé ar aghaidh suas go deireadh mhí na Nollag.

**Tugann torthaí taighde ar Éifeachtacht an Fheachtais le fios:**

- go bhfuil feasacht uathghinte ar fhógraíocht a bhaineann le ceamaraí sábháilteachta cothrom le céatadán suntasach de 75% anois (gach tiománaí).
- go dtacaíonn 89% de thiománaithe le húsáid na gceamaraí sábháilteachta ar na bóithre, méadú 17% ar thacaíocht i gcomparáid le meonta roimh chur i bhfeidhm an fheachtais
- gur luaigh 84% de thiománaithe go mbeidh na bóithre níos sábháilte de bharr úsáid na gceamaraí sábháilteachta
- gur luaigh 85% go sábhálfaidh úsáid na gceamaraí sábháilteachta saolta daoine



## 'Crashed Lives'

Sheol an RSA sraith nua d'fhógraí teilifíse agus raidió dar teideal 'Crashed Lives' chomh maith.

Is feachtas um shábháilteacht ar bhóithre é 'Crashed Lives' faoi chás staidéir fhíora ina labhraíonn daoine mar gheall ar iarmhairtí tuairte nó ar dhaoine muinteartha a fuair bás in imbhuailtí bóithre agus faoin tslí ar athraíodh a saolta go deo dá dheasca sin – agus ar baineadh an bonn dá mbrionglóidí.

Seoladh na chéad fógraí 'Crashed Lives' i mí na Nollag 2007 agus an dara sraith dóibh i mí na Nollag 2008. Cuimsíonn an tsraith nua fógraí trí fhíorchuntas saoil ina n insíonn Siobhán O'Brien, Marjorie Flood agus an Dr. Áine Carroll a scéalta linn faoi conas a bhí tionchar ag tuairteanna bóthair a saol.

**Mark Flood**
Maraíodh Mark Flood tar éis dó oíche a bheith amuigh aige i nDún Seachlainn. Fágadh a theaghlach agus an pobal níos leithne trína chéile de dheasca a bháis thragóidigh. Insíonn a mháthair, Marjorie, faoin gcaoi a hiompaíodh saol a teaghlaigh bun os cionn go luath maidin amháin, nuair a fuair sí an drochscéala gur maraíodh a mac gan chúis ar an mbóthar. Cuireann Marjorie in gcuimhne dúinn nach dtuigeann éinne cé mhéad duine a fhaigheann bás i dtuairteanna bóthair a d'fhéadfaí a chosc go dtí go mbaineann sé linn féin.



**Siobhán O'Brien**
Bean óg ba ea Siobhán, a bhí le céim a bhaint amach an lá dar gcionn, nuair a tharla imbhualadh le leoraí altach, rud a d'iompaigh a saol bun os cionn go tobann. Tá gortú inchinne faighte ag Siobhán anois dá dheasca, agus ina fógra, míníonn sí nach dtógann sé ach soicind amháin le go n-athrófaí do shaol go deo.



CRASHED LIVES

**Dr. Áine Carroll**
Tá raon iomlán na n-iarmhairtí turraingeacha a bhaineann le himbhuailtí bóithre feicthe ag an Dr. Áine Carroll, Comhairleach le Leigheas Athshlánúcháin san Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin. Ó dhaoine aonair go n-athraíodh a saol go hiomlán de dheasca eachtra amháin ar an mbóthar, go teaghlaigh a bhfuil orthu gach aon ní a dhéanamh chun tacú le marthanóir tuairte bóthair, go minic don chuid eile dá saolta. Mar a dúirt máthair othar amháin leis an Dr. Carroll, uaireanta tá rudaí níos measa ná an bás ann.




Craoladh an dara sraith d'fhógraí teilifíse an RSA dar teideal 'Crashed lives' le linn samhradh na bliana 2010. Chuimsigh sé na míreanna seo a leanas, 'James', 'Conor', 'Sarah' agus 'Comhairleach'.

Tugann torthaí taighde ar Éifeachtúlacht an Fheachtais le fios:

- gur athraigh 88% de thiománaithe gné éigin dá n-iompraíocht ar na bóithre
- gur luaigh 90% de thiománaithe go raibh tionchar ag an bhfeachtas ar a n iompraíocht
- gur luaigh 94% de thiománaithe go ndearna siad machnamh ar a n-iompraíocht de bharr an fheachtais





A FOOL BREAKS THE TWO SECOND



## Feachtas 'Tiománaí Níos Fearr, Níos Sábháilte [Better Safer Driver]

Is é cuspóir de chuid Feachtas fógraí teilifíse an RSA, dar teideal 'Tiománaí Níos Fearr, Níos Sábháilte', é feasacht a mhúscailt ar roinnt inlíochtaí tábhachtacha a mbíonn baint acu go coitianta le himbhuailtí marfacha nó tromchúiseacha bóithre.

Le linn 2010 do chraol an RSA a dhá fhógra um 'Thiománaí Níos Fearr, Níos Sábháilte', ba iad sin 'Timpealláin' agus 'Tiomáint ar Mhótarbhealach'.

Craoladh an fógra teilifíse 30 soicind 'Timpealláin' ar an teilifís ar feadh ceithre seachtaine san Aibreán agus arís i Meán Fómhair/ Deireadh Fómhair. Craoladh an dara fógra teilifíse 30 soicind 'Tiomáint ar Mhótarbhealach' de chuid an RSA i rith mí an Mheithimh.

## 'Faoi Bhun' [Underneath]

Craoladh fógra teilifíse an RSA dar teideal 'Faoi bhun' maidir le Sábháilteacht ar Ghluaisrothair, a táirgeadh i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann, ar an teilifís le linn na míonna Iúil agus Lúnasa 2010.

## Feachtas Teilifíse Lá Saoire Bainc 2010

Mar chuid dá straitéis 2010 maidir le díriú ar Dheirí Seachtaine Saoire Bainc le hathchraoladh na seanfhógraí um shábháilteacht ar bhóithre, do chraol an RSA na fógraí seo a leanas;

- Náire' [Shame] Fógra In Aghaidh Tiomána Faoi Thionchar Dí le linn Deireadh Seachtaine na Féile Pádraig
- 'Damáiste' [Damage] Fógra maidir le Criosanna Sábhála le linn Deireadh Seachtaine Saoire Bainc na Bealtaine
- 'Téacsáil' [Texting] fógra teilifíse do shábháilteacht choisithe le linn Deireadh Seachtaine Saoire Bainc Lúnasa.

## FEACHTAIS RAIDIÓ 2010

### Teagascóir Tiomána Faofa [ADI]

Chraol an RSA a fhógra raidió 30 soicind maidir leis an Teagascóir Tiomána Faofa (ADI) ag cur in iúl do thiománaithe gan taithí gur cheart dóibh ADIanna atá faofa ag an RSA amháin a úsáid nuair atá ceachtanna á dtógaint acu.

### 'Local is Lethal'

Rinne an RSA a fheachtas fógraíochta raidió 30 soicind dar teideal 'Local is Lethal' a ghníomhachtú le linn samhradh na bliana 2010. Sonraítear san fhógra go bhfuil an riosca marfach nó an riosca gortaithe is mó ag baint le bóithre áitiúla.

### 'Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla Tiománaí' [Driver CPC]

Reáchtáil an RSA fógra nua raidió 30 soicind i lár mhí Iúil le cur in gcuimhne do thiománaithe bus agus trucaile an gá atá lena dteidlíochtaí Tiománaí CPC a choimeád trí lá oiliúna amháin a chur i gcrích don bhliain 2010 roimh spriocdháta an 10ú Meán Fómhair.

### 'Tiomáineann Seisean, Faigheann Sise Bás' [He Drives, She Dies]

Craoladh feachtas fógraíochta raidió an RSA dar teideal 'Tiomáineann Seisean, Faigheann Sise Bás' ar stáisiúin raidió áitiúla ar fud na tíre le haghaidh tréimhse coicíse i mí Iúil.

### 'Ag Tiomáint don Obair' [Driving For Work]

Tháinig an RSA agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta le chéile chun na treoirlínte um shábháilteacht ar bhóithre d'fhostóirí maidir le tiomáint don obair a athsheoladh in 2010. Bhí fógra raidió náisiúnta agus áitiúil mar taca leis an bhfeachtas, a d'iarr ar fhostóirí 'Treoirlínte um Thiomáint don Obair' de chuid an RSA agus an HSA a úsáid le cúnamh a thabhairt dóibh beartais tiomána sábháilte san áit oibre a chur i bhfeidhm. Craoladh an fógra i mí an Mhárta.

### 'Fómhar' [Harvest]

Rinne an RSA agus Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann athchraoladh ar fhógra raidió 30 soicind a leag béim ar na contúirtí a ghabhann le níos mó feithiclí talmhaíochta a bheith ar na bóithre le linn an tsamhraidh. Craoladh an fógra ar stáisiúin raidió náisiúnta agus áitiúla i rith míonna an tsamhraidh.

### Feachtas um Fhóin Phóca agus an Tiomáint

Craoladh fógra raidió um Fhóin Phóca agus an Tiomáint de chuid an RSA ar an raidió náisiúnta agus áitiúil le linn na Bealtaine agus Meán Fómhair.

### Feachtas Raidió um Thuirse Tiománaí

Craoladh fógra raidió 30 soicind an RSA ag leagadh béime ar na contúirtí a bhaineann le tuirse tiománaithe ar an raidió náisiúnta agus áitiúil le linn tréimhse Shaoire Bainc na Cásca.

### Feachtas um Úsáideoirí Bóithre Leochaileacha

Táirgeadh trí fhógra nua raidió, ag cur sábháilteacht úsáideoirí bóithre leochaileacha chun cinn, in 2010. Dhírigh ceann acu ar choisithe, an dara ceann ar thiománaithe agus ar an ngá atá le bheith aireach d'úsáideoirí bóithre leochaileacha. Bhí an tríú ceann dírithe ar rothaithe. Craoladh na fógraí i nDeireadh Fómhair / Samhain 2010.

### 'An Bhfuil d'Fheithicil Réidh don Gheimhreadh?'

Craoladh fógra raidió nua 30 soicind le linn na Samhna ag iarraidh ar thiománaithe deimhin a dhéanamh de go raibh seirbhísiú déanta ar a bhfeithiclí don gheimhreadh agus go ndéanfaidís seiceálacha rialta sábhailteachta.


### Feachtas Drochaimsire

Mar fhreagra ar an bhfíor-dhrochaimsir gan choinne, a tharla go déanach in 2010, choimisiúnaigh an RSA aon teachtaireacht raidió '15 soicind' is fiche a sholáthair leideanna sábháilteachta bunúsacha d'úsáideoirí bóithre i gcúinsí drochaimsire. Chlúdaigh na 'stoingí' seo coinníollacha sneachta agus oighir araon chomh maith le guaiseacha a ghabhann le leá. Chraol an RSA na teachtaireachtaí sin arís is arís eile ar raidió náisiúnta agus áitiúil agus go minic laistigh de roinnt uaireanta chloig tar éis dóibh 'Rabhadh Drochaimsire' a fháil ó Met Éireann. Ina theannta sin chuir mórán de na stáisiúin 'craolta' bónais bhreise ar fáil leis na sceideal, saor in aisce. Tá an RSA fíorbhuíoch do na stáisiúin sin as ucht a gcabhair agus a dtiomantas do shábháilteacht ar bhóithre le linn na tréimhse dúshlánaí sin.



# Oideachas

Is é beartas an RSA ná oideachas a sholáthar d'úsáideoirí bóithre trí mheán cur chuige comhtháite a leanann ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal sa chóras oideachais agus i bpobail áitiúla. Cinntíonn oideachas um shábháilteacht ar bhóithre go bhforbraíonn gach úsáideoir bóithre dearcthaí agus iompraíochtaí sábháilteachta cuí. In 2010, dháil an RSA na cláir oideachais seo a leanas:




## Simon agus a Chairde

D'fhorbair an RSA paca um shábháilteacht ar bhóithre dar teideal 'Simon agus a Chairde' ar féidir a úsáid i réamhscoileanna ar fud na tíre. Díríonn an tsraith ar cheithre charachtar a chuireann teachtaireachtaí um shábháilteacht ar bhóithre atá oiriúnach don aois chun cinn do leanaí – ag breith ar lámha a chéile, ag stopadh, ag féachaint agus ag éisteacht agus ag tabhairt dea-shampla. Ag deireadh gach scéal bíonn roinnt imeachtaí fairsingithe ar féidir le soláthraithe réamhscoile úsáid a bhaint astu chun taithí foghlama eile a mhúscailt sna leanaí. Taifeadtar scéalta chomh maith ar CD Rom ar féidir a sheinm do leanaí sna luathbhlianta. Tá roinnt amhrán maidir le sábháilteacht ar bhóithre taifeadta ar an dlúthdhiosca. Cuimsíonn an paca treoir tionlacain do mhúinteoirí dar teideal 'Lámh le Lámh' ina bhfuil faisnéis faoi shábháilteacht ar bhóithre a chomhtháthú san earnáil réamhscoile agus cuimsithe inti tá gníomhaíochtaí, cluichí agus amhráin a mholtar mar thacaíocht do na scéalta 'Simon agus a Chairde. In 2010 thug 25 Coiste Contae agus Cathrach um Chúram Leanaí tiomantas go gcuirfidís an clár i bhfeidhm do líonra 4,169 soláthraí um chúram leanaí cosúil le naíolanna agus réamhscoileanna ar fud na tíre. D'eagraigh Coistí Contae agus Cathrach um Chúram Leanaí seisiúin oiliúna áitiúla do sholáthraithe faoi na leabhair 'Simon agus a Chairde' agus d'eagraigh siad 'Lá Beep Beep!' chomh maith nó lá feasachta um shábháilteacht ar bhóithre ina gcontae. Baineann soláthraithe réamhscoile leas as acmhainní agus cluichí 'Simon agus a Chairde' chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn le linn 'Lá Beep Beep!'.

## 'Bí Sábháilte'




Is paca acmhainní bunaithe ar ghníomhaíochtaí é 'Bí Sábháilte' faoi shábháilteacht ar bhóithre, sábháilteacht dóiteáin agus sábháilteacht uisce a forbraíodh do bhunscoileanna. Le hábhair ann atá dírithe ar leanaí ó rang na naíonán go rang a sé, forbraíodh go sonrach é mar chuid den churaclam OSPS (Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte) agus baineann sé leis an snáithe OSPS, 'Mé féin', a dheileáileann le Sábháilteacht agus Cosaint, Sábháilteacht Phearsanta, Saincheisteanna Sábháilteachta agus Dhéanamh Cinntí.

Forbraíodh 'Bí Sábháilte' i gcomhar le múinteoirí cleachtacha. Tá na pleananna ceachta le fáil láithreach bonn ag múinteoirí agus ag leanaí araon. Cuirtear tús le gach ábhar le faisnéis oiriúnach don aois agus déantar scrúdú agus forbairt ar an bhfaisnéis ansin trí phlé ranga, trí ghníomhaíochtaí agus trí bhileoga oibre.

## Feachtas um Fhilleadh ar an Scoil


In 2010, rinne an RSA 3,196 'Paca Sábháilteachta ar Bhóithre um Fhilleadh ar an Scoil' a dháileadh ar bhunscoileanna ina raibh an méid seo a leanas iontu:

- veist ard-infheictheachta comhurraithe ag an BSL do gach iontrálaí nua chuig an mbunscoil. Rinneadh 120,000 veist ard-infheictheachta san iomlán a dháileadh.
- cóip den dara eagrán den Nuachtlitir Scoile.
- cóip de na treoirlínte scoile dar teideal 'Ar Aghaidh Linn' [Let's Go]. Soláthraíonn na treoirlínte seo faisnéis d'údaráis scoile maidir le conas a bheith feasach ar shábháilteacht ar bhóithre nuair atáthar ag eagrú nó ag taisteal chuig imeachtaí scoile. Seoladh cóip amháin go gach Bunscoil.
- bileog dar teideal 'Ag Dul ar Scoil'[Going to School] d'iontrálaithe nua scoile.
- cóip de Dhlúthdhiosca agus de Phóstaer an Chóid Shábhála.



ECT THE UNEXPECTED





## 'Seatbelt Sheriff agus Hi-Glo Silver'

Is bealach spraíúil é 'Seatbelt Sheriff' chun leanaí i rang a haon a spreagadh le bheith rannpháirteach i sábháil saolta. Déantar 'Seatbelt Sheriffs' de leanaí trí ghealltanas a thabhairt go gcaithfidh siad a gcrios sábhála i gcónaí agus go ndéanfaidh siad deimhin de go bhfuil crios sábhála á chaitheamh ag gach duine eile sa charr chomh maith. Tugtar suaitheantas sirriam dóibh chomh maith le teastas ina léirítear go bhfuil údarás acu gach paisinéir agus tiománaí a threorú chun a gcrios sábhála a chur orthu ('Buckle Up') i bhfeithicil ar bith ina bhfuil siad ag taisteal ann.

Is é 'Hi-Glo Silver' capall an 'Seatbelt Sheriff' agus baineann a theachtaireacht le hinfheictheacht. Spreagann sé leanaí chun a chur i gcuimhne dá dtuismitheoirí gur cheart dóibh casóga nó criosanna ard-infheictheachta a chaitheamh agus iad amuigh ag siúl. Cuireadh Hi-Glo Silver chun leanaí i rang a dó a fheiscint, a fuair teachtaireacht an 'Seatbelt Sheriff' an bhliain roimhe sin. Tríd an ngné seo den fheachtas, tá 60,000 banda muinchille seachadta ag an RSA ar leanaí scoile saor in aisce.

Dáileadh 'Seatbelt Sheriff' agus 'Hi-Glo Silver' ar gach scoil in Éirinn in 2010. San iomlán chuir 496 scoil isteach ar chomórtas 'Seatbelt Sheriff agus Hi-Glo Silver' in 2010. Forbraíodh láithreán gréasáin do scoileanna agus do mhúinteoirí ag: **www.seatbeltsheriff.ie**

## Oiliúint Inniúlachta Rothaíochta

In 2010, fuair 4,662 dalta oiliúint inniúlachta rothaíochta i scoileanna. Is é atá mar aidhm leis seo ná oiliúint fhoirmiúil a chur ar leanaí maidir le conas rothaíocht go sábháilte agus dearcthaí dearfacha agus freagracha i ndáil le sábháilteacht phearsanta a spreagadh. Íocann an RSA fóirdheontas €5.00 in aghaidh an dalta le húdaráis áitiúla chun cabhrú leis an gcostas a bhaineann le daltaí bunscoile a ghlacann páirt sa scéim.

## Streetwise




Acmhainn oideachais idirghníomhach agus ghníomhaíocht-bhunaithe um shábháilteacht ar bhóithre í 'Streetwise' atá dírithe ar Chlár an Teastais Shóisearaigh (daltaí idir 12- 15 bliain) mar chuid den ábhar curaclaim OSSP (Oideachas Saoránach Sóisialta agus Polaitiúil).

Féadfar an modúl seo a reáchtáil thar 12 seachtain.
Seo a leanas na ceachtanna atá i gceist:

- Ceacht 1 Coisithe
- Ceacht 2 Rothaithe
- Ceacht 3 Gluaisrothaithe
- Ceacht 4 Criosanna Sábhála
- Ceacht 5 Luas agus tiomáint róthapa
- Ceacht 6 Brath guaiseacha
- Ceacht 7 Tuirse tiománaithe
- Ceacht 8 Tiomáint faoi thionchar dí
- Ceacht 9 Innealtóireacht sábháilteachta ar bhóithre

Ní mór do gach dalta tionscadal gnímh a dhéanamh mar chuid de scrúdú an Teastais Shóisearaigh. I ndáil leis na hábhair thuasluaite, tá moltaí déanta againn freisin maidir leis na tionscadail ghnímh seo. Fuair gach scoil in Éirinn cóip de Streetwise in 2008. Cuireadh eolas maidir le Streetwise ar fáil do gach scoil in 2010.





## 'Your Road to Safety' – clár Idirbhliana



D'oibrigh an RSA i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta chun clár um shábháilteacht ar bhóithre a fhorbairt do scoileanna mar chuid den Idirbhliain (IB). Spreagann an clár seo foghlaim ghníomhach agus forbairt ar fheasacht, eolas, scileanna agus luachanna a chruthóidh bonn maith d'fhorbairt na n-úsáideoirí bóithre sábháilte anois agus amach anseo. Tá an clár seo ar fáil i bhformáid 20 uair agus 45 uair agus cuireann sé leis na cur chuigí foghlama gníomhaí de chuid Clár na hIdirbhliana. Áirítear ionchur ó ghníomhaireachtaí eile cosúil leis an tSeirbhís Otharcharranna, an tSeirbhís Dóiteáin agus An Garda Síochána mar chuid den dá chlár mar aon le cuairteanna ó aoichainteoirí, turais lasmuigh den scoil, tionscadail agus cás-staidéir. Tacaíonn acmhainní digiteacha leis freisin, lena n-áirítear rochtain ar láithreáin ghréasáin idirnáisiúnta um shaincheisteanna sábháilteachta ar bhóithre ó láithreán gréasáin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre www.rsa.ie. Áirítear sa chlár seo réamhrá ar shábháilteacht ar bhóithre do choisithe, rothaithe, gluaisrothaithe agus tiománaithe, agus clúdaítear saincheisteanna faoi chriosanna sábhála agus aermhálaí, tuirse tiománaithe, tiomáint faoi thionchar dí/drugaí, innealtóireacht sábháilteachta ar bhóithre agus forfheidhmiú, garchabhair bhunúsach ag tuairteanna bóthair, seirbhísí éigeandála agus athshlánú, ceadúnú agus saincheisteanna árachais, an NCT, ceannach cairr agus tiomáint thar lear. Tá foghlaim ábhartha don Tástáil Teoirice Tiomána san áireamh ag deireadh gach modúil.

In 2010, ghlac 43 múinteoir nua páirt i gclár oiliúna inseirbhíse faoin bpaca acmhainní. Go dtí seo, ghlac 297 múinteoir páirt i gclár oiliúna inseirbhíse.


## Wrecked.ie



In 2010, d'fhorbair an RSA clár píolótach dar teideal 'Wrecked.ie', clár atá dírithe ar an aoisghrúpa ardriosca 17-24 bliain. Coiste eagarthóireachta ilghníomhaireachta a d'áirigh ionadaithe ón nGarda Síochána, ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ón tSeirbhís Dóiteáin, Oifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre na nÚdarás Áitiúil, Ógtheagmháil agus FÁS, mar aon le Síceolaí Iompraíochta ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath a d'fhorbair an clár seo. Tá an clár seo ar fáil mar acmhainn ríomhchuidithe ar líne nó as líne. Áirítear sraith vodchraoltaí atá taifeadta ag aisteoirí Éireannacha a dhéanann cur síos ar thiomáint mheargánta atá ar 'Wrecked.ie' - gan a n-aghaidh a thaispeáint. Tá beochan ardteicneolaíochta ag dul le gach vodchraoladh a thugann léargas ar na príomhphointí a luaitear i dteistiméireacht gach cainteora. Gabhann 'treoirleabhar do cheannairí' le 'Wrecked.ie' a áiríonn cleachtaí breise faoi gach ceann de na hábhair, a thugann deis do na ceannairí breathnú orthu féin agus ar a n-iompraíocht i ndáil le sábháilteacht ar bhóithre.

In 2010, reáchtáladh clár píolótach de 'Wrecked.ie' i gcomhar le hÓgtheagmháil, FÁS agus Cláir Athstiúrtha an Gharda Síochána ar fud na tíre agus tá sé beartaithe an clár a rolladh amach ar fud na tíre in 2011.

## 'Safe Grads' – Treoirlínte um Shábháilteacht ar Bhóithre do Choláistí Tríú Leibhéal



D'fhorbair an RSA treoirlínte um shábháilteacht ar bhóithre atá dírithe ar chur ar chumas coláistí tríú leibhéal seachtain eolasach agus rathúil um shábháilteacht ar bhóithre a reáchtáil. Ghlac 16 coláiste ar fud na tíre páirt sa chlár Safe Grad, lena n-áirítear IT Cheatharlach, IT Bhaile Bhlainséir, IT Leitir Ceanainn, IT Bhaile Átha Luain, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo, Institiúid Teicneolaíochta an Chabháin, IT Thamhlachta, IT Phort Láirge, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ollscoil Luimnigh, Institiúid Ealaíne agus Deartha Dhún Laoghaire, OÉ Gaillimh agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.




## Clár Pobail um Shábháilteacht ar Bhóithre

Grúpa oibre ilghníomhaireachta a d'fhorbair an Clár Pobail um Shábháilteacht ar Bhóithre, grúpa ar a raibh ionadaithe ón RSA, Muintir na Tíre, Fóraim Náisiúnta Pobail, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Biúró Náisiúnta Tráchta an Gharda Síochána, Oifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre na nÚdarás Áitiúil agus an tSeirbhís Dóiteáin. Tá an Clár Pobail um Shábháilteacht ar Bhóithre dírithe ar dhearcaí agus ar iompraíocht daoine i leith sábháilteachta ar bhóithre a athrú. Cuirfidh an RSA oiliúint ar cheannairí pobail a chuirfidh ar a gcumas an oiliúint seo a chur ar ghrúpaí pobail. Tá an paca acmhainní seo bunaithe ar Rialacha an Bhóthair agus díreoidh sé ar dhearcaí agus ar iompraíocht tiománaithe, coisithe, gluaisrothaithe agus rothaithe a athrú.

Dírítear ar cheithre phríomhábhar:

- luas agus tiomáint róthapa;
- úsáid na gcriosanna sábhála, aermhálaí agus srianta cuí do leanaí;
- lagú (alcól, úsáid mhídhleathach agus dhleathach drugaí, tuirse tiománaithe agus úsáid á baint as teileafón póca);
- iompraíocht chontúirteach i leith / ag úsáideoirí bóithre leochaileacha (coisithe, gluaisrothaithe, rothaithe, leanaí óga agus daoine scothaosta).

In 2010 chuir an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre oiliúint ar 130 duine a oibríonn le grúpaí pobail ar bhonn deonach nó ar bhonn gairmiúil maidir le conas 'Ag Cosaint ár bPobal – Glao chun Gnímh!' [Protecting Our Community - A Call to Action!] a sheachadadh dá bpobal féin.

## Saincheisteanna Soghluaisteachta

In 2010, d'fhorbair an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) i gcomhar leis an Garda Síochána, FSS, Cumann Radharceolaithe na hÉireann, Cumann Fisiteiripe na hÉireann, Age Action agus Scor Gníomhach Éireann an tsraith straitéisí seo do dhaoine atá ag obair go díreach le haosaigh níos sine. Is é an aidhm atá le Saincheisteanna Soghluaisteachta ná eolas agus scileanna sábháilteachta ar bhóithre a roinnt le haosaigh níos sine ionas go bhféadfaidh siad leanúint orthu mar úsáideoirí bóithre soghluaiste agus neamhspleácha. Déileáiltear leis na hábhair seo a leanas sa chlár: sábháilteacht coisithe, sábháilteacht rothaithe, sábháilteacht ar bhusanna, tiomáint sábháilte, tiomáint lagaithe, ceannach cairr lena n-áirítear gnéithe sábháilteachta agus compord an tiománaí, cothabháil cairr, pleanáil d'athrú agus ag fanacht soghluaiste. Seisiúin idirghníomhacha a bhíonn i gceist. Tá DVD saincheaptha deartha le gabháil leis an gclár freisin. Cuirfear tús leis an gclár píolótach in 2011 agus ina dhiaidh sin déanfar an clár a chur i bhfeidhm go náisiúnta.

## Play it Safe– Treoirlínte um Shábháilteacht ar Bhóithre d'Eagraíochtaí Spóirt




D'fhorbair an RSA treoirlínte um shábháilteacht ar bhóithre d'eagraíochtaí spóirt i gcomhar leis an IRFU, CLG, FAI agus Rothaíocht Éireann. Tá faisnéis sna treoirlínte d'eagraíochtaí spóirt faoi na bealaí is fearr le haird a tharraingt ar shábháilteacht ar bhóithre nuair a bhítear ag eagrú nó ag taisteal chuig nó ó imeachtaí spóirt. Is féidir na treoirlínte seo a íoslódáil ó láithreán gréasáin an RSA.
Dáileadh Play it Safe ar na clubanna ar fad a bhfuil baint acu leis an CLG, IRFU, FAI agus Rothaíocht Éireann.

## Searmanas Bronnta 'Lucht Tionchair na Sábháilteachta ar Bhóithre'

Reáchtáladh an searmanas bronnta ar an gCéadaoin 13ú Deireadh Fómhair 2010 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, áit ar bronnadh an Ardghradam ar dhuine aonair as an tionscnamh sábháilteachta ar bhóithre is nuálaí agus is suntasaí, agus as a gceannaireacht agus a dtiomantas gan staonadh do shábháilteacht ar bhóithre. Ba ar an múinteoir bunscoile Tommy Duffy, Scoil Náisiúnta an Teaghlaigh Naofa i Sord, Co. Bhaile Átha Cliath a bronnadh 'Ardghradam' an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) le haghaidh sábháilteachta ar bhóithre mar gheall ar Chlub Oiliúna Sábháilteachta Rothaíochta a bhunaigh sé ina scoil agus é mar aidhm aige aird na ndaltaí a tharraingt ar rothaíocht sábháilte.

Bronnadh gradaim ar Lucht Tionchair na Sábháilteachta ar Bhóithre in dhá chatagóir déag lena n-áirítear Oideachas (Bun, Meán agus Tríú Leibhéal), Pobal, Oscailte, Oifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre, an Earnáil Phoiblí, na Meáin Chlóite Áitiúla, na Meáin Chraolta Áitiúla, na Meáin Náisiúnta, Gnó agus Teagascóir Tiomána Faofa.



*Tommy Duffy, Buaiteoir 'Lucht Tionchair' le Gay Byrne*

## ‘Oíche Eorpach Gan Timpiste’

Rinne an RSA óstáil ar an tríú ‘Oíche Eorpach Gan Timpiste’ ar an Satharn 16ú Deireadh Fómhair 2010 mar chuid de ‘Sheachtain na hÉireann um Shábháilteacht ar Bhóithre’. Bhí sé mar aidhm leis an tionscnamh iompraíocht fhreagrach tiomána a chur chun cinn i measc daoine fásta óga. Daoine fásta óga, a spreagann grúpaí daoine óga atá ag tabhairt aghaidh ar chlubanna oíche ‘tiománaí ainmnithe’ a cheapadh don oíche, a reáchtáil an tionscnamh seo ar bhonn deonach. Tugadh banda láimhe don ‘tiománaí ainmnithe’ d’fhonn a chur in iúl do gach duine nach raibh sé beartaithe aige/aici alcól a ól i rith na hoíche. Nuair a bhí an club oíche á fhágáil aige/aici, tugadh deis don ‘tiománaí ainmnithe’ séideadh isteach san anáileadán lena fháil amach an raibh alcól ólta aige/aici. Is léir ó na torthaí go raibh líon ard daoine óga toilteanach feidhmiú mar thiománaithe ainmnithe agus staonadh ó bheith ag ól alcól agus ag tiomáint ar an oíche. Eagraíodh é seo in 8 gclub oíche i 6 bhaile agus chathair éagsúil ar fud na tíre.

## Oifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre na nÚdarás Áitiúil

Rinne an RSA óstáil ar thrí sheimineár le hOifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre na nÚdarás Áitiúil in 2010. Ba é an aidhm a bhí leis na seimineáir ná cur chuige níos comhtháite i ndáil le sábháilteacht ar bhóithre a éascú ar fud na tíre. D’fhorbair an RSA tairseach faisnéise d’Oifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre (OSBanna). Tríd an tairseach seo cuirtear eolas ar fáil do na hOifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi na gníomhaíochtaí sábháilteachta ar bhóithre uile, lena n-áirítear staitisticí seachtainiúla sábháilteachta ar bhóithre arna soláthar ag an nGarda Síochána, preasráitis, sonraí na gclár oideachais sábháilteachta ar bhóithre go léir a áiríonn leibhéal réamhscoile, bunscoile, meánscoile, tríú leibhéal agus leibhéal pobail.

## ‘Tointeálaí Idirghníomhach um Shábháilteacht ar Bhóithre’

In 2010, d’fhreastail an Tointeálaí ar 62 imeacht lena n-áirítear imeachtaí um shábháilteacht ar bhóithre tríú leibhéal agus meánscoile mar aon le himeachtaí náisiúnta cosúil leis an Taispeántas Eolaí Óig, agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta. In 2010, thug thart ar 150,000 duine cuairt ar an Tointeálaí.

Is eispéireas um shábháilteacht ar bhóithre é an “Tointeálaí” atá dírithe ar shábháilteacht ar bhóithre a thabhairt chuig croílár na bpobal áitiúil ar fud na tíre.

Tá na rudaí seo a leanas sa Tointeálaí:

- uaineadóirí frithghnímh;
- ríomhairí a bhfuil an Tástáil Teoirice Tiomána suiteáilte orthu, mar aon le ceistneoirí, cluichí idirghníomhacha agus rochtain ar láithreán gréasáin an RSA;
- limistéir taispeántais atá dírithe ar shábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn;
- scáileán plasma ar a bhfuil sraith fógraí faoi shábháilteacht ar bhóithre agus cláir shábháilteachta ar bhóithre á dtaispeáint;
- ionsamhlóir gluaisrothair;
- ionsamhlóir cairr;
- ionsamhlóirí rothair




*An tUasal Reggie Corrigan, iarimreoir rugbaí le hÉirinn agus le Cúige Laighin, an tUasal Criostóir Ó Cuana, Uachtarán CLG, Orla Hendron Uasal, Leas-Uachtarán Rothaíocht Éireann, an tUasal Noel Dempsey, an tAire Iompair, an tUasal George Hook, Laoch rugbaí, láithreoir raidió agus tráchtaire rugbaí agus an tUasal John Delaney, POF an FAI*

## Streetsmart

In 2010, reáchtáladh ‘Streetsmart’ ar bhonn píolótach i sé bhunscoil ar fud na tíre. Idirghabháil sábháilteachta ar bhóithre í ‘Streetsmart’ atá dírithe ar aird leanaí scoile óga a tharraingt ar shábháilteacht ar bhóithre ar bhealach réadúil agus spraoiúil. Áirítear léarscáil ‘Streetscape’ (atá 9 méadar x 10 méadar – féach ar na híomhánna anseo thíos) mar ghné lárnach den chlár seo, arb ionann é agus gnáthradharc sráide atá deartha do leanaí idir 4 agus 8 mbliana. Tugtar ‘Carranna siúil’ agus ‘rothair seasta’ do leanaí agus múintear dóibh conas an bóthar a úsáid go sábháilte. Féadfar an Streetscape a shocrú i halla na scoile. D’oibrigh comhaltaí foirne RSA le múinteoirí roimh ré ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh maidir leis na gníomhaíochtaí ab fhearr a d’fhéadfaí a chur ar fáil do dhaltaí. Tá tacaíocht á fháil ag Streetsmart ó ‘Tointeálaí’, a áiríonn limistéar ar leith do leanaí. Tugtar deis do leanaí páirt a ghlacadh in imeachtaí éagsúla cosúil le seanchas, cluichí sábháilteachta ar bhóithre agus seisiún idirghníomhach ceisteanna agus freagraí maidir le sábháilteacht ar bhóithre. Comhaltaí foirne ón RSA agus múinteoirí a bhíonn i mbun na ngníomhaíochtaí a éascú.



# Promóisin/Imeachtaí

## An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Thug an RSA a Thointeálaí Idirghníomhach um Shábháilteacht ar Bhóithre chuig an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2010, imeacht ar fhreastail breis agus 150,000 duine air. Mar chuid dá iarracht sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn ag an imeacht, thairg an RSA 40,000 veist ard-infheictheachta saor in aisce i gcomhar le FBD Insurance agus the Irish Farmers' Journal agus é mar aidhm sábháilteacht ar na bóithre agus ar an bhfeirm a chur chun cinn.

## Tabhartais in Aisce Ard-infheictheachta

In 2010, d'oibrigh an RSA i gcomhar le roinnt eagraíochtaí chun ábhar ard-infheictheachta saor in aisce a dháileadh. Áiríodh i measc an ábhair seo bhí:

- 25,000 seaicéad ard-infheictheachta i gcomhpháirt le Bike Buyers' Guide;
- dáileadh 2,500 veist ard-infheictheachta trí mheán an Roscommon Herald i mí Mheán Fómhair
- dáileadh breis agus 100,000 veist ard-infheictheachta ar na leanaí ar fad a bhí ag tosú ar scoil mar chuid den 'Fheachtas um Fhilleadh ar an Scoil' i Meán Fómhair 2010. Reáchtáladh an feachtas seo i gcomhar le Carranna BSL.
- 40,000 seaicéad ard-infheictheachta i gcomhar le FBD Insurance agus the Irish Farmers' Journal.
- dáileadh 8,000 seaicéad ard-infheictheachta trí mheán Advanced Pitstop;
- dáileadh os cionn 100,000 veist trí mheán an Garda Síochána ag imeachtaí um shábháilteacht ar bhóithre agus cainteanna scoile éagsúla.
- dáileadh 340,000 banda muinchille d'aosaigh trí mheán an Sunday Independent i mí Dheireadh Fómhair

## Tionscnaimh eile:

- dáileadh 100,000 banda muinchille mar chuid den fheachtas Seatbelt Sheriff/Hi Glo Silver.
- dáileadh os cionn 20,000 banda muinchille d'aosaigh ar an bpobal tríd an tointeálaí idirghníomhach ag imeachtaí éagsúla ar fud na tíre agus trí mheán an Garda Síochána.
- dáileadh ábhair ard-infheictheachta tríd an Tointeálaí Idirghníomhach um Shábháilteacht ar Bhóithre ag 62 ionad ar fud na tíre. Bhí veisteanna, bandaí muinchille, malaí agus clúdaigh málaí droma ina measc.
- dáileadh ábhair ard-infheictheachta ar ghasóga, banóglaigh, clubanna óige, creiseanna, ospidéil agus eagraíochtaí éagsúla ar iarratas.

## Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT na bliana 2010

Thug an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) cuireadh do dhaltaí cuairt a thabhairt ar a Thointeálaí Idirghníomhach um Shábháilteacht ar Bhóithre ag Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT na bliana 2010 a reáchtáladh san RDS ón 12ú – 16ú Eanáir 2010. Bhí comhaltaí foirne ón RSA i láthair chun comhairle agus faisnéis a thabhairt faoi aon saincheisteanna sábháilteachta ar bhóithre agus mar chuid dá thiomáint i ndáil le sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn i measc daltaí ag an imeacht, bhí na nithe seo a leanas á dtairiscint ag an RSA:

- fógraí teilifíse an RSA á dtaispeáint go leanúnach.
- Comórtas XBOX – Bhí deis ag daltaí XBOX 360 a bhuachan gach lá trí pháirt a ghlacadh i dtráth na gceist a bhain leis na gníomhaíochtaí ar fad a bhí ar an ardán.
- Dáileadh ábhar RSA ar dhaltaí - málaí droma ard-infheictheachta, bandaí muinchille agus málaí frithchaiteacha



*Seatbelt sheriff*

## Dámhachtainí Seatbelt Sheriff agus Hi-Glo Silver

Bronnadh Gradaim bhliantúla Seatbelt Sheriff agus Hi-Glo Silver ar an Máirt 2ú Feabhra i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. D'fhreastail 300 dalta bunscoile ar an imeacht, i dteannta lena gcuid múinteoirí agus an tAire Iompair, an tUasal Noel Dempsey.

## Físeán Ar Líne maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre le haghaidh Tiománaithe Feithiclí Earraí agus Rothaithe

Sheol an RSA, i gcomhar le Smarter Travel (An Roinn Iompair), Comhlachas Tarlú Bóthair na hÉireann, Cyclist.ie agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, físeán ar líne maidir le sábháilteacht ar bhóithre a raibh sé mar aidhm leis sábháilteacht a chur chun cinn i measc rothaithe agus tiománaithe Feithiclí Earraí Troma (HGV). Tarraingítear aird go háirithe san fhíseán ar na contúirtí a bhaineann le caochspotaí ar fheithiclí earraí.

## Seoladh na Suirbhéireachta Ordanáis Éireann

D'oibrigh an RSA, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) agus Suirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSi) i gcomhar lena chéile chun feidhmchlár gréasánbhunaithe um shábháilteacht ar bhóithre a fhorbairt, feidhmchlár a thugann léargas dúinn ar phatrún agus ar shuíomhanna na n-imbhuailtí bóithre in Éirinn le blianta beaga anuas a raibh bás agus gortú pearsanta dá ndeasca, feidhmchlár a léiríonn sonraí imbhuailtí ar léarscáileanna OSi ar leibhéil náisiúnta, chontae agus áitiúla de réir déine, bliana agus cineáil. Seoladh an tseirbhís ar an Máirt 30ú Márta 2010.


Tugann an córas deis do dhaoine staitisticí agus faisnéis a fháil faoi imbhuailtí a tharlaíonn ar fud Phoblacht na hÉireann agus d'fhéadfadh an pobal úsáid a bhaint as chun 'bealaí sábháilte' a phleanáil le haghaidh turais.

## Seó Bóthair Check it Fits

Thug an feachtas suíochán cairr leanaí dar teideal 'Check it Fits' cuairt ar dheich n-ionad ar fud na tíre i mí na Bealtaine agus i mí Dheireadh Fómhair 2010.

## An Tríú Comhdháil Idirnáisiúnta um Shábháilteacht ar Bhóithre

Reáchtáladh tríú comhdháil idirnáisiúnta an RSA um shábháilteacht ar bhóithre i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an Luan 31ú Bealtaine.



*Gay Byrne, An tAire Dempsey agus an Coimisinéir Cúnta Ludlow ag Comhdháil maidir le Tiomáint Róthapa*

Bhailigh saineolaithe ó Éirinn, ón Ríocht Aontaithe, ón tSualainn agus ón mBeilg i dteannta le beagnach 200 toscaire ag an gcomhdháil sin a bhí dírithe ar thiomáint róthapa.

## Feachtas um Shábháilteacht ar Bhóithre maidir le Tiomáint Thar Lear

D'eisigh an RSA ráiteas sna meáin in 2010 ag impí orthu siúd a raibh sé beartaithe acu taisteal thar lear gan cúrsaí sábháilteachta a ligean i ndearmad. Rinneadh an fógra seo tráth ar thug figiúirí ón Roinn Gnóthaí Eachtracha le fios gur cailleadh beagnach 240 saoránach Éireannach le linn dóibh a bheith thar lear in 2009, méadú 20% i gcomparáid le figiúirí na bliana 2008. Is mar gheall ar imbhuailtí bóithre a cailleadh roinnt de na daoine sin. Is léir ó bhreis taighde gur cailleadh 12 Éireannach i dtuairteanna bóthair san Astráil ó 2007.

## Seimineáir an RSA agus an HSA maidir le 'Tiomáint don Obair'

Rinne an RSA agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) óstáil ar shraith seimineár leathlá maidir le 'Tiomáint don Obair' i gCill Chainnigh, i gCorcaigh, i mBaile Átha Luain, i Sligeach agus i mBaile Átha Cliath i mí an Mheithimh 2010. Ba é a bhí mar aidhm leis na seimineáir ná aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le tiomáint shábháilte don obair i measc gnóthaí áitiúla. Bhí ionadaithe ón RSA, HSA, An Garda Síochána agus BSL i measc na gcainteoirí a labhair ag na seimineáir.




*An Dr. Doug Beirness, Ag labhairt ag Léacht Acadúil Bhliantúil an RSA i nDeireadh Fómhair 2010 faoi THIOMÁINT FAOI THIONCHAR DRUGAÍ*

## Seachtain na hÉireann um Shábháilteacht ar Bhóithre, 11ú go 17ú Deireadh Fómhair

Rinne an RSA iarracht spéis an phobail a chothú i Seachtain na hÉireann um Shábháilteacht ar Bhóithre 2010 trí shonraí gníomhaíochtaí a bheadh ar siúl ar fud na tíre a fhógairt. Craoladh fógra 20 soicind faoi Sheachtain na hÉireann um Shábháilteacht ar Bhóithre ar raidió náisiúnta agus áitiúil.

## Léacht Bhliantúil an RSA maidir le Sábháilteachta ar Bhóithre

Rinne an RSA óstáil ar an dara Léacht Bhliantúil maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre ar an Luan 11ú Deireadh Fómhair. Ba é téama na léachta ná tiomáint faoi thionchar drugaí agus cuireadh in iúl ag an léacht go bhféadfadh an fhadhb a bhaineann le tiomáint faoi thionchar drugaí a bheith chomh tromchúiseach leis an bhfadhb a bhaineann le tiomáint faoi thionchar dí in Éirinn. Thug an t-aoichainteoir an Dr. Doug Beirness, príomhúdar thuarascáil an OECD/ITF ar 'Drugaí agus Tiomáint', le fios go raibh baint ag drugaí le 1 gach 3ú bás tiománaí i gCeanada sa tréimhse idir 2000 agus 2007.

## Foláireamh maidir le Crios Forfheidhmithe Luais

Sheol TomTom, cuideachta a sholáthraíonn réitigh suímh agus loingseoireachta, ábhar nua dá chuid fearas 'loingseoireachta satailíte' i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre i mí na Samhna 2010. Cuireann an bogearra nua seo tiománaithe ar an airdeall nuair a bhíonn siad ag dul isteach nó ag fágáil ceann de na criosanna nua forfheidhmithe luais in Éirinn. Is é an aidhm atá leis seo ná cabhrú le tiománaithe tiomáint go sábháilte agus go freagrach leis an bhfoláireamh nua um Chrios Forfheidhmithe Luais

## Cuimhníonn an Domhan ar Íospartaigh na dTuairteanna Bóthair

Tháinig an RSA, An Garda Síochána agus an grúpa um shábháilteacht ar bhóithre, PARC, le chéile chun an Lá Domhanda Cuimhneacháin d'Íospartaigh na dTuairteanna Bóthair' a chomóradh ar an Domhnach 21ú Samhain 2010.



*Comórann Catherine Hastings agus Donna Price an Lá Domhanda Cuimhneacháin*



*Buaileann tUachtarán Mhic Giolla Íosa le Marjorie Flood ag Seoladh Fheachtas na Nollag 2010*

## Feachtas um Shábháilteacht ar Bhóithre na Nollag agus na hAthbhliana 2010

Sheol Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa, Feachtas um Shábháilteacht ar Bhóithre na Nollag agus na hAthbhliana de chuid an RSA agus An Garda Síochána ar an Déardaoin 16ú Nollaig 2010 san Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, sheol an RSA sraith nua fógraí teilifíse agus raidió dar teideal 'Crashed Lives' ag an imeacht.

## Teastas um Inniúlacht Ghairmiúil Tiománaí (CPC tiománaí)

Tá dualgas ar gach tiománaí bus agus trucaile gairmiúil (iad siúd a bhaineann slí bheatha amach as a bheith ag tiomáint) a gcáilíocht CPC Tiománaí a chothabháil trí lá oiliúna amháin a chur i gcrích gach bliain. Bá é Treoir 2003/59/CE ón AE a bhunaigh CPC Tiománaí in 2008 le haghaidh gach tiománaí bus gairmiúil agus in 2009 le haghaidh gach tiománaí trucaile gairmiúil.

Tá siollabas oiliúna forbartha ag an RSA atá ar aon dul leis an Treoir AE agus tá dáileadh é ar na soláthraithe oiliúna faofa go léir le húsáid nuair atá oiliúint CPC Tiománaí á héascú, tá 103 soláthraí oiliúna faofa bunaithe ar fud na tíre chun na críche seo.

Is sa seomra ranga a dhéantar an oiliúint ar fad agus tá sé mhodúl oiliúna aonair i gceist, ceithre mhodúl cineálach agus modúl amháin a bhaineann le busanna agus modúl eile atá dírithe ar thrucailí. Ní mór do thiománaithe gairmiúla modúl difriúil a dhéanamh gach bliain, agus tá cúig lá oiliúna le cur i gcrích i ngach tréimhse cúig bliana. Tá breis is 100,000 modúl oiliúna curtha i gcrích ó cuireadh tús le CPC Tiománaí. Tá an RSA freagrach as a chinntiú go bhfuil an t-ábhar oiliúna cothrom le dáta.



# Taighde um Shábháilteacht ar Bhóithre

Cuireann Roinn Taighde an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre clár oibre i gcrích atá sainithe sa Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2007-2012. Clúdaíonn an roinn na príomhréimsí seo a leanas:

- cothabháil an bhunachair shonraí um imbhuailtí bóithre agus an chórais shonraí;
- grinnanailís ar shonraí na n-imbhuailtí;
- tuairiscí staidrimh a chur ar fáil maidir le himbhuailtí bóithre in Éirinn;
- suirbhé ar luas agus ar chaitheamh criosanna sábhála ar bhóithre na hÉireann;
- sainaithint chórasach ar shuíomhanna ard-imbhuailte ar an ngréasán bóithre náisiúnta;
- taighde ildisciplíneach a dhéanamh chun an chaoi a dtarlaíonn imbhuailtí bóithre agus na gortuithe a eascraíonn astu a thuiscint;
- bealaí a mholadh agus a mheas chun imbhuailtí agus gortuithe a chosc;
- rannpháirtíocht i dtionscadail náisiúnta agus idirnáisiúnta taighde i réimse na sábháilteachta ar bhóithre;
- rannpháirtíocht i gcláir thaighde an AE cosúil le SARTRE, CARE, IRTAD agus EURORAP;
- soláthar faisnéise do na comhlachtaí poiblí, náisiúnta agus idirnáisiúnta;

The department also liaises with the Garda National Traffic Bureau, the National Roads Authority, the Local Government Computer Science Board and other organisations on aspects of road safety research activities.


## GNÍOMHAÍOCHT TAIGHDE 2010

### Bunachar Sonraí um Imbhuailtí Bóithre

Cuirtear na sonraí a bhailíonn An Garda Síochána faoi imbhuailtí ar aghaidh chuig Roinn Taighde an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) le haghaidh anailíse agus foilseacháin. Cruthaíonn an roinn léarscáil bunaithe ar shonraí na n-imbhuailtí mar aon le hanailís a dhéanamh ar na sonraí sin. Foilsíonn an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre torthaí na hanailíse ina Leabhar Fírice bliantúil um Imbhuailtí Bóithre. Áirítear i sonraí na n-imbhuailtí faisnéis ghinearálta, faisnéis ar fheithiclí agus faisnéis eile cosúil leis na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le himbhuailtí. Úsáidtear na torthaí chun monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí, díriú ar thionscnaimh shábháilteachta agus cur leis an athbhreithniú leanúnach atá á dhéanamh ar bheartas poiblí i dáil le sábháilteachta ar bhóithre. In 2010, foilsíodh an Leabhar Fírice um Imbhuailtí Bóithre 2009 agus tuairiscíodh ann gur maraíodh 238 duine, gur gortaíodh 9,742 duine, agus go raibh damáiste maoine nó ábhair amháin i gceist le 19,880 imbhualadh bóthair ón 26,495 imbhualadh mótarfheithicle arna thuairisciú ag An Garda Síochána.




### Suirbhé Saor-luais




Foilsíodh an Suirbhé Saor-luais Bliantúil le haghaidh 2009 ar láithreán gréasáin an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre in 2010. Rinneadh suirbhé ar 12,490 carr, 1,291 feithicil artach, 3,813 feithicil docht agus 373 bus aon stóir. Ba léir ón suirbhé seo go raibh an céatadán tiománaithe a sháraigh an luasteorainn cothrom le idir 8% agus 83% ag brath ar an gcineál bóthair agus ar an luasteorainn ábhartha. Ina theannta sin, bhí an céatadán tiománaithe a sháraigh an luasteorainn faoi 10km/u nó níos mó cothrom le idir 2% agus 61%, ag brath ar an gcineál bóthair. Aimsíodh sa suirbhé go raibh feabhas suntasach tagtha ar an gcéatadán feithiclí a bhí ag cloí leis na luasteorainneacha ar bhóithre náisiúnta agus cónaithe uirbeacha. Tríd is tríd, áfach, tá comhlíonadh tiománaithe leis na luasteorainneacha ar bhóithre uirbeacha míshásúil go fóill. Ar an meán, sháraigh cúigear as gach naonúr tiománaithe an luasteorainn ábhartha i gceantair uirbeacha.

### Suirbhé ar Chaitheamh Criosanna Sábhála




In 2009, rinne roinn taighde an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre suirbhé náisiúnta ar chaitheamh criosanna sábhála ar bhóithre na hÉireann, suirbhé a ndearnadh anailís air in 2010. Bailíodh faisnéis maidir le húsáid criosanna sábhála agus inscne ó thiománaithe a bhí ag taisteal feadh sampla roghnaithe bóithre. Taifeadadh sonraí ó thiománaithe carranna, tiománaithe feithiclí earraí éadroma agus paisinéirí fásta a bhí ina suí chun tosaigh agus ar chúl an chairr. Rinneadh suirbhéanna ar leithligh ar leanaí bunscoile agus meánscoile a bhí ina suí chun tosaigh nó ar chúl an chairr chomh maith.

Bhí 17,130 duine fásta a bhí ina suí chun tosaigh i bhfeithiclí rannpháirteach sa suirbhé, agus tiománaithe ba ea 13,925 (81%) díobh sin as 17,130 duine fásta. Chomh maith leis sin, bailíodh sonraí maidir le 1,396 duine fásta a bhí ina suí ar chúl an chairr. In 2009, taifeadadh go raibh crios sábhála á chaitheamh ag 89% de dhaoine fásta (tiománaithe, paisinéirí chun tosaigh agus ar chúl) – an ráta is airde go dtí seo. Bhí 90% de na tiománaithe a breathnaíodh ag caitheamh crea sa sábhála, gan feabhas% ar bith ar rátaí caithimh in 2008. Seo a leanas na rátaí um caitheamh criosanna sábhála do thiománaithe bunaithe ar shuirbhéanna a rinneadh ar chriosanna sábhála i mblianta roimhe seo:

- 2007 – 88%
- 2006 agus 2005 - 86 %
- 2003 - 85 %
- 2002 - 71 %
- 1999 - 55 %
- 1991 - 52 %

Ag 80%, tugadh ardú 6% faoi deara sna rátaí um chaitheamh criosanna sábhála ar chúl an chairr i measc daltaí bunscoile i gcomparáid le rátaí na bliana 2008 (74%). Tugadh ardú níos suntasaí faoi deara i measc daltaí meánscoile le 83% acu ag caitheamh creasa sábhála ar chúl, méadú 11% i gcomparáid le 2008 (72%).

## Athbhreithniú ar "Straitéisí Sábháilteachta ar Bhóithre na gCóras Sábháilte"

Suas le deich mbliana ó shin, bhí droch-chuma ar thaifead sábháilteachta ar bhóithre na hÉireann i gcomparáid le tíortha eile ar fud na hEorpa. Ó 2000 anonn, tá tréaniarrachtaí déanta sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, lena n-áirítear an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) a bhunú in 2006, agus tá siad mar bhonn le laghdú 48% ar an líon básanna bóthair. Is é an dúshlán atá le sárú ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus ag páirtithe leasmhara eile ná leanúint leis an obair mhaith atá ar bun acu agus an líon básanna agus gortuithe ar Bhóithre na hÉireann a laghdú.

Dá réir sin rinne Roinn Taighde an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre athbhreithniú ar an gcur chuige atá ag tíortha eile a bhfuil taifid mhaithe um shábháilteacht ar bhóithre acu agus, go háirithe, tá sí ag déanamh machnaimh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cur chuige na "gCóras Sábháilte" ar shábháilteacht ar bhóithre in Éirinn. Cur chuige é seo a ghlacann leis an mbonneagar bóthair, le feithiclí agus le húsáideoirí bóithre mar chóras amháin agus a ghlacann freisin nach bhfuil básanna bóthair nó gortuithe tromchúiseacha inghlactha agus go deimhin gurb ionann a leithéid agus fianaise go bhfuil an córas iompair bóthair "briste". Glacann sé leis freisin go dteastaíonn bearta éagsúla, a áireoidh gnéithe nach mbeadh i gcláir thraidisiúnta um shábháilteacht ar bhóithre, chun córas sábháilte iompair bóthair a fhorbairt.

Baineann an cur chuige iomlánaíoch seo freisin le "cur i bhfeidhm" beart atá bunaithe ar chur chuige na gCóras Sábháilte, córas ina leagtar freagracht ar gach duine atá páirteach i ndearadh, i bhforfheidhmiú, in oibriú, i gcothabháil nó i mbainistíocht cabhrú chun fís de chóras inghlactha iompair bóthair a bhaint amach. Ciallaíonn sé seo go bhfuil rannpháirtíocht le grúpa páirtithe leasmhara níos leithne ná mar is gnáth ag teastáil chun clár traidisiúnta um shábháilteacht ar bhóithre a bhunú.

## Léirmheas Litríochta ar Dhea-Chleachtas maidir le húsáid Éadaí Cosanta Gluaisrothair

Rinne an Roinn Taighde, mar chuid de ghníomh a bhí luaite sa Phlean Gnímh um Shábháilteacht Gluaisrothar 2010 -2014, Léirmheas Litríochta ar Dhea-Chleachtas maidir le húsáid Éadaí Cosanta Gluaisrothair. Go hachomair, is léir go bhféadfaí líon suntasach de na gortuithe a bhaineann do ghluaisrothaithe a sheachaint dá mbeadh éadaí cosanta cuí á gcaitheamh acu. Ainneoin rátaí úsáide clogad a bheith ard, cúis ionaidh é, i bhfianaise a gcumais chruthaithe cosanta, nach féidir an ráta seo 100% a bhaint amach. Níor cheart smaoineamh ar níos lú béime a leagan ar na dlíthe a chiallaíonn go bhfuil sé éigeantach clogad a chaitheamh in Éirinn mar atá ar bun i roinnt stát sna SA.

Tá an ráta úsáide éadaí cosanta, seachas clogaid, i bhfad níos ísle. Ainneoin nach gcoisceann nó nach laghdaíonn seaicéid, miotóga, buataisí agus cosantóirí tuairte do na hailt gortuithe ach amháin i gcásanna éadroma go measartha, is ionann a leithéid seo de chásanna agus céatadán suntasach de thimpistí gluaisrothair, agus dá réir sin, tá an cumas laghdaithe gortaithe a bhaineann le héadaí dá leithéid suntasach go leor. I bhfianaise an líon ard gortuithe coise a tharlaíonn mar gheall ar thimpistí gluaisrothair, ba cheart tús áite a thabhairt don ráta úsáide éadaí cosanta do na cosa a mhéadú. Is dócha go dteastaíonn feachtas meán breise chun rátaí úsáide níos airde a spreagadh, feachtas a mbeadh reachtaíocht agus leibhéil laghdaithe CBL ar éadaí cosanta mar bhonn leis. Chomh maith leis sin, cruthaíonn rath an chórais rátála réalt do charranna, EuroNCAP, treoirphlean le haghaidh modha comhchosúla rátála i ndáil leis na cumais chosanta a bhaineann le héadaí cosanta gluaisrothair. Tá éagsúlacht le tabhairt faoi deara i gcáilíocht éadaí cosanta, agus ní mór a bheith airdeallach agus a chinntiú go bhfuil na déantúsóirí ar fad a bhfuil gné chosanta á fógairt acu ar a gcuid éadaí ag cloí le caighdeáin ábhartha deonacha an AE a forbraíodh sa réimse áirithe seo le déanaí.

## Léirmheas Litríochta ar Thionchar na Soilse Reatha Lae (DRLanna) ar Ghluaisrothair i ndáil le Sábháilteacht Ghluaisrothaithe

Rinne an Roinn Taighde, mar chuid de ghníomh a bhí luaite sa Phlean Gnímh um Shábháilteacht Gluaisrothar 2010 -2014, léirmheas litríochta ar dhea-chleachtas in úsáid soilse reatha lae ar Ghluaisrothair. Tugann an léirmheas litríochta a rinneadh ar DRLanna le haghaidh gluaisrothar le fios go bhfuil taighde ar bun ar an ábhar seo le blianta fada anuas. Dá ainneoin seo, mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla a bhain le caidreamh soiléir cúis-agus-éifeacht a bhunú, níl sé indéanta go fóill léargas catagóireach a thabhairt ar laghdú suntasach ar thaismigh bhóthair de thoradh DRLanna do ghluaisrothaithe. Ar an iomlán, áfach, is léargas í an fhianaise atá ar fáil go bhféadfaí feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre (cúpla céatadáin) trí DRLanna gluaisrothair a sholáthar ar bhonn caighdeánach, go háirithe má úsáidtear teicneolaíocht nua-aimseartha ard-éifeachtachta agus íseal-dallta in ionad úsáid a bhaint as ceannsoilse maolaithe. Tá an cur chuige seo níos oiriúnaí don chomhshaol freisin. D'fhéadfaí teacht ar chomhréiteach trí shoilse ard-déine agus na DRLanna seo a úsáid in ionad na soilse comhartha casta reatha. Ainneoin go bhfuil go leor scríofa sa litríocht chun an fhianaise i bhfábhar DRLanna éigeantacha do ghluaisrothair a cháineadh, tá easpa suntasach fianaise le tabhairt faoi deara sa litríocht seo freisin.

## Ciliméadair Feithicle Taistil (VKT) in Éirinn 2010

Tá léargas le fáil sa tuarascáil seo ar na ciliméadair feithicle a taistealaíodh ar an ngréasán bóithre poiblí in Éirinn in 2010. Is é atá mar aidhm leis na suirbhéanna seo ná faisnéis a chur ar fáil don rialtas láir agus áitiúil le haghaidh na nithe seo a leanas:

- pleanáil náisiúnta – tomhais ar thoirt agus ar na cineálacha feithicle atá ag úsáid an ghréasáin bhóithre, agus meastacháin ar thoirt na gciliméadar a taistealaíodh;
- Treoir 1384 79 ón CE – faisnéis mhonatóireachta taistil a theastaíonn ón CE;
- sábháilteacht ar bhóithre: faisnéis faoi shruthanna tráchta ar mhaithe le taighde um shábháilteacht ar bhóithre; agus
- úsáid ghinearálta staitistiúil: faisnéis a theastaíonn ó dhaoine eile le haghaidh úsáidí eile, cosúil le staidéir ar an ngeilleagar agus ar chúrsaí cánach.

**Tá torthaí an staidéir le fáil anseo thíos;**

## Soilse reatha lae – Tuarascáil Suirbhé ar Thrácht Samhradh agus Geimhreadh 2010




Thug an Roinn Taighde san Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi staidéar breathnóireachta feithicle 'Soilse Reatha Lae' ag 92 suíomh ar fud na hÉireann. Bhí áiritheoirí láimhe lonnaithe ag gach suíomh agus é mar aidhm acu súil a choinneáil ar an úsáid dheonach a bhí á baint as soilse feithicle i rith an lae.

Rinneadh suirbhéanna ar laethanta den tseachtain (Luan go Aoine) idir 08:30 agus 18:30 i rith an tsamhraidh (Meán Fómhair 2010) agus arís idir 09:30 agus 15:30 i rith an gheimhridh (Samhain / Nollaig 2010). Rinneadh suirbhéanna ar na príomhbhealaí comaitéara uile i rith uaireanta seachbhuaice d'fhonn a chinntiú nach raibh na feithiclí sin a bhí ar an mbóthar roimh éirí na gréine san áireamh sna torthaí. Rinneadh gach iarracht a chinntiú freisin nach raibh sonraí ar bith á dtaifeadadh nuair a d'fhéadfadh tionchar a bheith ag na coinníollacha aimsire (.i. báisteach throm, gruama, ceo) ag an suíomh ar na torthaí.

| | Príomhúil Náisiúnta | Raon Earráide | Tánaisteach Náisiúnta | Raon Earráide | Iomláin | Raon Earráide |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Rothar | 32.25 | ± 1.42 | 20.34 | ± 0.89 | 52.59 | ± 2.31 |
| Gluaisrothar | 69.85 | ± 3.07 | 21.32 | ± 0.94 | 91.17 | ± 4.01 |
| Carr | 9460.6 | ± 416.27 | 3631.25 | ± 159.78 | 13091.85 | ± 576.04 |
| Earraí Éadroma | 1210.48 | ± 53.26 | 520.96 | ± 22.92 | 1731.44 | ± 76.18 |
| Tarracóir Talmhaíochta | 29.67 | ± 1.31 | 23.66 | ± 1.04 | 53.33 | ± 2.35 |
| Bus | 117.15 | ± 5.15 | 43.02 | ± 1.89 | 160.17 | ± 7.05 |
| Trucail Dhocht | 548.64 | ± 24.14 | 205.71 | ± 9.05 | 754.35 | ± 33.19 |
| Trucail Altach | 486.49 | ± 21.41 | 132.69 | ± 5.84 | 619.18 | ± 27.24 |
| Trucail agus Leantóir | 30.43 | ± 1.34 | 9.52 | ± 0.42 | 39.95 | ± 1.76 |
| | | | | | | |
| Iomláin | **11985.56** | **± 527.36** | **4608.47** | **± 202.77** | **16594.03** | **± 730.14** |

**Tá léargas le fáil anseo thíos ar an líon feithiclí a ndearnadh breathnóireacht orthu i rith an gheimhridh agus an tsamhraidh:**

| Aicme na Feithicle | Feithiclí a ndearnadh breathnóireacht orthu (GACH Suíomh) – an Samhradh | Feithiclí a ndearnadh breathnóireacht orthu (GACH Suíomh) – an Geimhreadh | Feithiclí a ndearnadh breathnóireacht orthu (GACH Suíomh) – an Samhradh agus an Geimhreadh |
|---|---|---|---|
| Carranna | 25,518 | 25,924 | 51,442 |
| LGV | 4,324 | 4,345 | 8,669 |
| Trucailí Dochta | 1,616 | 1,561 | 3,177 |
| Trucailí Altacha | 919 | 943 | 1,862 |
| Busanna | 549 | 455 | 1,004 |
| Gluaisrothair | 333 | 108 | 441 |
| Iomlán | **33,259** | **33,336** | **66,595** |

**Soilse Reatha Lae (de réir Aicme na Feithicle)**

| Aicme na Feithicle | Soilse Reatha – an Samhradh | Soilse Reatha – an Geimhreadh | Soilse Reatha – an Samhradh agus an Geimhreadh |
|---|---|---|---|
| Carranna | 19% | 39% | 29% |
| LGV | 20% | 40% | 30% |
| Trucailí Dochta | 23% | 46% | 35% |
| Trucailí Altacha | 26% | 54% | 40% |
| Busanna | 44% | 68% | 55% |
| Gluaisrothair | 49% | 65% | 53% |
| Gach Cineál Feithicle | **20%** | **40%** | **30%** |

## Imeachtaí Modified Motors – Suirbhé ar Lucht Freastail Meitheamh 2010

Rinne an Roinn Taighde suirbhé dearcaidh ar shamplaí den lucht freastail ag dhá imeacht de chuid Modified Motors a reáchtáladh in 2010 (Baile Átha Cliath agus An Cabhán). Ba é a bhí mar aidhm leis an staidéar ná léargas a fháil ar dhearcthaí na ndaoine ar spéis leo carranna faoi shábháilteacht ar bhóithre agus faoina n-iompraíocht féin. Seo a leanas cuid de thorthaí suntasacha an tsuirbhé;

- Tiománaithe carranna ba ea formhór na ndaoine (97%); tiománaithe gluaisrothar ba ea 5%.
- Bhí láncheadúnas tiomána ag beagnach 9 as 10 – ag 4 as 10 le haghaidh 3 bliana nó níos lú, ag 4 as 10 le haghaidh 4-10 mbliana agus ag 2 as 10 le haghaidh breis agus 10 mbliana.
- Bhí carranna de 1000-2000cc á dtiomáint ag an chuid is mó acu, ach bhí carr de bhreis is 2000cc ag 22% acu.
- Dúirt 83% go raibh “an-spéis” acu i gcarranna agus i dtiomáint.
- Bhí go leor mionathruithe déanta le carranna, go háirithe rothaí níos mó, tiúnadh an chrochta agus modhnú sceithphíopa.
- Bhí pointí pionóis ag 1 as 4 – an ráta is airde i measc daoine idir 25-30 bliain – agus ba í an phríomhchúis leo seo ná go raibh siad ag tiomáint róthapa.
- Deir 98% gur tiománaithe maithe nó an-mhaith iad, cé nach deir ach 65% acu go bhfuil scileanna maithe nó an-mhaith tiomána ag tiománaithe óga.
- Deir 6 as 10 go gcaitheann an pobal i gcoitinne go dona le tiománaithe óga agus measann níos mó ná 6 as 10 go gcaitheann na Gardaí go dona le tiománaithe óga. Tá daoine idir 18-21 feargach go leor mar gheall air seo

## Leabharlann

Tá leabharlann taighde bunaithe ag an roinn taighde i gceanncheathrú an RSA i mBéal an Átha. Is acmhainn shuntasach faisnéise í an leabharlann anois faoi gach gné de shábháilteacht ar bhóithre.

## Sparánachtaí

Mhaoinigh an roinn taighde, thar ceann an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, dhá staidéar PhD nua in 2010 mar aon le monatóireacht a dhéanamh ar staidéar a maoiníodh in 2009.

| | Ábhar | Institiúid | Maoirseoir |
|---|---|---|---|
| Tosaithe in 2009 | Ag Foghlaim faoi Chontúirtí Tiomána: ó bhrath guaiseacha go láimhseáil guaiseacha | Roinn na Síceolaíochta Feidhmí, Coláiste na hOllscoile Corcaigh. | An tOllamh John A Groeger |
| | Ag déanamh measúnaithe ar idirghabhálacha um shábháilteacht ar bhóithre: Ról na dtosca neasacha agus cianda i gcomhshamhlú difreálach an eolais, na scileanna agus na ndearcthaí dírithe ar shábháilteacht atá i measc déagóirí. | Scoil na Síceolaíochta, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. | An Dr. Michael Gormley agus an Dr. Kevin Thomas |
| Tosaithe in 2010 | Inniúlacht tiomána i ndiaidh neamhoird néareolaíoch: measúnú tiomána easbhóthair, ionsamhlaithe agus ar an mbóthar a chomhtháthú. | Scoil na Síceolaíochta Feidhmí, Coláiste na hOllscoile Corcaigh. | An tOllamh John A Groeger |
| | Anailís agus athchruthú timpistí feithicle dhá-roth lena mbaineann gortú cloiginn. | Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla, Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | An tOllamh Michael D. Gilchrist |
| | Próifíl síceolaíoch na dtiománaithe óga fireanna atá athléimneach i leith Feachtas um Shábháilteacht ar Bhóithre a dhearbhú agus na cineálacha teachtaireachtaí a mhaolaíonn intinn na bhfear áirithe sin dul i mbun rioscaí tiomána a aithint. | Scoil na Síceolaíochta, OÉ Gaillimh. | An Dr. Kiran Sarma |
| | Togra maidir le hIonad Náisiúnta Staidrimh um Ghortú Trámach Inchinne agus Chorda an Dromlaigh a fhorbairt. | An tOspidéal Náisiúnta Athshlánúcháin. | An Dr. Aine Carroll |

## Idirchaidreamh Idirnáisiúnta

Tá an RSA tiomanta do rannpháirtíocht i dtaighde Eorpach agus do chumas taighde um shábháilteacht ar bhóithre den chaighdeán is airde a fhorbairt laistigh den údarás. Rinne an roinn taighde ionadaíocht thar ceann an RSA ag cruinniú bliantúil de Bhord an Fhóraim Institiúidí Taighde Eorpaigh um Shábháilteacht ar Bhóithre (FERSI); cruinniú bliantúil an OECD – Fóram Idirnáisiúnta Iompair; Bunachar Sonraí Idirnáisiúnta um Thrácht agus Timpistí ar Bhóithre (IRTAD), comhdháil dhébhliantúil na Comhdhála Idirnáisiúnta ar Alcól agus Drugaí i Sábháilteacht Iompair (ICADTS) agus cruinniú bliantúil PIN de cuid Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC).

## Comhdháil agus Painéal PIN an ETSC (Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa)

Tá ionadaíocht ag Roinn Taighde an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre ar phainéal PIN de chuid Innéacs Feidhmíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre an ETSC. Is ionstraim bheartais í PIN le cabhrú le Ballstáit an AE sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Trí chomparáid a dhéanamh idir fheidhmíocht na mBallstát, tá sé mar aidhm leis Dea-Chleachtas a aithint agus a chur chun cinn san Eoraip agus an cineál ceannaireachta polaitiúla atá de dhíth chun an méid atá tuilte ag saoránaigh a chruthú – córas iompair bóthair atá sábháilte.

Foilsítear comparáidí trastíre trí huaire sa bhliain sa tsraith Foilseachán PIN um Shábháilteacht ar Bhóithre. Sna trí bliana tosaigh, léiríodh 13 comparáid trastíre maidir le 10 réimse éagsúil de shábháilteacht ar bhóithre. I mí an Mheithimh gach bliain seoltar Tuarascáil PIN ag Comhdháil Bhliantúil PIN. Rinne an Roinn Taighde athbhreithniú mar aon le sonraí agus faisnéis a sholáthar do na foilseacháin seo a leanas in 2010;

- Ag dul i ngleic leis na trí phríomhghné mharfach ar na bóithre Tosaíocht do Chlár Gníomh an AE um Shábháilteacht ar Bhóithre atá le teacht

  http://www.etsc.eu/documents/05.05%20-%20PIN%20Flash%2016.pdf

- An Sprioc um Shábháilteacht ar Bhóithre i radharc: An méid ama atá caillte a chúiteamh

  http://www.etsc.eu/documents/ETSC%20PIN%20Report%202010.pdf

- Líon na mbásanna ar bhóithre tuaithe a laghdú – Tosaíocht don “Deich mbliana gníomhaíochta” atá romhainn

  http://www.etsc.eu/documents/PIN_Flash_18.pdf

## BESTPOINT

Is comhpháirtí í roinn taighde an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre i dtionscadal atá á mhaoiniú ag Coimisiún an AE dar teideal BESTPOINT. I measc na gcomhpháirtithe eile tá institiúidí um shábháilteacht ar bhóithre cosúil le; SWOV (An Ísiltír), KfT (An Ostair), CDV (Poblacht na Seice), BAST (An Ghearmáin) agus ETSC (An Bheilg). Is é atá mar aidhm le BESTPOINT ná critéir dea-chleachtais maidir le córais na bpointí pionóis a bhailiú, a anailísiú, a achoimriú agus a scaipeadh mar aon le huirlis a fhorbairt ar mhaithe le comhchuibhiú a chinntiú ar leibhéal Eorpach. D’fhonn an sprioc seo a chomhlíonadh déanfar anailís chuimsitheach litríochta a bheidh mar bhonn le huirlisí measúnaithe. Trí úsáid a bhaint as na huirlisí sin agus bailiúchán sonraí uile-Eorpach maidir le DPS, cuirfear liosta de chritéir dea-chleachtais i dtoll a chéile a phléifear a thuilleadh ar leibhéal náisiúnta agus Eorpach. Ar deireadh, cuirfear treoirlínte dea-chleachtais (lámhleabhar) i dtoll a chéile a bheidh mar bhonn le córas éifeachtach pointí pionóis a chur i bhfeidhm. Cuirfear críoch leis an tionscadal in 2012.

## SARTRE4
## (Dearcthaí Sóisialta i leith an Riosca Tráchta ar Bhóithre san Eoraip)

Is comhpháirtí í roinn taighde an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre i dtionscadal atá á mhaoiniú ag Coimisiún an AE dar teideal SARTRE4. I measc na gcomhpháirtithe eile tá institiúidí um shábháilteacht ar bhóithre cosúil le; SWOV (An Ísiltír), KVT (An Ostair), BAST (An Ghearmáin), AVT (An tSlóivéin), IFSTARR (An Fhrainc), ITS (An Pholainn), VTI (An tSualainn) agus an ETSC (An Bheilg). Is i bhfoirm suirbhé a dhéanfar an tionscadal, agus déileálfar le saincheisteanna cosúil le taithí ar shoghluaisteacht, an tuiscint atá ag cineálacha éagsúla úsáideoirí bóithre ar riachtanais sábháilteachta; dearcthaí agus eispéiris maidir le luas, tiomáint lagaithe; dearcthaí i leith gluaisrothaithe, coisithe agus úsáideoirí bóithre eile. Tá sé bunaithe ar shuirbhé coiteann ionadaíoch a bheidh le déanamh i ngach ballstát rannpháirteach, mar aon le hanailís roinnte ar an mbunachar sonraí mór. Beidh an fhaisnéis úsáideach chun comparáid a dhéanamh idir sheasamh coibhneasta na mballstát ar na saincheisteanna a scrúdaítear. Chomh maith leis sin, cabhróidh sí le measúnú a dhéanamh ar inghlacthacht shaoránaigh an AE (agus náisiúnta) le beartais um shábháilteacht ar bhóithre, na srianta nó na buntáistí a bhaineann le bearta reatha um shábháilteacht ar bhóithre, nó tacaíocht le haghaidh beart agus beartas nua. Cuirfear críoch leis an tionscadal in 2012.

## Teagasc Tiomána Faofa (ADI)

Go náisiúnta, tá 1,814 teagascóir tiomána faofa ag obair sa tionscal.

**An líon Tástálacha ADI déanta in 2010**

| | |
|---|---|
| Céim 1 | 618 |
| Céim 2 | 519 |
| Céim 3 | 322 |
| Tástálacha Seiceála | 1504 |

adi RSA

Approved Driving Instructor




## Bunoiliúint Tosaigh (IBT) – Gluaisrothair

Is cúrsa éigeantach oiliúna é Bunoiliúint Tosaigh (IBT) a mhúineann scileanna bunúsacha tiomána do ghluaisrothaithe atá ag foghlaim. Is cuid de scéim um Cheadúnas Tiomána Grádaithe (GDL)an RSA é a bhfuil sé mar aidhm leis sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú.

Is cúrsa 16 uair an chloig é IBT atá roinnte i gceithre mhodúl atá le críochnú in ord faoi leith. Tá meascán de theoiric agus de scileanna praiticiúla tiomána san áireamh sna modúil seo.

Nuair a bhíonn cúrsa IBT críochnaithe ag foghlaimeoir, déanfaidh an teagascóir taifead de shonraí na hoiliúna i logleabhar an fhoghlaimeora agus eiseofar Deimhniú Comhlánaithe Sásúil dóibh. Ní mór don fhoghlaimeoir an deimhniú a iompar nuair a bhíonn sé/sí ar an ngluaisrothar de réir theidlíocht an cheadúnais tiomána.

Deis atá sa Chúrsa do ghluaisrothaithe dul chun cinn a dhéanamh ó ghluaisrothar beag a thiomáint go gluaisrothar níos mó nó ó ghluaisrothar uathoibríoch a thiomáint go ghluaisrothar de chineál láimhe gan an cúrsa iomlán a dhéanamh arís, trí Mhodúl tiontaithe a dhéanamh

Níl cúrsaí IBT á dteagasc ach amháin in ionaid oiliúna IBT faofa an RSA agus níl cead ach ag teagascóirí IBT faofa ón RSA na cúrsaí seo a theagasc. Sula dtosaíonn foghlaimeoir ag foghlaim, ba cheart a sheiceáil go bhfuil deimhniú faofa ón RSA faighte ag an ionad agus ag an teagascóir araon.

I láthair na huaire, tá 89 Teagascóir Gluaisrothair ar fud na tíre agus astu sin tá cead ag 41 díobh cúrsaí oiliúna IBT a theagasc.


Tá córais RSA forbartha d'fhonn a chinntiú go bhfuil an oiliúint éigeantach déanta ag gach foghlaimeoir sula ndéantar an scrúdú le haghaidh deimhnithe inniúlachta (Tástáil phraiticiúil tiomána)


## Oiliúint Tiománaithe Riachtanach (EDT) – Tiománaithe Carranna agus Veaineanna Éadroma

Is léir ó staidéir atá déanta go bhfuil níos mó seans ann go gcaillfear nó go dtarlóidh gortú tromchúiseach do thiománaithe óga agus do thiománaithe gan taithí in imbhuailtí, agus áirítear EDT ar cheann de roinnt beart éagsúil ar chuir an RSA tús leo ar mhaithe le heolas criticiúil tiomána, scileanna agus iompraíochtaí tiománaithe óga a fheabhsú. Táthar ag obair ar thús a chur le EDT a chuirfear i bhfeidhm in Aibreán 2011.

Ón dáta sin ar aghaidh, beidh dualgas ar gach sealbhóir ceadúnais céaduaire i gCatagóir 'B' (Carranna agus Veaineanna éadroma) an cúrsa EDT maidir le hoiliúint tiománaithe a chur i gcrích. Cuid den phróiseas é córais an RSA a nuashonrú d'fhonn a chinntiú go bhfuil an oiliúint éigeantach EDT déanta ag gach foghlaimeoir sula dtugann siad faoin scrúdú le haghaidh deimhnithe inniúlachta (Tástáil phraiticiúil tiomána).

*Stádas an ADI – ag deireadh mhí na Nollag 2010*




- Próiseáil Tosaigh
- Ag Céim 1 *(Tuiscint ar shábháilteacht ar bhóithre)*
- Ag Céim 2 *(Cumas tiomána)*
- Ag Céim 3 *(Cumas daoine a theagasc)*
- I ndiaidh Céim (Ag feithimh ar chlárú)
- Cláraithe mar ADIanna

- Ag Céim 1 *(Tuiscint ar shábháilteacht ar bhóithre)*
- Ag Céim 2 *(Cumas tiomána)*
- Ag Céim 3 *(Cumas daoine a theagasc)*
- Tástáil Seiceála

Tá an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre tiomanta do chlár taighde fadtéarmach um shábháilteacht ar bhóithre a fhorbairt.

# Caighdeáin Feithiclí agus Forfheidhmiú

Tá ceanncheathrú na Stiúrthóireachta um Chaighdeáin agus Forfheidhmiú bunaithe i mBaile Locha Riach, áit a bhfuil na feidhmeanna um fhorfheidhmiú agus tástáil feithiclí tráchtála bunaithe.T Tá an fheidhm um Chaighdeáin Feithiclí lonnaithe i gCeanncheathrú an RSA i mBéal an Átha.

Cuimsíonn an Stiúrthóireacht um Chaighdeáin agus Forfheidhmiú na príomhréimsí agus feidhmeanna seo a leanas:

- **cineálcheadú agus rialúchán ar chur chun seirbhíse feithiclí nua agus rialúchán feithiclí atá in úsáid ar ár mbóithre;**
- **reachtaíocht iompair bóthair náisiúnta agus AE maidir le tacagraif, rialacha tiománaithe, Treoir um Am Oibre agus ceadúnú oibríochtaí tarlaithe bóthair agus paisinéara a chur i bhfeidhm;**
- **maoirsiú a dhéanamh ar an scéim Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála d'fhonn cáilíocht agus sláine na scéime a chinntiú agus cuidiú leis An Garda Síochána i ndáil le seiceálacha ródacmhainneachta ar thaobh an bhóthair ar fheithiclí tráchtála;**
- **an tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna a riaradh agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an chonraitheora ar son an Stáit;**
- **scéim eisiúna an Chárta Tacagraif Dhigitigh a riaradh ar son an Stáit.**

**Is é aidhm foriomlán na Stiúrthóireachta ná a chinntiú go bhfuil caighdeáin agus nósanna imeachta tástála feithiclí na hÉireann ar aon dul le dea-chleachtas agus gur féidir le hoibreoirí agus le tiománaithe feithiclí tráchtála a n-oibleagáid a shásamh chun feithiclí tráchtála a úsáid agus a fheidhmiú go sábháilte agus go ndéanann siad sin.I Is é an aidhm atá léi freisin ná a chinntiú go gcabhraíonn obair na Stiúrthóireachta leis an RSA bheith ina údarás aitheanta ag a bhfuil tionchar ar shábháilteacht ar bhóithre.**



## Caighdeáin Feithiclí

Tá caighdeáin feithiclí ag athrú agus ag feabhsú go leanúnach de bharr forbairtí sábháilteachta, comhshaoil agus teicneolaíochta. Tá oibleagáid láidir reachtúil ann chomh maith caighdeáin feithiclí a rialú mar thoradh ar Achtanna um Thrácht ar Bhóithre na hÉireann agus Treoracha ón CE.

Déanann an RSA ionadaíocht thar ceann na hÉireann ag fóraim CE agus idirnáisiúnta agus tá siad freagrach as ionchur i mbeartas AE agus é a fhorfheidhmiú, a bhaineann le cineálcheadú agus cur chun seirbhíse feithiclí nua. Tá an RSA freagrach chomh maith as reachtaíocht nua um Thrácht ar Bhóithre a mholadh d'fheithiclí atá in úsáid ar ár mbóithre.

Oibríonn an RSA go dlúth le roinnt comhlachtaí Stáit eile maidir le caighdeáin feithiclí, lena n-áirítear an Roinn Iompair, na Coimisinéirí Ioncaim, Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

## Cineálcheadú Feithicle Iomláin CE



Cuireadh tús le Cineálcheadú Feithicle Iomláin na gComhphobal Eorpach (ECWVTA) agus a gcuid Scéimeanna Náisiúnta gaolmhara in Éirinn in Aibreán 2009. Is é cuspóir an chórais chineálcheadaithe ná bacainní ar dhíolachán feithiclí bóthair idir Bhallstáit an Aontais Eorpaigh a bhaint agus ag an am céanna a chinntiú go gcloíonn feithiclí le riachtanais choitianta sábháilteachta agus comhshaoil. Faoi láthair, ní mór go mbeadh cineálcheadú ag gach carr agus ag cineálacha áirithe busanna.  Ag dátaí éagsúla go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2014, beidh ar veaineanna, trucailí, busanna agus leantóirí cloí le riachtanais chineálcheadaithe feithicle iomláin freisin chun bheith cláraithe in Éirinn. In 2010 thug an tAire na rialacháin um chineálcheadú agus cur chun seirbhíse cothrom le dáta agus shínigh sé ina ndlí iad chun nuashonruithe nuafhoilsithe ar Threoracha AE a thrasuí.

Is é Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) an t-údarás deimhnithe cineálcheadaithe (www.nsai.ie). Oibríonn an RSA go dlúth leis an NSAI lena chinntiú go bhfuil an córas cineálcheadaithe ag obair go héifeachtach. In 2010 ceadaíodh cineálcheadaithe Éireannacha iomadúla agus tugadh méadú suntasach faoi deara sa tacaíocht a bhí á tabhairt do dhéantúsóirí agus do thiontairí feithicle Éireannacha atá ag ullmhú chun riachtanais ECWVTA a chomhlíonadh.

## Comhairliúchán Phoiblí

I rith 2010, thug an RSA faoi na comhairliúcháin phoiblí seo a leanas maidir le Caighdeáin Feithiclí:

**Mótarcharbháin** – Tá na moltaí a d'eascair ón gcomhairliúchán agus ón athbhreithniú a rinneadh ar thástáil ródacmhainneachta do mhótarcharbháin le cur i bhfeidhm. Déanfar na feithiclí seo a thástáil sa VTN agus de réir na minicíochta céanna leis an tástáil NCT le haghaidh carranna, agus táimid ag súil go síneofar dréachtrialacháin ina ndlí in 2011.

**Meaisíní Soghluaiste** – Glacadh leis na moltaí a rinneamar maidir le tástáil ródacmhainneachta ar mheaisíní soghluaiste cosúil le druilirí tobair, caidéil choincréite s.rl. Tástálfar iad gach bliain ag an VTN. Síneofar rialacháin ina ndlí in 2011 mar aon leis na rialacháin do Mhótarcharbháin.

**Soilse Reatha Lae** – Thacaigh aiseolas a fuarthas ag an gcomhairliúchán poiblí le húsáid DRL (Soilse Reatha Lae) agus cuirfear an ghné thábhachtach um fheabhsú sábháilteachta seo i bhfeidhm tríd an bhflít trí athnuachan nádúrtha ó tharla go mbeidh DRL suiteáilte i ngach feithicil nua de réir caighdeáin.

**Feithiclí Discríofa** - cuireadh tús le comhairliúchán i mí na Nollag 2010, a raibh sé mar aidhm leis dearcthaí agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara a fháil maidir le scéim todhchaíodh ar mhaithe le Feithiclí Díscríofa a rialú in Éirinn. Cuirfear reachtaíocht bheartais agus tacaíochta faoin tionscnamh tábhachtach um fheabhsú caighdeáin feithiclí seo i bhfeidhm in 2011.

**Frithcháitheadh** - tá dul chun cinn déanta ar an tuarascáil agus ar na moltaí a d'eascair ón gcomhairliúchán agus cuirfear rialacháin i bhfeidhm go luath in 2011 d'fhonn a chinntiú go mbeidh frithcháitheadh feistithe i ngach trucail nua níos mó ná 7.5 t agus i ngach leantóir níos mó ná 3.5 t ón 1ú Meán Fómhair 2011.

## Criosanna Sábhála ar Bhusanna

Faoi Mheán Fómhair 2011 beidh sé riachtanach de réir an dlí go mbeidh criosanna sábhála ar gach bus a bhfuil leanaí ag taisteal air. Cuireadh dianchomhairliúchán i gcrích d'fhonn cabhrú le hullmhú don riachtanas seo agus áiríodh doiciméad faoi Threoirlínte RSA ann chun cabhrú le suiteálacha cuí do chriosanna sábhála a aithint. Tá tástáil fíoraithe creasa sábhála anois san áireamh sa tástáil bhliantúil ródacmhainneachta d'fhonn a chinntiú go bhfuil na criosanna sábhála atá feisithe sa bhus ar chaighdeán inghlactha. Fuair gach úinéir Bus Nóta cuimsitheach Faisnéise maidir leis na riachtanais nua agus bhí Treoirlínte RSA ann freisin d'fhonn cabhrú leo na suiteálacha cuí do chriosanna sábhála a aithint. Bunaíodh líne chabhrach faoi leith le déileáil le ceisteanna agus ullmhaíodh cúrsa CPD le haghaidh Tástálaithe Údaraithe inar míníodh an nós imeachta fíoraithe a bhaineann le criosanna sábhála.

## Tástáil Torainn NCT

D'fhonn déileáil le himní a bhí ar an bpobal maidir le torann ard ó sceithphíopaí, chuir an NCT tús le tástáil. Chomh maith leis sin, tá méadair maidir le torann a thomhas ag na Gardaí anois d'fhonn cabhrú leo an teorainn 99db a chur i bhfeidhm, agus ar an tslí seo, stop a chur le tiománaithe sceithphíopaí torannacha a fheistiú ar charranna i ndiaidh dóibh an NCT a phasáil.

## Coscánú

I ndiaidh comhairliúcháin phoiblí a rinneadh in 2009, tá rialacháin i bhfeidhm anois a chiallaíonn nach mór coscáin atá ag comhlíonadh leis na rialacháin is déanaí, lena n-áirítear ABS, coscánú uile rotha s.rl. a fheistiú ar fheithiclí paisinéirí nua, feithiclí earraí agus leantóirí.

## Athbhreithniú ar Theorainneacha Meáchain do Mhótarfheithiclí agus do Leantóirí in Éirinn

Tá tuarascáil an RSA, a d'eascair ón Athbhreithniú Meáchan, ag an Roinn faoi láthair atá i mbun athbhreithnithe a bhfuil sé mar aidhm leis measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag méadú meáchain ar bith ar bhonneagar na mbóithre. Tá sé beartaithe é seo a bheith críochnaithe in Aibreán/Bealtaine 2011. Tá an maolú 42 tona le haghaidh feithicle altaí 5 acastóir fós i bhfeidhm.

## Athbhreithniú ar Úsáid Feithiclí Talmhaíochta agus Oibre ar Bhóithre na hÉireann

I lár 2010, d'fhaomh an tAire tuarascáil agus moltaí an RSA maidir le hÚsáid Feithiclí Talmhaíochta. Foilseofar an tuarascáil seo i lár 2011. Cuirfear tús leis na moltaí a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin.

## Fóram Comhairleach Teicniúil

I rith 2010, lean an Fóram Comhairleach Teicniúil ag soláthar ionchuir luachmhair maidir le caighdeáin agus ábhair theicniúla na tástála ródacmhainneachta amach anseo in Éirinn. Rinneadh athbhreithniú ar an tástáil LGV (Feithicil Earraí Éadroma) agus áirithe ann bhí nuashonruithe chun dul chun cinn i ndearadh agus in innealtóireacht feithiclí a chur san áireamh. Tá ionadaithe ó DIT, NCT, SIMI, Cigireacht Feithicle an RSA, Oifigigh Údaraithe Údaráis Áitiúil, An Garda Síochána, oifig an Rialtóra Tacsaithe, Coiste Tástálaithe VTN, AA, Irish Tyre Industry Association agus NSAI páirteach san Fhóram.

## Ionadaíocht an AE

Rinne Caighdeáin Feithiclí ionadaíocht thar ceann na hÉireann ag cruinnithe coiste iomadúla i rith 2010 lena n-áirítear an Coiste Teicniúil um Mótarfheithiclí agus cruinnithe grúpaí oibre maidir le mais agus toisí feithiclí agus athbhreithnithe ar an gCreat-Treoir cineálcheadaithe.

## Tástáil Feithicle

De réir na Treorach 2009/40 CE, caithfidh Ballstáit an Aontais Eorpaigh socruithe a bheith i bhfeidhm chun tástáil éigeantach thréimhsiúil a dhéanamh ar ródacmhainneacht mhótarfheithiclí agus leantóirí atá cláraithe leo. Ón 13ú Meán Fómhair 2006, tá freagracht ar an RSA maidir le tástáil feithicle, lena n-áirítear feidhmiú an chonartha tástála náisiúnta carranna.




## Conradh NCTS 2010 go 2019

Faoin gconradh atá ag an RSA le A+ Car Testing Service tá dualgas ar an gconraitheoir roinnt caighdeán sainiúil feidhmíochta a bhaineann le raon leathan réimsí oibríochta a chomhlíonadh, lena n-áirítear: am feithimh chustaiméirí, sástacht chustaiméirí agus sláine na tástála. Áirítear leasuithe feidhmíochta sa chonradh, leasuithe ar féidir leis an RSA a chur i bhfeidhm sa chás go dteipeann ar an gconraitheoir na riachtanais feidhmíochta a chomhlíonadh. Déanann an RSA monatóireacht leanúnach ar fheidhmíocht an NCT.

Bliain dhúshlánach do Applus ba ea 2010, de bhrí gurbh í an chéad bhliain aige i mbun feidhmithe agus mar gheall ar an ardleibhéal éilimh a bhí ann in 2010. In 2010, d'éirigh le Applus na riachtanais feidhmíochta i ndáil le seirbhísí do chustaiméirí a chomhlíonadh le scór 84% sa Suirbhé um Shástacht Chustaiméirí. Ó mhí Lúnasa 2010 ar aghaidh chomhlíon sé an riachtanas maidir le réamhfhógraí a eisiúint freisin.

I ndiaidh na chéad ráithe, rinne Applus dul chun cinn suntasach i ndéileáil le saincheisteanna acmhainne agus éilimh. Idir Bealtaine agus Nollaig 2010, rinneadh tástáil ar 78,692 feithicil bhreise i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2009. In 2010 b'ionann na leibhéil seirbhíse sa lárionad glaonna agus 87% de ghlaonna freagartha laistigh de 15 soicind i gcomparáid le 75% in 2009, ainneoin gur déileáladh freisin le 33% de ghlaonna breise.



## Tástáil NCT

Tar éis comhairliúcháin phoiblí in 2009, mhol an RSA go gcuirfí roinnt míreanna tástála nua leis an NCT ón 1ú Aibreán 2010. Áirítear i measc na míreanna nua, a shínigh an tAire ina ndlí i mí na Nollag 2009:

- teimhneacht an ghaothscátha agus na taobhfhuinneoige tosaigh;
- cúl-lampa ceo;
- lampa cúlaithe;
- boinn – E nó e-mharc riachtanach;
- táscairí mífheidhme d'Aermhálaí, córais Leictreonacha Rialaithe Cobhsaíochta (ESC) agus Córais Choscánaithe Leictreonacha (EBS) / Córas Coscánaithe Frithghlasála (ABS);
- cúl-lampa pláta clárúcháin;
- torann ó sceithphíopa feithicle.

## Athruithe ar an NCT le héifeacht ó Mheitheamh 2011

Cuirfear tús le tástáil bhliantúil ar charranna atá 10 mbliana d'aois ar an 1 Meitheamh, 2011 .i. tabharfar teastas a bheidh bailí ar feadh bliain amháin do charranna atá níos mó ná 10 bliana d'aois a thástálfar ar nó i ndiaidh an 1ú Meitheamh.

Tá níos mó seans ann go mbeidh feithiclí níos sine páirteach in imbhualadh. Is léir ó staitisticí na nImbhuailtí Bóithre 2009 go raibh feithiclí a bhí 10 mbliana d'aois nó níos sine páirteach in 41.5% d'imbhuailtí a raibh bás mar thoradh othu. Bhí baint ag feithiclí a bhí 10 mbliana d'aois nó níos sine le beagnach leath (46%) de na gortuithe tromchúiseacha ó imbhuailtí a tharla in 2009.

Líon Tástálacha déanta ag an NCTS

- in 2007, rinneadh 686,705 tástáil iomlán ar bhain pasráta 51.8% leo, agus rinneadh 330,997 atástáil ar bhain pasráta 86.3% leo.
- in 2008, rinneadh 835,802 tástáil iomlán ar bhain pasráta 51.9% leo, agus rinneadh 402,125 atástáil ar bhain pasráta 86.8% leo.
- in 2009, rinneadh 864,499 tástáil iomlán ar bhain pasráta 51.5% leo, agus rinneadh 367,467 atástáil ar bhain pasráta 90.7% leo
- in 2010, rinneadh 893,713 tástáil iomlán ar bhain pasráta 51.7% leo, agus rinneadh 379,622 atástáil ar bhain pasráta 90.6% leo

## Tástáil Feithiclí Tráchtála




Breis agus 147 ionad tástála príobháideach arna cheapadh agus arna mhaoirsiú ag na hÚdaráis Áitiúla i láthair na huaire atá i mbun tástála bliantúla ar fheithiclí tráchtála in Éirinn. Bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir na hionaid tástála ar fáil don RSA, rinneadh breis is 118,838 tástáil ar Fheithiclí Earraí Troma (laghdú níos lú ná 0.5% i gcomparáid le 2009) agus 386,692 tástáil ar Fheithiclí Earraí Éadroma (agus méadú beagán níos mó ná 1% i gcomparáid le 2009) in 2010.

In 2010, thug Cigirí Feithicle an RSA 173 cuairt ar ionaid tástála um an Líonra Tástála Feithicle ar mhaithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh le caighdeáin na n-ionad tástála feithiclí tráchtála agus ar chomhsheasmhacht na tástála. Pléadh na saincheisteanna a tugadh faoi deara leis na hÚdaráis Áitiúla atá freagrach as ceadúnú agus maoirsiú na n-ionad tástála feithiclí tráchtála.

## Seiceálacha ar thaobh an bhóthair ar ródacmhainneacht feithiclí tráchtála

Tá na Gardaí freagrach as ródacmhainneacht feithiclí tráchtála a fhorfheidhmiú ar thaobh an bhóthair. Tacaíonn an RSA leo leis an méid seo a chur i gcrích. Ghlac Cigirí Feithicle an RSA páirt in 440 seicphointe ar thaobh an bhóthair in 2010, arb ionann iad agus méadú breis is 47% ó 2009. Cuireadh seiceálacha ródacmhainneachta i gcrích ar 3,612 HGV agus thug na seiceálacha seo le fios gur bhain lochtanna le 1,706 nó 47% d'fheithiclí agus bhain lochtanna chomh tromchúiseach sin le 40% de na feithiclí seo gur éilíodh gníomhú láithreach bonn, cosúil le gabháil feithiclí, deisiúchán ar an láthair nó tástáil nua. Astu seo, bhí ceadúnas oibreora ag 2,610 nó 72% de na feithiclí agus astu seo, bhí lochtanna ar 45% acu.

## Tuarascálacha ó Bhallstáit eile an AE ar fheithiclí tráchtála na hÉireann

I rith 2010, fuair an RSA tuairiscí ón Vehicle Operator Standards Agency sa Ríocht Aontaithe (VOSA) go raibh 4,904 feithicil tráchtála Éireannach stoptha sa RA mar gheall ar lochtanna feithicle agus go raibh 27% de na lochtanna seo tromchúiseach. Leantóirí ba ea breis is 55% de na feithiclí lochtacha a thuairiscigh VOSA agus bhí 29% de na lochtanna leantóra tromchúiseach. In 2010, thaifead agus d'athbhreithnigh an RSA gach tuairisc a fuarthas agus eisíodh 974 litir d'oibreoirí a bhain le lochtanna tromchúiseacha.

## Cothabháil Feithicle Tráchtála

In 2010, sheol an RSA "Treoir um feithiclí tráchtála a choimeád ródacmhainneach" [Guide to keeping commercial vehicles roadworthy]. Rinneadh forbairt ar an treoir seo i ndiaidh cláir phíolótaigh chothabhála oibreora a rinneadh in 2009, a raibh sé mar aidhm leis aird a tharraingt ar an tábhacht agus ar na buntáistí a bhaineann le córas éifeachtach coisctheach um chothabháil feithicle a bheith i bhfeidhm d'oibreoirí. Áirítear sa treoir seo sonraí maidir le conas is féidir le hoibreoir córas éifeachtach, coisctheach cothabhála a chur i bhfeidhm, córas a áiríonn réitigh chéille, ísealchostais, simplí atá éasca le cur i bhfeidhm ag gach oibreoir. Chomh maith leis sin, baineann go leor buntáistí le córas éifeachtach cothabhála feithicle a bheith i bhfeidhm, lena n-áirítear sástacht chustaiméirí feabhsaithe, níos lú clistí feithiclí, costais chothabhála laghdaithe agus sábháilteacht ar bhóithre feabhsaithe do gach úsáideoir bóithre. D'fhéadfaí formhór na lochtanna ag taobh an bhóthair a thabhairt faoi deara trí shiúl timpeall ar an gcarr agus d'fhéadfaí na lochtanna a chur ina gceart go héasca roimh aghaidh a thabhairt ar an mbóthar san fheithicil – áirítear sa treoir póstaeir seiceála um shiúl timpeall le haghaidh feithiclí difriúla a thugann sonraí ar na rudaí sin ar cheart do thiománaí a sheiceáil.

## Feithicil Tráchtála Athchóiriú Ródacmhainneachta

In 2006, ar iarratas ón Aire Iompair, choimisiúnaigh an RSA athbhreithniú agus measúnú bunúsach ar bheartas, ar sheachadadh agus ar éifeachtacht mhonatóireachta na tástála ródacmhainneachta ar fheithiclí tráchtála.

Ghlac an tAire Iompair le torthaí an athbhreithnithe. D'fhoilsigh an RSA an tuarascáil agus cuireadh na torthaí in iúl don tionscal iompair, do bhainisteoirí na n-ionad tástála, d'údaráis áitiúla agus do pháirtithe leasmhara eile.

Moladh clár athchóirithe san athbhreithniú a chiallóidh go mbeidh an RSA freagrach go hiomlán as an réim ródacmhainneachta feithiclí tráchtála seachas na hÚdaráis Áitiúla. Tharraing an t-athbhreithniú aird ar 3 phríomhréimse gníomhaíochta a chinnteodh, dá gcuirfí i bhfeidhm go héifeachtach iad, caighdeán ródacmhainneachta feithiclí tráchtála i bhfad níos airde. Is iad sin forfheidhmiú ar thaobh an bhóthair, seiceálacha tréimhsiúla agus seiceálacha oibreoirí. Moladh san athbhreithniú gur cheart thart ar 20 feabhas a chur i gcrích i roinnt réimsí, lena n-áirítear oibríochtaí ionad tástála, TF agus córais bhainistíochta faisnéise ("**MIS**"), socruithe maoirseachta, forfheidhmiú, comhlíonadh oibreoirí, agus iompar earraí contúirteacha("**ADR**").

D'fhaomh an tAire na moltaí agus leag sé de chúram ar an RSA maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na leasuithe. Bunaíodh grúpa forfheidhmithe athchóirithe, faoi chathaoirleacht an RSA, ar a bhfuil ionadaithe de chuid na bpríomhpháirtithe leasmhara cosúil leis an Roinn Iompar, An Garda Síochána agus Údaráis Áitiúla chun forbhreathnú a dhéanamh ar an bhforfheidhmiú. Tá sé beartaithe críoch a chur leis an gclár sa chéad ráithe de 2013.



## Líon na dTástálacha in aghaidh an Ionaid in 2010

| Ainm an stáisiúin | Pas (An Chéad Tástáil) | Teip (An Chéad Tástáil) | Pas (I ndiaidh Atástála) | Teip (Atástáil) nó As Láthair | Iomlána na bPasanna | Iomlán na dTástálacha (Tréimhsiúil) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Mainistir na Féile | 6230 | 4905 | 4238 | 667 | 10468 | 11135 |
| An tInbhear Mór | 6583 | 7470 | 5971 | 1499 | 12554 | 14053 |
| Baile Átha Luain | 7620 | 7177 | 5878 | 1299 | 13498 | 14797 |
| Béal an Átha | 5329 | 5636 | 4593 | 1043 | 9922 | 10965 |
| An Chathair | 9814 | 9321 | 7620 | 1701 | 17434 | 19135 |
| Cathair Saidhbhín | 1427 | 752 | 632 | 120 | 2059 | 2179 |
| Ceatharlach | 9088 | 10048 | 7919 | 2129 | 17007 | 19136 |
| Carn Domhnach | 1754 | 1738 | 1680 | 58 | 3434 | 3492 |
| Cora Droma Rúisc | 5311 | 4825 | 4274 | 551 | 9585 | 10136 |
| An Caisleán Riabhach | 4964 | 4392 | 3643 | 749 | 8607 | 9356 |
| An Cabhán | 4295 | 5376 | 4625 | 751 | 8920 | 9671 |
| An Ráth | 6669 | 4230 | 3671 | 559 | 10340 | 10899 |
| An Clochán | 1186 | 1633 | 1320 | 313 | 2506 | 2819 |
| Corcaigh-An Bhlarna | 14734 | 13418 | 10755 | 2663 | 25489 | 28152 |
| Corcaigh-An tOileán Beag | 25727 | 21872 | 18485 | 3387 | 44212 | 47599 |
| Gráinseach an Déin | 36098 | 35466 | 27988 | 7478 | 64086 | 71564 |
| Doirí Beaga | 1876 | 1818 | 1611 | 207 | 3487 | 3694 |
| Dún na nGall | 5281 | 3346 | 2730 | 616 | 8011 | 8627 |
| Droichead Átha | 13502 | 10104 | 8162 | 1942 | 21664 | 23606 |
| Dún Dealgan | 5755 | 7778 | 5950 | 1828 | 11705 | 13533 |
| Inis | 10689 | 12326 | 9219 | 3107 | 19908 | 23015 |
| Inis Córthaidh | 12408 | 12019 | 9825 | 2194 | 22233 | 24427 |
| Cnoc an Fhuaráin | 35761 | 40746 | 31389 | 9357 | 67150 | 76507 |
| Gaillimh | 19637 | 21795 | 17336 | 4459 | 36973 | 41432 |
| Na Glaschnoic | 12903 | 13317 | 11446 | 1871 | 24349 | 26220 |
| Ceanannas | 10285 | 10115 | 8147 | 1968 | 18432 | 20400 |
| Cill Chainnigh | 9626 | 8547 | 7177 | 1370 | 16803 | 18173 |
| Cill Airne | 6855 | 5702 | 4904 | 798 | 11759 | 12557 |
| Leitir Ceanainn | 8045 | 8276 | 6942 | 1334 | 14987 | 16321 |
| Luimneach | 18572 | 17866 | 14956 | 2910 | 33528 | 36438 |
| An Longfort | 4540 | 5164 | 4076 | 1088 | 8616 | 9704 |
| Maigh Chromtha | 6264 | 4806 | 4122 | 684 | 10386 | 11070 |
| Muineachán | 4149 | 5261 | 4268 | 993 | 8417 | 9410 |
| An Muileann gCearr | 6234 | 6945 | 5584 | 1361 | 11818 | 13179 |
| An Nás | 16283 | 18134 | 13042 | 5092 | 29325 | 34417 |
| An tAonach | 9715 | 8509 | 7049 | 1460 | 16764 | 18224 |
| An Pointe Thuaidh 1 | 21207 | 22474 | 17980 | 4494 | 39187 | 43681 |
| An Pointe Thuaidh 2 | 29238 | 32434 | 25651 | 6783 | 54889 | 61672 |
| Port Laoise | 7180 | 7260 | 6080 | 1180 | 13260 | 14440 |
| An Sciobairín | 5932 | 4944 | 4118 | 826 | 10050 | 10876 |
| Sligeach | 5549 | 6659 | 5352 | 1307 | 10901 | 12208 |
| Trá Lí | 8970 | 6833 | 5565 | 1268 | 14535 | 15803 |
| Tulach Mhór | 5790 | 7978 | 5892 | 2086 | 11682 | 13768 |
| Port Láirge | 14099 | 13098 | 10147 | 2951 | 24246 | 27197 |
| Cathair na Mart | 8125 | 6824 | 5694 | 1130 | 13819 | 14949 |
| Eochaill | 5412 | 5089 | 4205 | 884 | 9617 | 10501 |
| **Iomlán** | **476711** | **474426** | **381911** | **92515** | **858622** | **951137** |

## Clár Athchóirithe

Go foriomlán, is é atá mar aidhm leis an gclár ná ródacmhainneacht feithiclí atá ag úsáid bóithre na hÉireann a fheabhsú. Trí mheascán de ghníomhaíocht forfheidhmithe mhéadaithe atá bunaithe ar fhaisnéis, feabhas ar chomhsheasmhacht na tástála bliantúla agus níos mó béime ar oibreoirí a spreagadh chun a gcuid feithiclí a chothabháil agus a fheidhmiú mar is ceart. Measann an RSA go mbeidh tionchar dearfach aige seo ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar bhrú tráchta trí bhail na bhfeithiclí atá cláraithe in Éirinn a fheabhsú mar aon le níos mó béime á leagan ar fheithiclí idirnáisiúnta in Éirinn agus ar cháil idirnáisiúnta feithiclí Éireannacha atá i dtíortha eile.

Is é atá mar aidhm le forfheidhmiú an chláir athchóirithe ná cáilíocht na bhfeithiclí tráchtála (HGVanna, PSVanna agus LGVanna) atá ag úsáid bóithre na hÉireann a athrú, agus ar an gcaoi sin sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, brú tráchta a laghdú agus cultúr na sábháilteachta laistigh den tionscal iompair a fheabhsú.

Ní hamháin go n-áiríonn an t-athchóiriú atá beartaithe ar ródacmhainneacht feithiclí tráchtála tástáil a dhéanamh ar fheithiclí tráchtála, áiríonn sé freisin forfheidhmiú ar thaobh an bhóthair agus seiceálacha comhlíonta oibreora atá dírithe ar fheasacht níos fearr ar shaincheisteanna sábháilteachta ar bhóithre a fheabhsú i measc oibreoirí agus tiománaithe feithiclí tráchtála. Áirítear sa réim forfheidhmithe atá beartaithe cur chuige modheolaíoch agus comhsheasmhach i leith rialacháin AE a chomhlíonadh agus an baol atá ann do cháil na hÉireann a laghdú, ach níos tábhachtaí ná sin arís, an baol atá ann do shábháilteacht na n-úsáideoirí bóithre Éireannacha a íoslaghdú.

Príomhghné den chlár athchóirithe is ea córas comhtháite TF a bhunú a chabhróidh leis an RSA a chinntiú go bhfuil caighdeán cuí ag gabháil le tástáil feithiclí a thacóidh le forfheidhmiú bunaithe ar fhaisnéis trí dhíriú ar oibreoirí neamhchomhlíontacha. Tacóidh an córas TF le comhtháthú iomlán gníomhaíochtaí forfheidhmithe uile RSA a bhaineann le feithiclí tráchtála. Chomh maith le ródacmhainneacht feithiclí, déanfar taifead ar ghníomhaíocht forfheidhmithe in uaireanta tiománaithe (lena n-áirítear ionchúisimh faoi Rialachán na gComhphobal Eorpach (Iompar ar Bhóithre) (Dálaí Oibre agus Sábháilteacht ar Bhóithre) 2008), agus iompar neamhcheadúnaithe. Tá sé mar aidhm comhéadan aonúsáideora a chruthú a áireoidh próifíl de gach oibreoir agus de gach feithicil ar féidir iad a úsáid le díriú ar oibreoirí neamhchomhlíontacha. Áirítear i measc na ngnéithe eile.

- próisis agus nósanna imeachta forfheidhmithe feabhsaithe ar thaobh an Bhóthair, lena n-áirítear áis chun feithiclí neamhchomhlíontacha a chur ó bhóthar agus imscaradh agus comhordú feabhsaithe na ngníomhaireachtaí forfheidhmithe.
- cáilíocht feabhsaithe na tástála feithiclí tráchtála agus bainistiú struthlínithe ar an gcóras tástála trí cheadúnú na n-ionad tástála a chur faoi bhráid an RSA.
- feabhsuithe sprioctha ar oibreoirí feithiclí tráchtála trí mheascán d'oideachas agus d'fhorfheidhmiú bunaithe ar riosca.
- athruithe ar an reachtaíocht d'fhonn a chinntiú gur féidir na nithe thuasluaite a chur i gcrích.
- imlonnú straitéiseach na teicneolaíocht forfheidhmithe ar thaobh an bhóthair lena n-áirítear fearais cianrochtan agus bhailithe sonraí, ANPR agus WIMS

Is clár casta é an clár athchóirithe a chuirfear i bhfeidhm thar thréimhse idir 18 mí agus dhá bhliain.

## Ceadúnais Speisialta

Eisíodh ceadúnais do 30 feithicil a sháraigh na Rialacháin Tógála, Trealaimh agus Úsáide, Tógála agus Úsáide agus Soilsithe, rud a cheadaigh dá n-úsáid ar bhóithre poiblí.

## Forfheidhmiú um Tharlú Bóthair agus Tacagraf Digiteach

Is é an ról atá ag an Roinn um Fhorfheidhmiú agus Tacagraf Digiteach ná:

- reachtaíocht iompair de bhóthar AE agus náisiúnta i ndáil le tacagraif, rialacha AE ar uaireanta tiomána, Treoir ar Am Oibre Iompar ar Bhóithre agus ceadúnú tarlaithe bóthair agus oibríochtaí paisinéara chun páirt a ghlacadh in oibríochtaí fruilithe agus bronnta a chur i bhfeidhm;
- scéim eisiúna an Chárta Tacagraif Dhigitigh a riaradh thar ceann an Stáit.



## Gníomhaíocht in 2010

Bliain ghnóthach agus dhúshlánach eile don Roinn um Fhorfheidhmiú agus Tacagraf Digiteach ba ea 2010 ó tharla tionchar a bheith ag drochdhálaí geilleagair ar an ngeilleagar náisiúnta agus ar an tionscal iompair ar bhóithre. Cuireadh nuálaíochtaí suntasacha i bhfeidhm i rith 2010 atá deartha chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht oibríochtúil a fheabhsú i gcur comhlíonadh agus riaradh tacagraf digiteach chun cinn.

## I measc mórfhorbairtí na bliana 2010 bhí:

- rinne an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 74 cás a ionchúiseamh go rathúil sna Cúirteanna Dúiche
- cuireadh cur chuige spriocdhírithe i ndáil le forfheidhmiú i bhfeidhm agus díríodh aird ar oibreoirí neamhchomhlíontacha trí chlár riosca a bhunú;
- Ghlac Oifigigh Iompair ón RSA páirt i 510 seiceáil ar thaobh an bhóthair in 2010 agus rinneadh iniúchadh ar 3,143 tiománaí (Is féidir comparáid a dhéanamh idir seo agus an 318 seiceáil ar thaobh an bhóthair agus an 2,527 iniúchadh a rinneadh ar thiománaithe in 2009)
- rinne na hOifigigh Iompair 831 seiceáil ar áitribh i rith 2010.
- rolladh amach áiseanna cianrochtana d’Oifigigh Iompair agus do Chigirí Feithicle
- gnóthú feithiclí forfheidhmithe d’Oifigigh Iompair agus do Chigirí Feithiclí
- in 2010, neartaigh an RSA a cuid rannpháirtíochta le hÚdaráis sa RA agus i dTuaisceart Éireann trí phointí seiceála comhordaithe ag Calafort Bhaile Átha Cliath, Calafort Ros Láir agus trasnuithe teorann i gcomhar le hÚdaráis sa Ríocht Aontaithe. Céatadán suntasach de na cionta a tugadh faoi deara ba ea an iomarca uaireanta a chaitheamh ag tiomáint agus gan dóthain sosanna a thógáil i rith an lae.
- foilsíodh pleanálaí Balla 2011 d’Oibríochtaí Feithiclí Tráchtála;
- comhairliúchán ar thograí an Choimisiún chun an Treoir ar Am Oibre Iompar ar Bhóithre a leasú agus tuarascáil curtha faoi bhráid na Roinne Iompair;
- béim leanúnach ar éifeachtacht oibríochtúil feabhsaithe;
- 8,691 cárta tacagraf digiteach eisithe i rith na bliana
- Ghlac pearsanra an RSA páirt i gcruinnithe AE agus idirnáisiúnta maidir le forbairt agus forfheidhmiú beartais i ndáil le huaireanta tiománaithe agus tacagraif, chomh maith le líon Clár Malairte AE ar mhí-ionramháil agus ar chalaois tacagraf digiteach.
- i rith 2010, chuir an RSA lena raon seirbhísí oideachais agus comhairleacha don tionscal, ag cabhrú leo éirí agus fanacht níos comhlíontaí. É sin ráite, tá oibreoirí agus tiománaithe bus agus trucaile ann go fóill atá ag cruthú riosca suntasach do shábháilteacht ar bhóithre trí chinneadh a dhéanamh a bheith neamhchomhlíontach.

## Gnéithe straitéiseacha

Is bunghné de shraith straitéisí forfheidhmithe an RSA é ionchúiseamh agus tá sé ríthábhachtach chun comhlíonadh le reachtaíocht a bhaint amach agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Tá sé i gceist le straitéis forfheidhmithe an RSA, a comhaontaíodh leis An Garda Síochana, sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú trí chomhlíonadh oibreoirí agus tiománaithe le rialacha maidir le hamanna tiomána, bristeacha agus tréimhsí sosa agus riachtanais tacagraif a fheabhsú. Rialaítear uaireanta oibre agus sosa tiománaithe chun tuirse tiománaí a sheachaint. Cuireann tuirse tiománaí isteach ar fheidhmíocht chognaíoch agus mhótair tiománaí trí amanna freagartha a mhoilliú, aird ar an timpeallacht sheachtrach tiomána a laghdú agus trí chur isteach ar scileanna tiomána.

I rith 2010, threisigh an RSA a chaidreamh láidir oibre leis An Garda Síochána maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmithe um iompar ar bhóithre. Is é atá mar aidhm leis an straitéis fhoriomlán forfheidhmithe a cuireadh i bhfeidhm maidir le seiceálacha cois bóthair agus áitreabh ná iarrachtaí forfheidhmithe a dhíriú ar oibreoirí neamhchomhlíontacha agus, ag an am céanna, míchaoithiúlacht d’oibreoirí atá géilliúil don dlí a íoslaghdú

Déileálann Treoir 2006/22/CE ón AE le forfheidhmiú rialacha tacagraif agus uaireanta tiománaithe agus cuireann sí d’oibleagáid ar Bhallstáit íosmhéid seiceálacha cois bóthair agus áitreabh a dhéanamh in aghaidh na bliana. Léiríonn sonraí sealadacha go sáróidh an Stát an sprioc foriomlán do 2010. Tá na bearta éagsúla forfheidhmithe, oideachais agus comhairleacha atá á gcur i bhfeidhm ag an RSA deartha chun cloí le spriocanna na Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre 2007 - 2012.

Bhí an RSA i dteagmháil leis an Roinn Iompair i dtaca le tograí a dhréachtú le haghaidh reachtaíochta nua a bhaineann le hathchóiriú an chórais cheadúnaithe oibreoirí sa Stát agus go háirithe le ceadúnais oibreoirí a tharraingt siar nó a chur a fionraí sa chás go bhfuil fianaise ann ar chionta seasmhacha maidir le huaireanta tiomanaí, tacagraf agus ródacmhainneacht.

Beidh drochthionchar ag lánchosc na seirbhíse poiblí ar leibhéal na gníomhaíochta forfheidhmithe ar féidir leis an RSA a chur i bhfeidhm. Díreoidh an tÚdarás na hacmhainní ganna forfheidhmithe atá ar fáil dó ar na hoibreoirí leis an riosca is airde agus, ag an am céanna, beidh forfheidhmiú ard-infheictheachta ag seiceálacha ar thaobh an bhóthair agus oibreoidh sé le hoibreoirí a léiríonn tiomantas dá gcuid leibhéal chomhlíonta a fheabhsú.

## Forbairtí Reachtaíochta

Nuashonraíodh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar ar Bhóithre) (Dálaí Oibre agus Sábháilteacht ar Bhóithre) 2008 (IR 62 de 2008) trí ghlacadh le IR 431 de 2010 d'fhonn roinnt Rialachán AE nua lenar glacadh a chur san áireamh mar aon le hathruithe a bhí riachtanach i bhfianaise na taithí forfheidhmithe

Leasaíodh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Seiceáil ar Ghníomhaíochtaí Iompair ar Bhóithre) 2007 (IR 545 de 2007) freisin i rith 2010 chun Treoracha 4 agus 5 an AE de 2009 lenar glacadh a chur san áireamh.

Leanadh tograí an RSA maidir le comhaitheantas ar dhíolúintí tacagraif idir Éirinn agus an RA/TÉ leis an Roinn Iompair freisin i rith 2010.

Chuimsigh an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2010 forálacha maidir le scéim pionóis seasta a bhunú le haghaidh cionta a bhaineann le hiompar ar bhóithre. Tá an RSA ag leanúint le forfheidhmiú na scéime leis an Roinn Iompair agus An Garda Síochána.

## Tuarascálacha ó Bhallstáit Eile

Fuarthas tuarascálacha ó Bhallstáit eile maidir le sáruithe ag tiománaithe a bhain le rialacha tacagraif agus le uaireanta tiománaithe agus iad ag feidhmiú sna Stáit sin. Taifeadtar an fhaisnéis seo agus úsáidtear í le díriú ar oibreoirí. Fuarthas tuarascálacha i leith 2,541 tiománaí - i gcomparáid le 2,309 tiománaí in 2008. Fuarthas formhór na dtuarascálacha seo ó 'Vehicle Operator Standards Agency' (VOSA) na Ríochta Aontaithe. Úsáidtear an fhaisnéis seo chun críocha rátála riosca.

## An Scéim Thacagraf Digiteach



I rith 2010, eisíodh 8,691 cárta tacagraif dhigitigh d'iarratasóirí, i gcomparáid le 9,036 in 2009 agus 12,799 in 2008. Baineadh amach agaí slánúcháin maidir le hiarratais bhailí a phróiseáil d'ainneoin laghduithe foirne sa rannóg um tacagraf digiteach.

## Athbhreithniú ar an Scéim Thacagraf Digiteach

Chuir an RSA tús le hathbhreithniú ar an scéim thacagraf digiteach in 2009 agus cuireadh i gcrích é ag tús na bliana 2010. I ndiaidh an athbhreithnithe seo, tá sé beartaithe ag an RSA córas iarratais ar líne le haghaidh cártaí tacagraif dhigitigh a chur i bhfeidhm. Fógraíodh tairiscint don chóras riachtanach i nDeireadh Fómhair 2010. Táthar ag súil go mbeidh an córas ar líne ar fáil i bhFómhar na bliana 2011.



# Seirbhísí Corparáideacha

Soláthraíonn Stiúrthóireacht na Seirbhísí Corparáideacha na córais agus na struchtúir a chuireann ar chumas an RSA na feidhmeanna atá sannta dó ag an Aire Iompair, faoin Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006, a sheachadadh go héifeachtach. I measc feidhmeanna na Seirbhísí Corparáideacha, arna leagan amach thíos, tá:

- Airgeadas
- Acmhainní Daonna
- Teicneolaíocht Faisnéise
- Bainistíocht Eastáit, Cáilíocht agus Cúram Custaiméirí

Tá Seirbhísí Corparáideacha freagrach chomh maith as pleanáil gnó agus eagrúcháin agus as rialachas corparáideach, lena n-áirítear iniúchtaí inmheánacha.

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

**Tá an RSA tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a chothabháil mar chuid d'fhorfheidhmiú leanúnach an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. In 2010, reáchtáil Bord an RSA 10 gcruinniú agus reáchtáil an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí 4 chruinniú. Chomhaontaigh an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Bord an RSA an Plean Iniúchta Inmheánaí, ina gclúdaítear an tréimhse 2009. Chuir Iniúchóirí Inmheánacha an RSA (Mazars) an plean i bhfeidhm agus thug siad tuairisc air.**




## Acmhainní Daonna

Leanann an Roinn Acmhainní Daonna de bheith ag tabhairt tacaíochta do na Stiúrthóireachtaí uile maidir le saincheisteanna foirne, forbairt feidhmíochta, bainistíocht i leith neamhláithreachta, oiliúint, sláinte agus sábháilteacht, forbairt ar chaidrimh idir fhoirne, lucht bainistíochta, agus ceardchumainn.


## Bainistíocht i leith Neamhláithreachta

Dhírigh Roinn Acmhainní Daonna an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre ar bhainistíocht i leith neamhláithreachta go húrnua in 2010. Tugadh tús áite do réimse na saoirí breoiteachta den chuid is mó, agus cuireadh seimineáir ar bhainistiú saoirí breoiteachta i gcrích le bainisteoirí líne ar fud na heagraíochta. Chuir AD tús le próisis nua chomh maith maidir le saoirse bhreoiteachta a bhainistiú, agus iarradh ar bhainisteoirí líne cainteanna um “fhilleadh ar an obair” a bheith acu le haon fhostaí a bhí ar saoire bhreoiteachta, agus d’eisigh AD “nótaí imní” chuig bainisteoirí líne nuair a shroich saoire bhreoiteachta fostaí leibhéil ar leith. Cuireadh córas níos láidre i ndáil le tuairisc a thabhairt do lucht bainistíochta sinsearaí ar shaoire bhreoiteachta ina Stiúrthóireachtaí i bhfeidhm freisin. Chuidigh na bearta uile seo le feabhas a chur ar ráta saoirí breoiteachta an RSA.


**Léiríonn an graf seo a leanas leibhéil na saoirí breoiteachta Deimhnithe in 2010 i gcomparáid le leibhéil na bliana 2009:**




**Léiríonn an graf seo a leanas leibhéil na saoirí breoiteachta Neamhdheimhnithe in 2010 i gcomparáid le leibhéil na bliana 2009:**




**B’ionann costas na saoirí breoiteachta san Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre in 2010 agus €619,510 don bhliain, agus léirítear dáileadh an chostais seo sa chairt seo a leanas:**



Cuireadh cásanna aonair saoirí breoiteachta ar aghaidh chuig an bPríomhoifigeach Míochaine nuair a bhí fostaí ar shaoire bhreoiteachta fhadtéarmach (thar thréimhse 4 seachtaine).

## Sláinte agus Sábháilteacht

Bhain Aonad Sláinte agus Sábháilteachta an RSA, faoi chúram AD, na cuspóirí seo a leanas amach i rith 2010.

### OHSAS 18001


D'éirigh leis an NSAI an tIniúchadh leanúnach Faireachais do Chreidiúnú 18001 OHSAS a chur i gcrích i Meitheamh 2010. Ní raibh aon neamhréireachtaí le tabhairt faoi deara ag an RSA agus shonraigh Iniúchóir an NSAI roinnt breithnithe dearfacha sa Tuarascáil Iniúchóra.

## Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta

Tá Clár Oiliúna Heartsafe de chuid Foras Croí na hÉireann(FCÉ) maidir le hAthbheochan Chardascamhógach (ACS) agus Uath-dhífhibrileoirí Seachtracha (UDS) curtha i bhfeidhm san RSA in 2010. Mar bheart dea-chleachtais, tá oiliúint curtha ar cheathrar comhaltaí foirne mar Theagascóirí UDS/ACS FCÉ-deimhnithe. Beidh oiliúint ACS/UDS an FCÉ ar fáil do gach fostaí de chuid an RSA. Chríochnaigh níos mó ná 90% de Thástálaithe Tiománaithe an clár oiliúna in 2010 agus cuirfear an oiliúint ar fáil ar bhonn leanúnach ar fud rannóga uile an RSA i rith 2011 agus amach anseo.

## Bainistíocht um Shábháilteacht Dóiteáin

Ghlac an RSA páirt san Iniúchadh ar Bhainistíocht um Shábháilteacht Dóiteáin de chuid na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát ag deireadh na bliana 2009 agus scaipeadh an Tuarascáil in 2010. Fuarthas go raibh an RSA 100% comhlíontach ó thaobh rialála de maidir le hoiliúint um Shábháilteacht Dóiteáin a bhainistiú, Cleachtaí Dóiteáin a chur i ngníomh agus PPM a sceidealú.



Rinne an t-aonad H agus S iniúchadh ar na córais um Shábháilteacht Bheatha i ngach foirgneamh den RSA in 2010. Tá Oifig na nOibreacha Poiblí freagrach as na córais seo agus tá Bainistíocht Eastáit i mbun idirchaidrimh le OOP maidir leis na feabhsuithe atá ag teastáil. Tá treoir agus faisnéis le fáil sna hIonaid Tástála Tiomána uile anois faoi chórais um Shábháilteacht Bheatha ina bhfoirgnimh.

Rinneadh léarscáiliú um shábháilteacht dóiteáin ar gach foirgneamh den RSA agus taispeántar Léarscáileanna i ngach foirgneamh anois de réir riachtanas reachtaíochta.

## Garchabhair

Gnóthaíodh 18 aonad UDS agus eisíodh chuig oifigí an RSA i mBéal an Átha, i mBaile Locha Riach, i Sráid Bowes agus chuig na 10 n-ionad tástála tiomána is gnóthaí iad. Ina theannta sin, cuireadh aonaid UDS i veaineanna agus i dTointeálaí an RSA in 2010. Chomh maith leis sin, cuireadh tús le cláir oiliúna ACS/UDS an FCÉ do phearsanra uile an RSA in 2010.

## Inrochtaineacht Uilíoch

Rinneadh athbhreithniú Inrochtaineachta Uilíche ar gach foirgneamh den RSA in 2010. Cuireadh torthaí an athbhreithnithe ar aghaidh chuig Bainistíocht Eastáit le haghaidh gnímh bhreise.

## Veaineanna RSA

Rinneadh measúnú Sláinte agus Sábháilteachta agus Eirgeanamaíochta ar Veaineanna an RSA a fuarthas do phearsanra na gCaighdeán Feithicle agus an Fhorfheidhmithe in 2010 agus rinneadh na mionathruithe deartha a raibh gá leo. Suiteáladh trealamh iomchuí sna veaineanna chomh maith le haghaidh bainistíochta tráchta ag seicphointí ar thaobh an bhóthair.

## Earcaíocht

Ní raibh aon iontrálaí nua san RSA in 2010 mar gheall ar an moratóir earcaíochta. Sannadh an tionscadal athchóirithe um Thástáil Feithiclí Tráchtála ar an RSA, áfach, agus ceadaíodh don Roinn Acmhainní Daonna agallaimh a chur ar fhostaithe ó na hÚdaráis Áitiúla. D'éirigh le 17 duine ag an agallamh, agus beidh siad ag obair leis an RSA go luath.

## Ath-imlonnú

De réir threoirlínte na Roinne Airgeadais, chloígh an RSA leis an gCreat Rialaithe Fostaíochta a bhí leagtha síos, agus chuir sé tús le hath-imlonnú foirne amach as an eagraíocht a éascú faoin gcomhaontú sin.

## Caidreamh Tionsclaíoch

Comhoibríonn an Roinn Acmhainní Daonna le Ceardchumainn agus le hionadaithe foirne chun dea-chaidrimh oibre a bhaint amach agus tá sí tiomanta do thimpeallacht Chaidreamh Tionsclaíoch mhaith a chur chun cinn tríd an gComhairle Caidreamh Tionsclaíoch (IRC). Tá ardleibhéal idirghníomhaíochta leanúnaí ag an RSA le hionadaithe foirne ar leibhéil áitiúla freisin.

## Comhionannas Fostaíochta

Tá an RSA comhlíontach leis na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2004 agus le gach reachtaíocht fostaíochta eile is infheidhme. Tá nósanna imeachta an RSA i bhfeidhm lena chinntiú nach ndéanfar aon idirdhealú mídhleathach, go díreach nó go hindíreach.

## Comhpháirtíocht

Tá ról tábhachtach ag grúpa Comhpháirtíochta an RSA sa phróiseas cinnteoireachta laistigh den eagraíocht.

Tá Comhpháirtíocht an RSA / Chomhaontas na gCeardchumainn fréamhaithe i gcomhthéacs na gComhaontuithe Náisiúnta Pá i measc na gcomhpháirtithe sóisialta (an Rialtas, ICTU agus IBEC).

Tugann comhpháirtíocht le chéile Lucht Bainistíochta agus Comhaontas na gCeardchumann chun tuiscint a fhorbairt ar shuimeanna a chéile agus chun réitigh ar aon fhadhbanna a thagann chun cinn a fhorbairt go comhpháirteach. Meastar go bhfuil gach duine ar comhchéim agus spreagtar rannpháirtíocht agus idirghníomhaíocht. Déanann éascaitheoir neamhspleách cathaoirleacht ar gach cruinniú de chuid na Comhpháirtíochta.

Ó bunaíodh an Chomhpháirtíocht, tá sí tar éis fás ó thaobh éifeachtachta agus éifeachtúlachta de. Bíonn na cruinnithe ar siúl gach mí, ag a ndéanann Bainisteoirí Sinsearacha tuairisciú ar réimse fairsing saincheisteanna. Freastalaíonn Stiúrthóir ar na cruinnithe chomh mhaith chun an fhaisnéise is déanaí maidir le cúrsaí gnó a thabhairt.

Réitíodh saincheisteanna go rathúil trí Chomhpháirtíocht, agus dá bhrí sin ní raibh gá leis an gComhairle Chaidreamh Tionsclaíoch (IRC) a thabhairt isteach.

Úsáideann Comhpháirtíocht struchtúir fochoistí nuair a bhíonn siad ag teastáil chun imscrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna a thagann chun cinn agus chun cumarsáid a dhéanamh le fostaithe an RSA.

## Oiliúint agus Forbairt

Foinsíodh agus cuireadh oiliúint ar fáil faoin gcóras PMDS do gach Stiúrthóireacht de chuid an RSA, agus chuimsigh sí oiliúint HGV do Thástálaithe Tiománaithe, scileanna Seirbhíse do Chustaiméirí/Léiriúcháin, riarachán pinsean, oiliúint bhainistíochta, oiliúint airgeadais, agus réimse sainchúrsaí oiliúna eile mar a comhaontaíodh faoi PMDS.

## An Comhaontú Seirbhíse Poiblí

Thángthas ar chomhaontú maidir le téarmaí de chuid comhaontú na Seirbhíse Poiblí (Páirc an Chrócaigh) in 2010, agus chuir an RSA 12 tionscadal chun cinn a chuirfeadh le plean gnímh an RSA faoin gcomhaontú. Bhí baint mhór ag AD le cainteanna le Ceardchumainn faoi na tionscadail, a chuimsigh ceithre Stiúrthóireacht an RSA. Tugann AD tuairisc don Roinn Iompar go ráithiúil i leith dul chun cinn. Ghlac AD páirt freisin i gcoiste an ghrúpa stiúrtha arna chur ar bun ag an Roinn Iompair d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh leis na pleananna gnímh.

## Airgeadas

Is í príomhaidhm na Rannóige Airgeadais ná a chinntiú go bhfuil riarachán láidir airgeadais san Údarás i gcomhréir le timpeallacht rialaithe inmheánaigh láidir.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna Rannóg Airgeadais an RSA:

- buiséadú
- tuairisciú airgeadais
- bainistíocht iniúchtaí – inmheánach agus seachtrach
- cothabháil ghinearálta mórleabhair



- párolla
- taisteal agus cothabháil
- íocaíochtaí
- ceannach
- bainistíocht airgid agus státchiste
- cothabháil na rialuithe inmheánacha airgeadais
- aitheantas ioncaim d'fhoinsí ioncaim an Údaráis
- bainistíocht ar mhaoiniú an státchiste
- bainistíocht ar comhlíonadh cánach thar ceann an Údaráis.

In 2010 bhain Rannóg Airgeadais an Údaráis an méid seo a leanas amach:

- mionchoigeartú agus nuashonrú leanúnach ar gach rialú inmheánach airgeadais;
- comhlánú an Chláir Iniúchta Inmheánaí don bhliain 2010;
- comhlánú Iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar Ráiteas Airgeadais 2009 don bhliain go dtí an 31ú Nollaig 2009 le tuairim iniúchóra glan á léiriú;
- lean an Rannóg Airgeadais ar aghaidh agus ról ceannaireachta á ghlacadh aici i leith soláthair phoiblí san Údarás agus ghlac sí páirt i ngach tairiscint ábhartha um sholáthar poiblí d'fhonn comhlíonadh na rialacha agus rialachán uile maidir le soláthar poiblí a chinntiú.

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)


I rith 2010, tá an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide ag díriú ar an tseirbhís reatha a sholáthraítear do chustaiméirí an RSA laistigh agus lasmuigh den eagraíocht a fheabhsú. Cheadaigh seachadadh réiteach teicniúil trí athbhreithniú agus anailís éifeachtach a dhéanamh ar phróisis reatha don RSA a sheirbhís a fheabhsú.

Sholáthair an TFC roinnt tionscnamh chun táirgiúlacht a fheabhsú agus chun cur ar chumas an aonaid ghnó feidhmiú go héifeachtach. Tá cianrochtain shlán ar ár gCóras Forfheidhmithe um Tharlú Bóthair cumasaithe againn, rud a shábhálann am agus taisteal do ghrúpa dár n-oibrithe cianda.

Lean an rannóg TFC ar aghaidh le teicneolaíocht faisnéise na heagraíochta a mhionathrú chun cloí le hathruithe sa reachtaíocht agus chun a chinntiú go spreagfaidh an teicneolaíocht athruithe san eagraíocht.


Is í láithreacht ghréasáin an RSA an pointe teagmhála tosaigh do gach custaiméir seachtrach de chuid an RSA agus rinneadh athdhearadh iomlán agus athsheoladh ar an láithreán gréasáin www.rsa.ie i rith na bliana. Ba é an toradh a bhí leis an tionscadal seo ná go raibh sé i bhfad níos simplí rochtain a fháil ar fhaisnéis. Léirítear sa mhéid seo a leanas próifíl na gcuairteoirí chuig an láithreán nua ó Aibreán 2010:

- thug 514,924 duine cuairt ar an láithreán
- 919,206 Cuairt
- 514,924 Cuairteoir Dearbh-Uathúil
- 4,326,086 Amharc leathanaigh
- 4.71 Amharc leathanaigh ar an meán in aghaidh an chuairteora




Tá slándáil chórais an RSA fíorthábhachtach agus mar sin, leanamar ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil rochtain againn ar na fearais agus bogearraí slándála is déanaí. Déantar monatóireacht agus cothabháil ar an líonra ar bhealach réamhghníomhach chun a chinntiú go bhfuilimid ag cloí lenár n-oibleagáidí i leith ár gcustaiméirí seachtracha agus inmheánacha.

Tá beartais agus nósanna imeachta forbartha ag foireann TFC an RSA mar iarracht chun cultúr "an té is fearr sa réimse" a thiomáint d'fhonn cur ar chumas na heagraíochta na príomhspriocanna agus príomhchuspóirí a sheachadadh. Déanaimid monatóireacht ar infhaighteacht na bhfeidhmchlár agus na bhFreastalaithe um Ghnó Príomhúil agus tá sprioc i ndáil le hinfhaighteacht 99.9% againn. Sonraítear leis an ngraf thíos an infhaighteacht i rith 2010. Léiríonn na figiúirí do Bhealtaine agus do Dheireadh Fómhair bristeacha i gcórais phríomhúla le linn na dtréimhsí Cothabhála Pleanáilte.



Tá beartais agus nósanna imeachta forbartha ag foireann TFC an RSA mar iarracht chun cultúr "an té is fearr sa réimse" a thiomáint d'fhonn cur ar chumas na heagraíochta na príomhspriocanna agus príomhchuspóirí a sheachadadh.

# Bainistíocht Eastáit



## Áitreabh Oifige

Tá láithreacht ag an RSA i níos mó ná 50 suíomh ar fud na tíre. Áirítear leis seo a cheanncheathrú i mBéal an Átha, fo-oifig i mBaile Locha Riach agus ionaid tástála tiomána i suíomhanna éagsúla ar fud na tíre. Úsáideann an RSA seirbhísí de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) a bhainistíonn, trína gcuid Seirbhísí Bainistíochta Maoine agus Cothabhála Maoine, soláthar agus cothabháil na cóiríochta oifige do Ranna, Oifigí agus Gníomhaireachtaí Rialtais.

Bíonn staid agus oiriúnacht leanúnach na n-ionad tástála tiomána faoi athbhreithniú ar bhonn seasta agus tá an RSA i gcainteanna leanúnacha leis an OPW maidir le cothabháil agus athchur, más iomchuí, na n-ionad tástála tiomána. I rith 2010, osclaíodh Ionad Tástála Tiomána nua i mBun Cranncha, Co. Dhún na nGall sna hoifigí díláraithe nua a cuireadh ar fáil don Roinn Coimirce Sóisialaí. I rith 2010 chomh maith, rinneadh móroibreacha athchóirithe ar Ionad Tástála Tiomána Ros Comáin chun an ionad sin a chur i gcomhréir leis an gcaighdeán. I rith 2010 chomh maith, bhunaigh an RSA cóiríocht shealadach le haghaidh Ionaid Tástála Tiomána i RFC an Sciobairín agus in Óstán Cavan Crystal mar gheall ar shaincheisteanna leanúnacha Sláinte agus Sábháilteachta a bhí i gceist leis na suíomhanna buana sna bailte sin. Tá an RSA ag leanúint ar aghaidh le hoibriú leis an OPW chun áitribh oiriúnacha bhuana a chur ar fáil sna suíomhanna seo.

I rith 2010 sheol an RSA próiseas tairisceana oscailte maidir le soláthar Seirbhísí Bainistíochta Saoráide ar fud a chuid eastáit iomláin. Agus an tseirbhís á seachadadh roimhe seo, bhain an RSA úsáid as seirbhísí ó sholáthraithe éagsúla seirbhíse ar fud na tíre agus bhí socruithe áitiúla difriúla i bhfeidhm. Ba é an cuspóir a bhain le soláthraí amháin a úsáid ná chun an staid a rialtú d'fhonn cost-éifeachtúlachtaí a sheachadadh agus an tseirbhís á cur ar fáil a fheabhsú.



## Saoráil Faisnéise (SF)

Níl an RSA clúdaithe ag forálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise os rud é go bhfuil reachtaíocht chumasaithe ag teastáil chun na forálacha a shíneadh go dtí an eagraíocht. Dar leis an Roinn Airgeadais, atá freagrach as na hAchtanna, tá an próiseas ar bun anois chun na hAchtanna SF a shíneadh chuig an RSA. Go dtí go mbeidh síneadh den sórt sin i gceist, tá cinneadh déanta ag an RSA a ghnó a dhéanamh ar bhealach chomh hoscailte agus chomh trédhearcach agus is féidir agus feidhmíonn sé ar an mbonn céanna agus a fheidhmeodh sé dá mbeadh na hAchtanna SF i bhfeidhm.

I rith 2010, láimhseáil an RSA ocht n-iarratas um Shaoráil Faisnéise faoin socrú seo. Ina theannta sin, fuair agus dhéileáil an RSA le dhá iarratas faisnéise a rinneadh faoi na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol, 2007.

## Cosaint Sonraí

I rith 2010 thug an RSA a Bheartas Cosanta Sonraí agus a chuid Nósanna Imeachta Cosanta Sonraí chun críche agus scaip sé ar an bhfoireann go léir iad. Táthar ag súil go gcloífidh an fhoireann uile leis na doiciméid agus in 2010 cuireadh córas iniúchta i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú.

Tá an RSA cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí le hOifigeach an Choimisinéara Cosanta Sonraí. I rith 2010 fuair an RSA Iarratas Rochtana amháin faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

## Cáilíocht

I rith 2010 chuir an RSA tús le tionscadal a bhí ceaptha chun Córas Comhtháite Bainistíochta a chur i bhfeidhm. Liostaítear an tionscadal seo mar chuid de thiomantais an RSA faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh. Is é atá sa tionscadal ná córas bainistíochta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm i gceithre stiúrthóireacht agus i struchtúir tacaíochta an RSA. Is é an aidhm atá leis ná córas inbhuanaithe a fhorbairt ar féidir a dheimhniú de réir na gcaighdeán ábhartha a aithnítear go hidirnáisiúnta. Is ionann na réimsí a dtugtar tosaíocht dóibh agus Dearbhú Cáilíochta (ISO 9001), Tionchar ar an gComhshaol (ISO 14001) agus, i gcás Tástála Tiománaithe, cuimsíonn sé freisin comhlíonadh le agus creidiúnú do chomhlachtaí atá i mbun feidhme ar dheimhniú daoine (ISO 17024). Tá an RSA cláraithe cheana féin leis an gCaighdeán Sláinte agus Sábháilteachta (OHSA 18001) agus comhtháthófar an caighdeán sin sa chóras seo.

Is cuid riachtanach de chur i bhfeidhm na gcaighdeán seo ná córas iniúchta inmheánaigh a fhorbairt agus i rith 2010 fuair roinnt fostaithe an RSA, ó na stiúrthóireachtaí uile, Oiliúint Iniúchta Inmheánaigh.

## Veaineanna

In 2010, cheannaigh an RSA, tríd an Seirbhís Soláthar Náisiúnta, dhá veain don Stiúrthóireacht um Chaighdeáin agus Forfheidhmiú. Soláthraíodh na veaineanna seo, a athchóiríodh chun saoráidí oifige a chur ar fáil, d'Oifigigh Iompair le húsáid a bhaint astu agus iad i mbun seiceálacha ar thaobh an bhóthair.

## Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2010

In 2010 d'ídigh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 445 MWh fuinnimh, lena n-áirítear:

- 410.035 MWh leictreachais;
- 34.903 MWh breoslaí iontaise;



## Gníomhartha Curtha i gCrích in 2010

In 2010 sheol an OPW an dara céim dá fheachtas dar teideal 'Ag Optamú Cumhachta ag an Obair' [Optimising Power at Work]. Is í aidhm an fheachtais ná dian-fheachtas feasachta ar fhuinnimh i measc fostaithe a chur i bhfeidhm i ngach foirgneamh a bhainistíonn an OPW agus, ag an am céanna, a chinntiú go bhfuil na foirgnimh á bhfeidhmiú sa mhodh is éifeachtúla agus is féidir ó thaobh ídithe fuinnimh de. Is í sprioc an fheachtais ná coigiltis iomlán de 20% in aghaidh na bliana a bhaint amach faoi 2012 sna foirgnimh níos mó. Bronnadh an conradh chun an tionscnamh a chur i bhfeidhm ar Vector Facilities Management.

In 2010, rinneadh léiriúcháin do bhord bainisteoireachta agus coiste Comhpháirtíochta an RSA maidir leis an bhfeachtas. Mar thoradh ar sin, ceapadh Oifigeach Fuinnimh d'fhoirgnimh cheanncheathrú an RSA agus Bhaile Locha Riach agus bunaíodh Foireann Fuinnimh, faoi choimirce an Choiste Comhpháirtíochta.

## Actions Planned for 2011

In 2011 tá sé ar intinn ag an RSA breis feabhais a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh tríd na tionscnaimh seo a leanas a chur i gcrích:

- tiomantas leanúnach d'fheachtas coigilte fuinnimh an OPW 'Ag Optamú Cumhachta ag an Obair'
- méadú ar oideachas faoi agus ar chur chun cinn na Feasachta Fuinnimh do gach ball foirne atá bunaithe sna hoifigí
- gach ríomhaire pearsanta agus monatóir neamhriachtanach a mhúchadh nuair nach bhfuil gá leo
- athbhreithniú foriomlán ar na riachtanais soilsithe sna foirgnimh oifige i mBéal an Átha agus i mBaile Locha Riach araon
- Beartas um Fhuinneamh Foirgnimh a chur i bhfeidhm

In 2011 déanfaidh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre machnamh ar infheistíocht a dhéanamh sa réimse seo a leanas:

- athbhreithniú ar riachtanais soilsithe, lena n-áirítear soilsiú braiteora a shuiteáil, nuair is iomchuí
- córas Bainistíochta Foirgnimh a shuiteáil
- rialú lárnach a dhéanamh ar chórais Aerchóirithe agus rialtáin Aerchóirithe áitiúla a bhaint
- athbhreithniú ar chórais TFC d'fhonn úsáid fuinnimh a bharrfheabhsú



# Aguisín A

## SLIOCHT AS RÁITIS AIRGEADAIS AN RSA

**An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre**
**Ráitis Airgeadais nár Iniúchadh**
**Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2009**

*Leathanach*


Clár Ábhar ........................................................................ 64

Faisnéis Ghinearálta ........................................................ 65

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis .................................. 66

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais .......................... 67-68

Ráiteas ar Bheartais Cuntasaíochta ................................. 69-70

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais ...................................... 71

Clár Comhardaithe ........................................................... 72

# An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

## FAISNÉIS GHINEARÁLTA

| | |
|---|---|
| **Seoladh an Údaráis** | Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe<br>Cnoc an tSabhaircín<br>Bóthar Bhaile Átha Cliath<br>Béal an Átha<br>Contae Mhaigh Eo |
| **Feidhmeannach Sinsearach** | An tUasal Noel Brett – Príomhfheidhmeannach<br>An tUasal Simon Buckley – Stiúrthóir Gníomhach, Seirbhísí Corparáideacha<br>An tUasal Denise Barry – Stiúrthóir, Forfheidhmiú agus Caighdeáin Feithiclí<br>An tUasal Declan Naughton – Stiúrthóir, Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe<br>An tUasal Michael Rowland – Stiúrthóir, Sábháilteacht ar Bóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe |
| **Baill den Bhord** | An tUasal Gay Byrne – Cathaoirleach<br>An tUasal Áine Cornally<br>An tUasal Myra Garrett<br>An tUasal Paul Haran<br>An tUasal Thomas Kelly<br>An tUasal Aaron MacHale<br>An tUasal Ann McGuinness<br>An tUasal Tony McNamara<br>An tUasal John O'Gorman |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>Sráid an Phiarsaigh<br>Béal an Átha<br>Contae Mhaigh Eo |
| **Iniúchóirí** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>Caisleán Bhaile Átha Cliath<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Suíomh Gréasáin** | www.rsa.ie |

# An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

## RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS

Ceanglaíonn Alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006 ar an bPríomhfheidhmeannach cuntais a chur le chéile agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh.

Agus na cuntais seo á gcur le chéile, ceanglaítear ar an Údarás na nithe seo a leanas:

- beartais chuí cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta.
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- cuntais a chur le chéile ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás orthu i mbun feidhme.
- aon difríocht ábhair ó chaighdeáin bhainteacha cuntasaíochta a nochtadh nó a mhíniú.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuí chuntasaíochta a choimeád, ina nochtar, le cruinneas réasúnta, a staid airgeadais ag tráth ar bith agus a chabhraíonn leo a chinntiú go gcloíonn na cuntais le Ceanglais Reachtúla. Sa mhullach air sin, tá an tÚdarás freagrach as a gcuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a chur díobh le calaois, mar aon le mírialtachtaí eile, a chosc agus a aimsiú.

# An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

## RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Ar son an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, tugaim aird ar fhreagrachtaí an Údaráis a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Níl an córas ach in ann a chinntiú go réasúnta, ní go hiomlán, go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a chur i gcuntas go cuí, agus go gcuirtear cosc ar earráidí agus ar mhírialtachtaí ábhartha nó go naimsítear go tráthúil iad. Agus breithniú á dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais, beidh aird ag an Údarás agus ag a gCoiste Iniúchta ar riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit, i measc nithe eile.

Chuir an tÚdarás roinnt céimeanna díobh chun a chinntiú gur ann do thimpeallacht chuí rialaithe trí thabhairt faoi na nithe seo a leanas:

- freagrachtaí bainistíochta, údarás agus freagracht a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna foirmiúla imeachta a chruthú le monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus ar chosaint sócmhainní;
- nós freagrachta in uile leibhéal na heagraíochta a fhorbairt.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach thuairiscithe bainistíochta agus nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas mar aon le córas toscaireachta agus freagrachta, lena n-áirítear:

- córas tuairiscithe airgeadais a mbaintear leas coitianta as ar fud na hearnála poiblí;
- creatlach fhoirmiúil bhliantúil bhuiséadaithe agus pleanála gnó;
- athbhreithniú an Bhoird ar chuntais bhainistíochta an Údaráis ar bhonn ráithiúil.

I dtaca an tagairt i 2009 faoi tharraingt anuas an maoiniú, d'aontaigh an t-Údarás agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt meabhrán thuisceana do 2010, ina raibh soláthar do mhaoiniú clár caipitil ó tháillí fílligh don tréimhse 2010-2012.

Braitheann monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais de chuid an Údaráis ar obair an iniúchóra inmheánaigh; ar an gCoiste Iniúchta a dhéanann maoirsiú ar obair an iniúchóra inmheánaigh; agus ar na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Údarás atá freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais.

I 2010, reachtáladh na h-iniúchtaí inmheánacha a leanas agus tuarascaíodh chuig Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí an Údaráis iad:

- Athbhreithniú lár bhliana agus deireadh bliana ar an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais 2010
- Tuaraisc chomhlíonaithe ar mholta iniúchtaí inmheánacha ó Iniúchtaí Inmheánacha 2009
- Athbhreithniú ar Phleanáil Straitéise agus Gnó
- Athbhreithniú ar Phroiséas Riarachán Tástáil Thiománaithe
- Athbhreithniú ar Phroiséas Riarachán Ceadúnú Thiománaithe

Mar aon leis an obair seo, thug an Údarás faoi obair leathanag baint le fairsingeacht agus cosúlacht riosca gnóthaí i 2010. Rinne an t-Údarás Polasaí Bainistíocht Riosca a fhorbairt agus an Clár Riosca a athbhreithniú. Thug an t-Údarás faoin obair seo le riachtanais Alt 8 don Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2009 (Athbhreithnithe) a chomhlíonadh.

# An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

## RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Uair amháin agus a críochnaíodh an obair seo, rinne na h-Iniúchóirí Inmheánacha Iniúchadh Inmheánach do Bhainistíocht Riosca i Samhain 2010. Tugadh moltaí na tuairiscí go dtí an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí i Nollaig 2010, a thug chuig Bord an Údaráis iad in Eanair 2011.

Chinn Bord an Údaráis ar na moltaí ar fad a bhain le bun-nós Bainistíocht Riosca mar mhír clár oibre fhoirmiúl don Bhord dhá uair bhliantúil, toghadh Príomhoifigeach Bainistíocht Riosca don Údarás, Athbhreithnithe Bhliantúla ar Pholasaí Banistíocht Riosca & Fonn Riosca an Údarais agus Athbhreitniú Bhoird ar Clár Riosca an Údaráis dhá uair bhliantúil.

Deimhním gur thug an tÚdarás faoi athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais in 2010.

# An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

## RÁITEAS AR BHEARTAIS CUNTASAÍOCHTA

Seo a leanas iad na beartais thábhachtacha cuntasaíochta arna nglacadh sna ráitis airgeadais seo:

### Bonn na Cuntasaíochta

Cuirtear na ráitis airgeadais le chéile de réir an mhodha fabhraithe cuntasaíochta, seachas mar a léirítear thíos, agus de réir prionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le caighdeáin um thuairisciú airgeadais a mholann na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta agus iad ina gcaighdeáin infheidhmithe. Cuirfidh an tÚdarás na ráitis airgeadais in éineacht le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi bhráid an Aire Iompair de réir Alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006.

### Deontas an Stáit

Léiríonn Deontas an Stáit sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an tsuim arna fáil ón Roinn Iompair sa tréimhse i gceist.

### Ioncam Eile

Léiríonn Ioncam Eile ioncam arna ghnóthú ag an Údarás. De réir an Achta fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006 agus an Ordaithe um an Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Feidhmeanna a Thabhairt) 2006 – Ionstraim Reachtúil 477 de 2006, is iad na príomhghnéithe Táillí ar Thástáil Tiomána, an Táille ar an Tástáil Náisiúnta Gluaisteán, fáltais Tacagraif Dhigitigh agus suimeanna eile a eascraíonn as feachtais agus as cláir an Údaráis.

Bhí athrú i mbeartas cuntasaíochta i 2010 ina n-aitneofar Táillí ar Thástáil Tiomána anois sa tréimhse ina rinneadh an tástál, áit a n-aitneofaidh iad ar bhonn fáltas airgid roimh seo.

Aithnítear Táillí Thástáil Tacagraif Dhigitigh agus ar Thástáil Teagascóra Cheadaithe Tiomána ar bhonn fáltas airgid.

Léirítear an uile ioncam eile, Táillí ar Thástáil Tiomána san áireamh, faoin modh fabhraithe cuntasaíochta.

### Sócmhainní Inláimhsithe

Sonraítear Sócmhainní Inláimhsithe de réir a gcostais stairiúil lúide dímheas carntha. Muirearaítear dímheas ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais ar bhonn dronlíne, ar na rátaí mar atá leagtha amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartuithe do luach iarmharach, thar a saolréanna eacnamaíocha fónta mar seo a leanas;

| | |
|---|---|
| Daingneáin agus Feistis | 5 bliana |
| Mótarfheithiclí | 5 bliana |
| Saintrealamh agus Trealamh Teileachumarsáide | 3 bliana |
| Crua-earraí | 3 bliana |
| Bogearraí Feidhmchláir | 3 bliana |

# An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

## RÁITEAS AR BHEARTAIS CUNTASAÍOCHTA

### Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach gan amúchadh an ioncaim a caitheadh ar fheidhmeanna caiteachais chaipitil.

### Airgeadra Iasachtach

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí iasachtacha a shóinseáil go euro i rith na tréimhse de réir an ráta a bhí i gceist lá an idirbhirt agus áirítear iad seo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse i gceist. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadúla atá ainmnithe in airgeadraí iasachtacha a shóinseáil go euro de réir an ráta a bhí i gceist tráth dháta an chláir chomhardaithe agus déantar gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as seo a áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse i gceist.

### Pinsin Ball Foirne a Aistríodh

Tá 160 baill foirne mar bhaill den scéim pinsin státseirbhísigh agus ní shíltear go bhfuil sé iomchuí na dliteanais phinsin lena mbaineann na státseirbhísigh seo a áireamh i ráitis airgeadais an Údaráis. Tá ranníocaíochtaí um pinsin na mball foirne in-aisíoctha leis an Roinn Iompair.

Tá Scéim Aoisliúntais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre i bhfeidhm i ndáil leis na baill eile foirne a chaith tráth leis an Údarás trí chórais sheachtracha iomaíochta agus trí mheáin eile. Bhí 139 ball foirne i dteideal seoamhail an 31 Nollaig 2010.

### Scéim Aoisliúntais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre

Forálann Alt 20 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006 bunú Scéim Aoisliúntais ag an Údarás. Tá an scéim á feidhmiú ag an an Údarás ar bhonn riaracháin ar feitheamh a ceadaithe ag an Aire Iompair, le toiliú an Aire Airgeadais.

Scéim shainithe sochair is ea an scéim a ndéantar cistiú uirthi go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgead a bhfuil fáil ag an scéim air, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Iompair ar fáil.

Déantar dliteanais na Scéime Pinsin a thomhas ar bhonn fabhraithe agus leas á bhaint as an modh réamh-mheasta aonaid.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a ghnóthaigh fostaithe sa tréimhse agus léirítear iomlán na ranníocaíochtaí pinsin atá inaisíoctha leis an Roinn. Sonraítear suim ar ionann í agus an táille ar phinsean mar ioncam sa mhéid agus go bhfuil sé inghnóthaithe agus seach-churtha ag deontais arna bhfáil sa bhliain d’fhonn íocaíochtaí pinsin a dhíscaoileadh.

Léirítear na gnóthachain nó na caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais na scéime sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Aitheanta agus tá aird ar athrú comhfhreagrach sa tsuim inghnóthaithe ón Roinn Iompair.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo a ghnóthaigh baill foirne go dtí seo. Léiríonn maoiniú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le gnóthú i dtréimhse amach anseo ón Roinn Iompair.

### Stoc

Déantar luacháil ar stoic ábhair cheadúnais de réir an ghlanluacha inréadaithe agus de réir an luacha níos ísle inréadaithe.

# An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

## AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2010

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | € | € |
| | | **ATHSONRAITHE** |
| Deontas Stáit | 23,825,000 | 32,641,000 |
| | | |
| Aistriú ó Cuntas Caipitil | 1,021,698 | 1,283,725 |
| Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean | 1,697,000 | 1,566,000 |
| Ioncam Eile | 22,175,039 | 14,354,931 |
| | **48,718,737** | **49,845,656** |
| | | |
| Costais Foirne | (17,077,079) | (19,262,806) |
| Comhairle Theicniúil | (824,499) | (863,240) |
| Costais Riaracháin | (5,423,100) | (4,660,888) |
| Costais Clár | (13,003,080) | (9,899,657) |
| Costais Phinsin | (1,761,000) | (1,539,000) |
| Dímheas | (1,474,422) | (1,573,405) |
| | **(39,563,180)** | **(37,798,996)** |
| | | |
| Barrachas don bhliain | **9,155,557** | **12,046,660** |
| | | |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir mar atá sonraithe roimhe** | **8,952,903** | |
| **Coigeartú an Bhliain Roimhe (Nóta 20)** | **(3,180,000)** | |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir mar atá athsonraithe** | **5,772,903** | **(6,273,757)** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **14,928,460** | **5,772,903** |

# An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre

## CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2010

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | € | € |
| | | ATHSONRAITHE |
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 1,514,726 | 2,536,424 |
| | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 23,519,193 | 12,214,733 |
| Féichiúnaithe agus ioncam fabhraithe | 606,354 | 459,896 |
| Stoc | 66,045 | 111,325 |
| Réamhíocaíochtaí | 157,045 | 216,022 |
| | 24,348,637 | 13,001,976 |
| | | |
| **Creidiúnaithe** | | |
| **(Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)** | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | (9,420,177) | (7,229,073) |
| | | |
| **Glansócmhainní Reatha/(Dliteanais)** | 14,928,460 | 5,772,903 |
| | | |
| **Sócmhainní Iomlána roimh Pinsin** | 16,443,186 | 8,309,327 |
| | | |
| Maoiniú Iarchurtha Pinsin | 18,073,000 | 18,057,000 |
| Dliteanais Phinsin | (18,073,000) | (18,057,000) |
| **Glansócmhainní Iomlána** | **16,443,186** | **8,309,327** |
| | | |
| **Léirithe sa** | | |
| **Chuntas Caipitil** | 1,514,726 | 2,536,424 |
| **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais** | 14,928,460 | 5,772,903 |
| | **16,443,186** | **8,309,327** |

# An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre Ag Obair chun Saolta a Shábháil

**Ba mhaith leis an RSA buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí seo a leanas as a gcuid tacaíochta in 2010:**

Advance Pitstop
An Garda Síochána
An Post
Automobile Association
Britax
BRí
Bus Éireann
Coach Tourism and Transport Council
An Coimisiún um Rialáil Tacsaithe
Ospidéal Ollscoil Chorcaí
Coistí Contae um Chúram Leanaí
Rothaíocht Éireann
Cycling.ie
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (Clár Idirbhliana)
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
Roinn Comhshaoil Thuaisceart Éireann
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
An Roinn Iompair
Bus Átha Cliath
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath
BSL
Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC)
Fleet Magazine
Cumann Peile na hÉireann (FAI)
Scoileanna Glasa
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA)
Irish Farmers Journal (IFJ)
Comhlachas Tarlú Bóthair na hÉireann (IRHA)
Cumann Rugbaí na hÉireann (IRFU)
Údaráis Áitiúla
Bord Eolaíochta Ríomhaireachta Rialtais Áitiúil
M50 Concessions
MEAS
Na Meáin
An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre (MBRS)
Met Éireann
Mid West Radio
Muintir na Tíre
Fóraim Náisiúnta Pobail
An tOspidéal Náisiúnta Athshlánúcháin, Dún Laoghaire
An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta
An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI)
No Names Club
O'Brien Press
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann
PARC
Responsible Young Drivers (YTD)
Reynolds Logistics Ltd
Oifigigh um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Údaráis Áitiúla
Road Safety Together
Roscommon Herald
Féile Rós Thrá Lí
Setanta Insurance
Taisteal Níos Cliste
Cumann Thionscal Mótar na hÉireann (SIMI)
Sunday Independent
Coláistí Tríú Leibhéal
Siopa Naíonán Tony Kealy
Topaz
Coláiste na Tríonóide
Aontas na Mac Léinn in Éirinn
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC)
Volvo
Westward Scania
Grúpaí Oibre

Ag Obair chun Saolta a Shábháil

An tÚdarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre

Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
íosghlao: 1890 50 60 80 facs: (096) 25252 rphost: info@rsa.ie láithreán gréasáin: www.rsa.ie